


Cúrsaí an Dlí Teaghlaigh

Imleabhar 1

Uimh 3

Fómhar 2007



**Sásamh
a lorg sa
Chúirt Dúiche**



COURTS SERVICE
An tSeirbhís Chúirteanna

mcsherry

Clár na nÁbhar

Fócas ar an gCúirt Dúiche, leis an Dr Carol Coulter	1
Tuairiscí / An Chúirt Dúiche	
Lear ollmhór cásanna le héisteacht	2
CAOMHNÓIREACHT AGUS ROCHTAIN LEANAÍ A RIALÚ	
Comhchaomhnú tugtha don athair agus do na seantuismitheoirí	4
Iarratas caomhnóireachta ó athair neamhphósta curtha ar athlá	6
Moltar eadráin i gconspóid maidir le rochtain	8
Comhchaomhnóireacht á lorg ag athair	9
Féadfaidh athair cuairt a thabhairt ar a iníon i dteach a ghaoil	10
Fanann a leanbh leis an athair	12
FORFHEIDHMÍÚ ÍOCAÍOCHTAÍ COTHABHÁLA	
Teipeann ar athair cothabháil a íoc ar feadh 34 seachtain	14
Faigheann bean chéile cnapshuim agus íocaíocht sheachtainiúil	16
Déantar mian athar ar rochtain i lár na seachtaine a cheadú	17
Slánaíonn iarfhear céile cothabháil sheachtainiúil €300	18
Príosún mura ndéileáiltear le riaráistí de €3,000	18
Lorgaíonn máthair beirte íocaíochtaí ó thar lear	19
Máthair scartha ag lorg cothabhála nár íocadh	21
AG COSAINT CÉILÍ AGUS TUISMITHEOIRÍ	
Faigheann máthair neamhphósta ordú sábháilteachta dhá bhliain	22
‘Thug m’fhear céile greasáil dom cúpla uair’	23
Foláireamh tugtha d’fhear faoina iompar agus ordú cosanta fágtha i bhfeidhm ...	24
Má mhóthaíonn sí níos sábháilte leis an ordú, eisigh é, a deir an fear céile	25
Urchosc ón mbaile ar fhear a sháraigh ordú sábháilteachta	26
DÉILEÁIL LE SAINCHEISTEANNA EILE	
Pas ag teastáil ó mháthair le dul go dtí an Araib Shádach	28
Aontaíonn lánúin sloinne linbh a athrú	29
Tuairiscí / An Chúirt Chuarda	
Ag ullmhú cásanna dlí teaghlaigh le héisteacht – cáschomhdháil i ngníomh	30
Díriú ar leas na leanaí agus maoin an teaghlaigh á roinnt	37
Coinníonn athair rochtain faoi mhairseacht	40
Buann bean chéile ceart cónaithe sula dtosaíonn caingeán colscartha	41
Faigheann bean a d’fhág an baile 20 bliain roimhe sin €25,000	42
‘Tá sé de cheart ag leanbh a mháthair a fheiceáil’	44
Staitisticí agus Treochtaí, An Chúirt Chuarda	
Rátaí éagsúla socraithe ag Cúirt Chuarda an Iardheiscirt	47
Breithiúnais / Dara hiarrachtaí / Ard-Chúirt	
Teipeann ar bhean cnapshuim eile a fháil i ndiaidh a colscartha	53
Teipeann ar fhear caingeán a iarpháirtí faoi shócmhainní a chosc	56
Tuairim agus anailís / Idirghabháil	
D’fhéadfaí níos mó conspóidí a chur chun eadrána le Karen Erwin	58

Creidiúintí

Arna chur in eagar ag
Carol Coulter

Arna fho-chur in eagar ag
Therese Caherty

Léaráidí le
Kevin McSherry

Cairteacha agus táblaí le
www.gsdc.net

Ba iad na daoine seo a leanas a
thiomsaigh na tuarascálacha:

Jackie Byrne BL, Laura Cahill

BL, Susan Casey BL, Cliona

Cassidy BL, Carol Coulter,

Oisín Crotty BL, Mark Finan

BL, Niamh Ginnell BL, Marie

Gordon BL, Kevin Healy BL,

Fiona Kilgarraff BL, Barbara

McEvoy BL, Ferga

McGloughlin BL, Ailionora

McMahon BL, Antonia Melvin

BL, Richael O’Driscoll BL,

Sheila O’Riordan BL and

Caroline Timmons BL

Grianghraif le caoinchead ón

tSeirbhís Chúirteanna agus The

Irish Times

Obair ealaíne le
www.gsdc.net

Arna chlóbhualadh ag
Brunswick Press

Foilsíonn an tSeirbhís

Chúirteanna *Cúrsaí an Dlí*

Teaghlaigh, agus tá sé ar fáil ón

Oifig Eolais, An tSeirbhís

Chúirteanna, 6ú hUrlár, Teach

an Fhionnuisce, Margadh na

Feirme, Baile Átha Cliath 7.

Tá sé ar fáil freisin ó láithreán

gréasáin na Seirbhíse

Cúirteanna www.courts.ie

Fócas ar an gCúirt Dúiche

Seo é an tríú heagrán de *Cúrsaí an Dlí Teaghlaigh*, a fhoilsítear mar chuid den Treoirhionscadal chun Dlí Teaghlaigh a Thuairisciú a thionscain An tSeirbhís Chúirteanna i mí Dheireadh Fómhair 2006. Baineann an tionscadal le tuarascálacha, breithiúnais, treochtaí agus staitisticí a sholáthar do chásanna dlí teaghlaigh a bheidh úsáideach do na breithiúna, do chleachtóirí dlí agus don phobal i gcoitinne. Déanann Cúrsaí an Dlí Teaghlaigh iarracht an fhaisnéis seo a chur i láthair ar bhealach atá inrochtana agus atá áisiúil don léitheoir.

Tá breis ábhair clúdaithe an babhta seo, a bhuíochas le tuairisceoirí breise atá tagtha ar bord sa tionscadal le déanaí. Is ó ghrúpa na ndlíodóirí nua-cháilithe atá cheana féin i dteideal freastal ar imeachtaí dlí teaghlaigh faoin Acht um Dhliteanas Sibhialta agus Cúirteanna, 2004 a thángthas ar na tuairisceoirí breise seo.

Tagann siad freisin faoi raon na Rialachán a rinne an tAire Dlí agus Cirt, an tUasal McDowell, tar éis achtú an Achta 2004. Rinne siad seo na daoine a liostáil atá i dteideal freastal ar imeachtaí dlí teaghlaigh faoin Acht, chomh maith le habhcóidí agus dlíodóirí, agus chuimsíodar seo daoine a bhí bainteach leis an tSeirbhís Chúirteanna maidir le tuarascálacha a ullmhú ar chúrsaí dlí teaghlaigh. Mar chuid den tionscadal píolótach chun dlí teaghlaigh a thuairisciú, caithfidh siad ar fad cloí leis an Dréacht-Phrótacal um Thuairisciú sa Dlí Teaghlaigh, a ceapadh chun neamhainmníocht na bpáirtithe a chosaint mar a bhaineann le himeachtaí dlí teaghlaigh.

A bhuíochas lena rannpháirtíocht bhíothas ábalta imleabhar suntasach de thuarascálacha ón gCúirt Dúiche a fhoilsiú agus bhí páirt acu i dtuarascálacha faoi leith eile a ullmhú chomh maith. Éistear le formhór na n-iarratas faoi chásanna leanúnacha faoi aighnis dlí teaghlaigh – foréigean baile, caomhnóireacht, caomhnóireacht agus rochtain ar leanaí, cothabháil – sa Chúirt Dúiche a rinne beagnach 21,000 iarratas mar iad a phróiseáil an bhliain seo caite.

Nuair a bhí an t-eagrán seo á ullmhú, bhí an Ard-Chúirt ag scrúdú cheart an athar neamhphósta maidir le caomhnóireacht a leanaí i gcomhthéacs cás fuadaigh linbh. Ní raibh caomhnóireacht faighte aige roimhe sin, ach bhí iarratas déanta aige nuair a baineadh a leanaí ón dlínse. Tá tuairisc ar an gcás ina iomláine in áiteanna eile, ach déanaimid roinnt cásanna samplacha d'iarratais mar seo a fhoilsiú, de réir mar a tharlaíonn siad gach lá sa Chúirt Dúiche.

Caithimid súil siar freisin ar dhul chun cinn cásanna. Inár gcéad eagrán, thug Cláráitheoir Contae Luimnigh, Pat Meghen, cur síos ar thionscadal píolótach ina limistéar féin ina ndearna sé cruinnithe cáschomhdhála a thionól le hataruaetha agus/nó a gcuid cliant chun ceisteanna faoi chonspóid a leithlisiú sula ndeachaigh an cás chun trialach. Rinne na páirtithe éagsúla iarracht aontú ar an oiread

ceisteanna agus ab fhéidir agus dul chun cinn a dhéanamh ar cheisteanna eile amhail tabhairt ar aird doiciméad. Bhí mé i láthair ag cuid de na cruinnithe seo agus rinne mé breithniú ar chásanna a bhí á dtabhairt chun críche sa chúirt. Déantar cur síos ar an bpróiseas san eagrán seo. Bhí orm imeacht roinnt bheag ón ngnáthchleachtas agam gan cúirteanna lasmuigh de Bhaile Átha Cliath agus Corcaigh a ainmniú, ach ní fhéadfaí seo a sheachaint agus cloíodh leis an dréacht-phrótacal i gcónaí.

Cuimsítear breithiúnais san eagrán seo, cosúil leis an dá cheann atá díreach luaite, ceann amháin ón gCúirt Chuarda agus ceann amháin ón Ard-Chúirt agus anailís staitistiúil ar orduithe Chuaird an Iardheiscirt. Chomh maith leis sin, rinne mé rannpháirtíocht na ndaoine a bhfuil ionchur acu sa chóras dlí teaghlaigh a fhoilsiú mar is gnách, cé go bhféadfaí nach bhfuil baint dhíreach acu leis na leis na cúirteanna. In eagrán a dó, léirigh an tOmbudsman um Pinsin na fadhbanna ar féidir a bheith ann ag eascairt as orduithe coigeartaithe pinsin agus conas déileáil leo. Tá athas orainn alt le Karen Erwin a fhoilsiú san eagrán seo, uachtarán ar Fhoras Eadránaithe na hÉireann (Mediators Institute of Ireland), ina ndéanann sí a mheas cén fáth nach n-úsáidtear an próiseas eadrána níos mó agus conas dul i ngleic leis seo.

Dr Carol Coulter

Lear ollmhór cásanna le héisteacht

Faightear réiteach ar fhor mhór na gconspóidí teaghlaigh in Éirinn sna Cúirteanna Dúiche – rinneadh beagnach 20,900 iarratas dlí teaghlaigh a phróiseáil sa bhliain 2006 amháin. Tugann na tuairiscí seo a leanas forléargas áirithe ar imeachtaí laethúla sa réimse fíorghníomhach seo, a scríobhann **Carol Coulter**

Bíonn na Cúirteanna Dúiche ag déileáil le líon ollmhór d'iarratais dlí teaghlaigh gach bliain, agus mórán díobh seo a bhaineann le lánúineacha nach bhfuil pósta agus a gcuid leanaí. Cuimsíonn siad seo iarratais ar chaomhnóireacht ó aithreacha neamhphósta, caomhnóireacht agus rochtain, go hiondúil ach ní i gcónaí ó aithreacha, agus cothabháil linbh go hiondúil ó mháithreacha.

Téann lánúineacha pósta chuig an gCúirt Dúiche uaireanta, nuair atá colscaradh nó idirscaradh breithiúnach ar feitheamh agus go bhfuil orduithe eatramhacha á lorg acu do leanaí agus ceisteanna cothabhála, nó nuair atá colscaradh nó idirscaradh breithiúnach ceadaithe sa Chúirt Chuarda agus go ndéantar ceisteanna caomhnóireachta, rochtana agus cothabhála a atreorú chun na Cúirte Dúiche.

Sa bhliain 2006, as 5,027 iarratas ar chaomhnóireacht agus rochtain sa Chúirt Dúiche, ceadaíodh 3,453 agus rinneadh 1,417 a tharraingt siar nó a scriosadh amach. Níor diúltaíodh ach do 157, thart ar 3 faoin gcéad.

Den 1,742 iarratas ar chaomhnóireacht ó aithreacha neamhphósta, bhí 1,268 ceadaithe agus rinneadh 432 a tharraingt siar nó a scriosadh amach. Diúltaíodh do dhaichead agus a dó iarratas, nó 2.5 faoin gcéad.

Rinneadh 4,207 iarratas ar chothabháil, agus bhain 2,652 le lánúineacha neamhphósta. Cé gur ceadaíodh 2,909, rinneadh 1,204 a tharraingt siar nó a scriosadh amach agus diúltaíodh do 94. San iomlán, rinneadh 10,976 iarratas maidir le leanaí go príomha sa Chúirt Dúiche an bhliain seo caite.

An príomhréimse eile d'iarratais sa Chúirt Dúiche maidir le cúrsaí dlí teaghlaigh ná foréigean baile inar féidir leis an gCúirt Dúiche roinnt orduithe a dhéanamh le céile a chosaint, comhpháirtí neamhphósta atá in aontíos

céileachais, nó tuismitheoir le leanbh fásta a chosaint ó fhoréigean, ó bhagairt an fhoréigin nó ciapadh.

Is iad na horduithe ná: ordú urchoisc a chuireann cosc ar an duine lena bhfuil an t-ordú á dhéanamh ina gcoinne áras an teaghlaigh a iontráil nó bagairt a dhéanamh ar chéile/chomhpháirtí nó duine eile den teaghlach; ordú urchoisc eatramhach ar féidir a thógáil amach d'uireasa an duine atá i gceist ar feitheamh iarratais ar éisteacht iomlán – is gá dó seo tarlú laistigh d'achar gearr; ordú sábháilteachta a chuireann cosc ar dhuine foréigean a úsáid nó a bhagairt in áras an teaghlaigh, ach go bhfanfadh sé/sí in áras an teaghlaigh; agus ordú cosanta ar feitheamh iarratais ar ordú urchoisc.

Sa bhliain 2006, rinneadh 9,924 iarratas faoin Acht um Fhoréigean Baile, ba le haghaidh orduithe eatramhacha urchoisc 605 díobh agus ceadaíodh 544, rinneadh 35 a tharraingt siar nó a scriosadh amach agus diúltaíodh do 26. Rinneadh 3,132 iarratas ar orduithe urchoisc, agus ceadaíodh 1,357 (níos lú ná leath), agus rinneadh níos mó ná leath (1,682) a tharraingt siar nó a scriosadh amach. Diúltaíodh do nócha agus a trí, thart ar 3 faoin gcéad.

Bhí an pátrún céanna i gceist le hiarratais ar orduithe sábháilteachta mar a ndearnadh 3,050 iarratas, agus díobh sin ceadaíodh 1,221 agus scriosadh 1,726 amach. Diúltaíodh do 103.

Rinneadh sciar i bhfad níos airde d'orduithe cosanta a cheadú, ach mar sin féin, as an 3,137 iarratas a rinneadh, ceadaíodh 2,845. Ní raibh ach 193 tarraingthe siar nó scriosta amach agus diúltaíodh do 99.

Rinneadh 20,900 iarratas dlí teaghlaigh sa Chúirt Dúiche sa bhliain 2006 dá bhrí sin, de réir thuarascáil bhliantúil na Seirbhíse Cúirteanna, a bhí roinnte nach mór go cothrom ar cheisteanna a

Sa bhliain 2006, as 5,027 iarratas ar chaomhnóireacht agus rochtain, rinneadh 3,453 a cheadú, bhí 1,417 tarraingthe siar nó scriosta amach agus níor diúltaíodh ach do 157 iarratas, thart ar 3 faoin gcéad.

bhain le foréigean baile agus iarratais a bhain le leanaí. Níl aon bhealach le bheith cinnte ó na staitisticí reatha cá mhéad acu seo a bhain leis an gconspóid teaghlaigh chéanna nó cé acu na hiarratais athdhéanta nó malartacha - ach bhí sé seo i gceist le cuid acu. In ainneoin sin uile, léiríonn siad an líon ollmhór cásanna dlí teaghlaigh a dhéanann Cúirteanna Dúiche an Stáit a phróiseáil.

Ciallaíonn an líon ollmhór sin gur féidir 70 cás nó níos mó a bheith liostáilte ar lá amháin. Thaispeáin breitheamh amháin i mbaile comaitéarachta a chuid liostaí don tréimhse do thuairisceoir dlí teaghlaigh, ag léiriú nach raibh 70 iarratas in aon lá amháin eisceachtúil ar chor ar bith. Dúirt an breitheamh seo gur imigh sé tríd an liosta agus gur tugadh uimhir nua d'iarratas ar bith a thógfadh níos lú ná cúig nóiméad agus go dtabharfaí aghaidh orthu láithreach, roimh na nithe a mbeadh éisteacht níos faide ag baint leo. Déileáladh leis na nithe sin a thóg níos faide san iarnóin.


Ní raibh sé seo sásúil, a dúirt sé, toisc go bhféadfadh 30 cás a bheith i gceist d'éisteacht iomlán. B'éigean iad a chur ar athlá go minic, nó níor tugadh dóthain ama dóibh. Dúirt sé leis an tuairisceoir nach seirbhís shásúil a bhí anseo nuair a bhí saol daoine agus leas leanaí i gceist. Dá bharr seo ní fhéadfadh breithiúna tréimhse níos faide éisteachta a thabhairt do chásanna, a d'fhág daoine ag aireachtáil go raibh ceisteanna tábhachtacha a bhain lena saol nach raibh meas ag an gcóras cúirte orthu.

Is féidir na figiúirí thuas a chur i gcomparáid le 5,835 iarratas dlí teaghlaigh (colscaradh, idirscaradh breithiúnach agus neamhniú) sa Chúirt Chuarda agus 90 san Ard-Chúirt sa bhliain 2006. Bíonn cásanna mar seo níos casta go minic, le leithroinnt sócmhainní i gceist uaireanta, ach ní cóir dó seo aird a tharraingt ó go ndéileáiltear le formhór na gconspóidí teaghlaigh in Éirinn sa Chúirt Dúiche.

Tá mórán dlíthithe atá ag lorg chúnamh na cúirte i gconspóid dlí teaghlaigh, nó a thagann os a comhair mar fhreagróirí, gan aon ionadaí dlí. Bíonn siad ag brath ar bhaill foirne na Cúirte Dúiche chun cuidiú leo foirmeacha iarratais ar fhaoiseamh a chomhlánú agus chun faisnéis a fháil faoi chúnamh breise a fháil ón nGarda Síochána nó ón mBord um Chúnamh Dlíthiúil.

Tá 23 ceantar Cúirte Dúiche ann, agus d'fhéadfadh (lasmuigh de Dhúiche Chathrach Bhaile Átha Cliath) go gcuimseodh gach ceann suas le 13 suí Cúirte Dúiche ó am go chéile. Is féidir iarratais éigeandála dlí teaghlaigh a

Figiúr 1 Leanaí: Caomhnóireacht agus Rochtain



dhéanamh le haon cheann díobh, cé go bhfuil thart ar lá amháin in aghaidh na seachtaine i gcúirteanna na mórchathracha nach n-éistear ach le cásanna dlí teaghlaigh. I nDúiche Chathrach Bhaile Átha Cliath, tá trí go ceithre chúirt teaghlaigh atá ag suí go buan i dTeach an Charnáin i lár na cathrach.

Ní bheadh sé indéanta tuairisceoirí a bheith i láthair ón Tionscadal Píolótach chun Dlí Teaghlaigh a Thuairisciú ag gach éisteacht dlí teaghlaigh. Mar sin féin, níos luaithe sa bhliain, rinne an Tionscadal Tuairisceoireachta painéal de thuairisceoirí dlí teaghlaigh a thabhairt le chéile ó ghrúpa na ndlíodóirí nua-cháilithe. Tá leas bainte astu sna Cúirteanna Dúiche le roinnt míonna anuas.

Tá 22 Cúirt Dúiche cuimsithe eatarthu, in ndearnadh beagnach 400 cás a liostáil. Chríochnaigh beagnach aon trian de chásanna le comhaontú idir na páirtithe gan éisteacht chúirte agus cuireadh beagnach an uimhir chéanna ar athlá nó scriosadh amach iad. As na 156 cás, bhain 61 le ceisteanna cothabhála, 42 le cúrsaí caomhnóireachta, rochtana nó meascán díobh seo, 36 le foréigean baile, iarratais ó FSS maidir le leanaí i gcúram a bhí i gceist le 12, agus tháinig cúig chás faoi cheannteideal eile. Níor bhain ach líon beag cásanna le hiarratais iolracha.

Seo a leanas rogha de thuarascálacha maidir le cásanna conspóidte ón bpainéal tuairisceoireachta.

Tá mórán dlíthithe atá ag lorg chúnamh na cúirte i gconspóid dlí teaghlaigh gan aon ionadaí dlí agus tá siad ag brath ar an gCúirt Dúiche chun cuidiú a thabhairt dóibh

Caomhnóireacht agus Rochtain Leanaí a Rialú

Is cuid shuntasach d’obair na gCúirteanna Dúiche iad iarratais chaomhnóireachta, a thagann go minic le hiarratais ar choimeád nó conspóidí faoi rochtain.

Comhchaomhnú tugtha don athair agus do na seantuismitheoirí

Lorg athair caomhnóireacht a linbh i gCúirt Dúiche ó thuaidh. Bhí an buachaill ina chónaí lena sheantuismitheoirí ar thaobh a mháthar i rith na seachtaine agus bhí an deireadh seachtaine á chaitheamh aige lena athair i dTuaisceart na hÉireann.

Bhí máthair an linbh mar pháirtí le déanaí ag fear a ainmníodh ar liosta na gciontóirí gnéis cláraithe agus ghlac gardaí leis gur péidifileach atá ann. Tráthnóna amháin, bhí an mháthair lena leanbh a bhailiú ó chleachtadh peile, ach níor tháinig sí agus níl a mac tar éis í a fheiceáil ó shin. Bhí teach a tuismitheoirí fágtha aici, ina raibh cónaí uirthi féin agus a mac.

Bhí athair an bhuachalla ag déanamh iarratais ar chaomhnóireacht aonarach. Dúirt a dhlíodóir leis an mBreitheamh Sean McBride go raibh eagla ar a chliant go dtiocfadh an mháthair agus go mbeadh sí ag iarraidh a mac a fheiceáil arís agus go bhféadfadh, dá bharr sin, go mbeadh sé i gcomhlúadar péidifiligh.

Dúirt sé go raibh “eagla mhór” air dá bhfanfadh a mhac lena sheantuismitheoirí: “An inní is mó atá orm ná go dtiocfaidh an mháthair ar ais.”

Dúirt sé leis an mbreitheamh go raibh an seanathair an-mhór lena iníon [máthair an linbh] agus go raibh an seanathair i bhfad níos

cosantaí i leith a iníne ná i leith a gharmhic. Dúirt sé leis an gcúirt nach miste leis go dtabharfadh a mhac cuairt ar a sheantuismitheoirí, ach go raibh eagla air go ndéanfadh a iar-pháirtí iarracht teagmháil a dhéanamh leo agus go ngéillfidís dá héilimh, agus go gcuirfeadh sé sin a mhac i mbaol.

D’iarr an breitheamh air eolas a sholáthar maidir leis na socrúithe cónaithe a bhí beartaithe ag an athair dá ndéanfaí caomhnóireacht aonarach a cheadú dó. D’fhreagair sé gur chríochnaigh sé ag obair ag 5.30in, agus go dtabharfadh sé a mhac chun na scoile go gairid roimh 8r.n. agus go raibh clubanna bricfeasta sa scoil áitiúil.

Bhí cleachtadh peile agus cleachtadh CLG ann dhá uair in aghaidh na seachtaine tar éis na scoile agus grúpaí súgartha eagraithe ar na laethanta eile. Dúirt sé go raibh sé le pósadh an bhliain seo chugainn agus go mbeadh an triúr ag cónaí mar aonad teaghlaigh. Ghlac sé leis go mbeadh a mhac ag tosú i scoil nach raibh aithne ar dhuine ar bith air agus go mbeadh sé deacair dó.

Thóg an breitheamh fianaise ó na seantuismitheoirí ansin. Dúirt an seanmháthair go raibh mórán cairde ag a garmhac sa scoil agus sa chomharsanacht agus go raibh sé mar bhall de chlubanna áitiúla peile agus CLG.

“Tá inní réasúnta agus intuigthe ar mo

Bhí máthair an bhuachalla mar pháirtí ag fear a bhí liostáilte ar chliant na gciontóirí gnéis

chliant go gcuideodh d'fhear céile [an seanathair] le máthair an linbh rochtain a fháil air," a dúirt aturnae an athar. D'fhreagair an tseanmháthair: "Níl bealach ar bith go ligfinn di." Dúirt an seanathair ina theannta sin: "Níl teagmháil ar bith aici linn i láthair na huaire."

D'fhiafraigh an breitheamh díobh an raibh a n-iníon ag cónaí lasmuigh den dlínse. Níorbh eol dóibh a leithéid. Leag an breitheamh tábhacht ar eolas maidir le hionad cónaithe na máthar, agus dúirt sé nárbh fhéidir a bheith ag súil le cinneadh sula gcloisfí fianaise i dtús báire ó na gardaí maidir le hionad cónaithe an chomhpháirtí aici. Dúirt sé gur cheart dó fianaise a chloisteáil ón oibrí sóisialta chomh maith.

Roimh cheisteanna a iarraidh ar an leanbh gan na páirtithe a bheith i láthair, dúirt sé go raibh an dá pháirtí le moladh. Shonraigh sé go raibh an athair "fíorthiomanta" agus go raibh na seantuismitheoirí "grámhar, comhbhách agus cineálta" agus go bunúsach ag gníomhú mar

thuismitheoirí agus go mbeadh air a chinneadh a mheas go fíorchúramach ar an ábhar sin.

D'iarr an breitheamh ceisteanna áirithe ar an leanbh ansin. Ón gcomhrá seo, dúirt sé go raibh sé curtha in iúl go soiléir ag an leanbh gur theastaigh uaidh fanacht lena sheantuismitheoirí, ach gur mhaith leis cuairt a thabhairt ar a athair. Dúirt an breitheamh athuair go raibh tábhacht ar leith ag baint leis an áit "ina raibh comhpháirtí na máthar lonnaithe faoi láthair" a dhearbhu. Dúirt sé ina theannta sin gurbh é t-aon bhealach go bhféadfaí comhchaomhnóireacht a cheadú do na seantuismitheoirí ná dá n-aontóidís gan teagmháil a bheith acu lena n-iníon arís.

D'ordaigh an breitheamh go raibh tuarascáil Alt 47 le soláthar agus go raibh an cheist le cur ar athlá agus le lua an mhí dar gcionn. Le toiliú an dá pháirtí, cheap sé na seantuismitheoirí agus an t-athair ina gcomhchaomhnóirí agus rinne sé ordú breise go raibh comhchaomhnóireacht eatramhach le bronnadh ar na seantuismitheoirí agus ar an athair.

Shonraigh sé nár chóir go mbeadh teagmháil ag na seantuismitheoirí lena n-iníon ná lena páirtí reatha.

Iarratas caomhnóireachta ó athair neamhphósta curtha ar athlá

‘Tá inní orm go bhfuil leas á bhaint as an leanbh seo mar liathróid peile’

D’iarr athair neamhphósta caomhnóireacht ar a mhac óg i gCúirt Dúiche sa cheantar lártíre. Ní raibh sé féin agus máthair an linbh ina lánúin a thuilleadh agus nach raibh siad le chéile ó rugadh an leanbh. Dúirt sé go raibh cliste ar an gcaidreamh ina iomláine.

Dúirt se leis an mBreitheamh Oliver McGuinness go ndearnadh an leanbh a bhaint ón ospidéal gan a eolas ná a thoiliú, go gairid tar éis na breithe. Fuair sé amach níos déanaí nach ndearnadh a ainm a thairfeadh ar theastas breithe, earráid a chur costas mór air chun é a chur ina cheart. Dúirt sé chomh maith leis sin go raibh sé féin agus a theaghlach eisiata ón mbaiste - rud a ghoill go mór ar a mháthair aosta.

Dúirt an t-athair nach raibh a mhac feicthe aige le breis agus ocht mí agus fiú amháin an babhta sin nach raibh cead aige ach achar gearr a chaitheamh leis i bhfórsheomra plódaithe óstáin. Dúirt sé gur ghoill sé seo go mór air agus ar a mhuintir go léir. Dúirt sé go raibh mórán iarrachtaí déanta aige le caidreamh sibhialta idir é féin agus máthair an linbh a athbhunú, ach bhraith sé gur chuir a muintir cosc air seo.

Dúirt sé go raibh inní air anois maidir le leas an linbh toise

nach raibh mórán ar eolas aige faoin leanbh nó cé a bhí ag déanamh cúraim de ar bhonn laethúil.

Dúirt an t-atornae a bhí mar ionadaí mháthair an linbh gur airigh a chliant agus a muintir faoi bhagairt agus ciaptha ag an iarratasóir. Thóg an cliant cás i gcoinne an athar i gcúirt eile ina bhfuarthas ciontach é i leith ionsaí uirthi agus bhí sé anois ag feitheamh ar phianbhreith.

Dúirt an breitheamh go raibh ceart ag an bhfear mar athair an linbh rochtain a fháil ar a mhac, ach dúirt sé go bhféadfadh a chuid iompraíochta dul i bhfeidhm ar a cheart rochtana.


Dúirt an Breitheamh McGuinness: “Is cuma liom faoi fhadhbanna duine fásta na fhreagróirí, níl suim agam ach i leas an linbh agus tá inní orm go bhfuil leas á bhaint as an leanbh mar liathróid peile.”

Bhraith sé chomh maith nach raibh leas is fearr an linbh ar intinn ag ceachtar den dá pháirtí agus go raibh duine acu nach raibh ag gníomhú ar bhealach neamhleithleach. “Sibhse tuismitheoirí an linbh neamhurchóidigh seo agus is mór an náire don bheirt agaibh go bhfuil grá á dhiúltú don leanbh, cibé grá máthartha nó athartha,” a dúirt sé.

Chomhairligh an breitheamh don athair gur chóir dó atur nae a fhosú sa todhchaí lena chuid cásanna a throid sa chúirt. Mhínigh sé go raibh an cheist imithe ar aghaidh chomh fada sin, narbh fhéidir leis an costas ionadaíochta a chlúdach a thuilleadh.

Dúirt an breitheamh leis go ndéanfadh an chúirt eisceacht an babhta seo agus go rachaidís i dteagmháil leis an mBord um Chúnadh Dlíthiúil ar a shon. Chuir sé an cheist ar athlá ansin ar feitheamh thoradh na pianbhreithe agus chun ceadú don fhear ionadaíocht dhlíthiúil a dhaingniú dó féin.

Figiúr 2 Leanaí: Caomhnóireacht



Iomlán: 1,742

- Deonaíodh
- Tarraingthe siar nó scriosta amach
- Diúltaíodh

Go hAchomair

Rochtain á lorg ag athair le cinntiú go bhfaigheann sé an sochar linbh

I gCúirt Dúiche bhruachbhailteach, tháinig tuismitheoirí le buachaill 15 bliana d’aois os comhair na cúirte lena mac ag lorg athruithe ar orduithe cothabhála agus rochtana. Chuir an Breitheamh Brian Joseph Sheridan in iúl nach cóir ach an mháthair agus an t-athair a bheith i láthair sa chúirt. Tar éis don ógánach an chúirt a fhágáil, dúirt an t-athair seachas an chothabháil sheachtainiúil de ?65 in aghaidh na seachtaine a íoc gur mhian leis suim mhíosúil a íoc ar an gcéad Déardaoin tar éis a phá a fháil.

Ghlac an mháthair leis seo agus rinne an breitheamh ordú le toiliú, ag treorú don athair ?281.66 in aghaidh na míosa a íoc.

Nuair a iarradh air faoin rochtain bhreise a bhí á lorg aige, dúirt an t-athair go raibh sé ráite ag a mhac leis sé seachtaine ó shin gur mhian leis breis ama a chaitheamh leis.

Bhí sé luaite san ordú rochtana bunaidh go gcaithfeadh an leanbh gach dara deireadh seachtaine lena athair agus go raibh rochtain ar bith eile le haontú idir na páirtithe. Athraíodh an t-ordú sin chun go mbeadh

comhchaomhnóireacht acu ar a mac.

Nuair a ceistíodh é in athuir maidir le cúrsaí rochtana, d’fhreagair sé gur mhaith leis rochtain a bheith aige ar iocaíochtaí sochair linbh agus dá bhrí go mbeadh ordú de dhíth air a cheadódh caomhnóireacht an mhic dó ar feadh níos mó ná 16 lá in aghaidh na míosa.

Dúirt an mháthair nach raibh sí sásta leis an iarratas seo. Dúirt sí nár chuir sí stop riamh lena mac a athair a fheiceáil agus nach raibh gá le hathrú a dhéanamh ar an ordú reatha. Chomh maith leis sin, dúirt sí go raibh an t-iarratas á dhéanamh aige mar gur theastaigh airgead uaidh agus ní chun leasa is fearr a mhic. Mar fhreagra, duit an t-athair gur mhian leis a chinntiú go gcaithfí an t-airgead ar a mhac.

Thug an breitheamh treoir go bhfágfaí an t-ordú mar a bhí, ag rá: “Is cosúil go bhfuil sé fíor-réasúnta. Níl an mháthair ag cur i gcoinne go bhfeicfeadh an t-athair a leanbh. Nílím ag iarraidh go mbainfí an sochar linbh ón mháthair.”

Cuireann neamhláithreacht na máthar moill ar iarratas rochtana

I gCúirt Dúiche Bhaile Átha Cliath, d’iarr seanmháthair, a bhí ag déanamh ionadaíochta ar a son féin, rochtain ar a garleanbh a bhí ocht mbliana d’aois. Dúirt an Breitheamh Aingeal Ní Chondúin go raibh imní uirthi faoi mháthair an linbh, nach raibh i láthair, agus nach ndearnadh í a sheirbheáil i gceart leis na toghairmeacha cúirte.

Dúirt an tseanmháthair gurb é a mac athair an linbh agus go raibh an mháthair neamhsheasmhach ó thaobh a meabhair de. “Is andúileach hearóine í agus ní thógann sí a meatadón.” Dúirt sí ina theannta sin go raibh comhchaomhnóireacht ag an athair ach nach raibh an leanbh feicthe aige toisc “go ndearna an mháthair éileamh gur bhain athair an linbh (an garleanbh) míúsáid aisti dhá bhliain ó shin, bhí ná líomhaintí seo go hiomlán bréagach... Is cosúil go bhfuil

bealach éalaithe dlíthiúil ar eolas aici [an mháthair].”

Dúirt an breitheamh: “Táim fíor-chomhbháúil. An deacracht atá ann ná dá ndéanfainn ordú, teastaíonn uaim go mbeadh sé infhorfheidhmithe. Níl rud ar bith a léiríonn go ndearnadh toghairmeacha a sheirbheáil uirthi, agus ní chuimsíonn an comhad fianaise seirbhíse.”

Dúirt an tseanmháthair: “Tá fianaise agam, tá facsanna agam ó na seirbhísí sóisialta, deir an scoil go bhfuil sí [an gariníon] salach agus boladh uaithi... táim ar na cosa deiridh; táimid siar agus aniar ag an gcúirt le hocht mbliana nó mar sin.”

Dúirt an breitheamh go raibh an mháthair le bheith os comhair na cúirte i gceann trí seachtaine agus chuir sí iarratas na seanmháthar ar athlú go dtí an dáta sin.

Moltar eadráin i gconspóid maidir le rochtain

Cuireadh cás inar theastaigh ó athair ordú rochtana a fhorfheidhmiú, a chuir trí mhac san áireamh, ar athlá ionas go bhféadfadh aturnae na mná céile treoracha níos sonraithe a fháil. Rinne an fear ionadaíocht thar a cheann féin nuair a atosáíodh an cás i gCúirt Dúiche bhruachbhailteach os comhair an Bhreithimh Murrugh Connellan.

Dúirt sé leis an gcúirt nach raibh rochtain aige ó dheireadh mhí Márta, cé go raibh sé i láthair ag searmanas na Comaoineach Naofa. ‘Is í an fhadh b a bhí ann, a dúirt sé, ná an áit bailithe. Bhí an cheist os comhair na cúirte roinnt babhtaí agus rinneadh ordú rochtana a dheonú a cheadaigh rochtain thar oíche ó Dé Sathairn 6 i.n. go dtí Dé Domhnaigh 6 i.n.

Dúirt sé: “Dúirt aturnae an fhreagróra liom na buachaillí a bhailiú ag 4i.n. seachas 6i.n., ach nuair a chuaigh mé chuig teach na deirfear ní raibh ann ach teannas agus ar deireadh ní thioctadh na buachaillí ar fad liom. Níl an mac is óige, ag a bhfuil deacrachtaí, feicthe agam ó mhí Mheán Fómhair seo caite i leith.”

Nuair a atosáíodh an cás, éisteadh le fianaise ón dá pháirtí. Mhíniigh an t-athair go ndearnadh ordú rochtana eatramhach sa bhliain 2007, a cheadaigh rochtain thar oíche amháin dó leis an triúr buachaillí gach deireadh seachtaine. Dúirt sé go raibh ceisteanna suntasacha fós ann idir é féin agus a bhean chéile agus go raibh teiripe faighte aige leis féin le roinnt míonna anuas. Shíl sé go mb’fhéidir go gcuideodh comhairleoireacht leo aontú ar cheisteanna maidir leis na leanaí ar bhealach níos cairdiúla, agus dá bhrí sin bhí FSS ag seoladh cuireadh amach chucu chun freastal ar ranganna tuismitheoireachta.

Dúirt sé, in ainneoin an ordaithe, nach bhfaca sé an mac is óige leis, a bhí sé bliain d’aois agus a bhfuil siondróm Asperger aige, ó mhí Meán Fómhair seo caite. Dhiúltaigh an dara mac leis, a ndearnadh diagnóisiú le NHEA (ADHD), titimeas agus tréithe uathacha air le déanaí, dul agus fanacht leis thar oíche.

“Leanann sí ag cur i mo leith go bhfuil an t-ordú á sháru agam agus nach dtagaim chun iad a phiocadh suas ó theach an deirfear, ach i mí Márta chuir mé fios ar na Gardaí mar fhinnéithe ar litir a dúirt go raibh mé ansin agus go raibh

mé ag iarraidh mo pháistí a fheiceáil,” a dúirt sé. “Tá sí ag sáru an ordaithe, agus sin an fáth gur eisigh mé na toghairmeacha.”

Dúirt sé go mb’fhéidir go bhféadfadh rochtain tarlú in athuair le Domhnach amháin gach mí agus a athair ag bailiú na leanaí.

D’fhreagair an mháthair go mbíonn na buachaillí, go háirithe an duine is óige, “ag screadaíl agus ag screadaíl an t-am ar fad. Ní theastaíonn uaidh imeacht... Bíonn faoiseamh ar na páistí nuair nach dtagann sé. Rinne mé iarracht iad a spreagadh ach níl siad ag iarraidh.” Dúirt sí go raibh dialann coinnithe aici agus go raibh sí ag teach a deirfear gach babhta ag fanacht leis agus is féidir lena deirfiúr é seo a dhearbhu. Ní bhfuair sí cúnaimh ar bith ón athair don dara leanbh, atá naoi mbliana d’aois, don mheasúnú ar a chuid riachtanas tar éis dó diagnóisiú a fháil. Ní dhéanadh sé an fhoirm toilithe a shíniú.

Dúirt an breitheamh: “Tar éis dom an tuarascáil a léamh, is féidir liom a fheiceáil nach drochthuismitheoir ceachtar den bheirt agaibh, ach le chéile tá patrún deighilteach sroichte agaibh, sibh i mbun troda, agus cruthaíonn sé seo an-deacrachtaí do na páistí nuair atá siad ag fás aníos. Tá freagracht ar leith oraibh toisc go bhfuil leanaí agaibh le riachtanais speisialta. Caithfidh sibh comhoibriú lena chéile nó déanfar damáiste mhothálach do bhur leanaí. Tugann siad coimhlint ar bith faoi deara maidir le cúrsaí rochtana agus freagraíonn siad dá réir.”

Mhol sé dóibh freastal ar eadráin agus a geuid féineachtaí féin a chur ar leataobh ar mhaithe leis na leanaí. “Beidh an bhéim ar chomhaontú. Tá córas na cúirte rósháraíoch le rith chuige i gcónaí maidir le leas bhur leanaí.”

Ní athródh sé orduithe ar bith agus d’fhan cúrsaí rochtana mar a bhí, ach bhí sé ag súil go mbeadh aontú eatarthu ar an mbealach is fearr leis seo a bhainistiú. “Níl aithne agam oraibh ná ar bhur leanaí agus tá sibh ag iarraidh orm cinntí forleathana a dhéanamh fúthu, nuair is tuismitheoirí sibh atá cliste agus ábalta. Tá an seans céanna go gclisfeadh ar aon ordú a dhéanfainn agus atá ann leis an gceann reatha, go dtí gur féidir leis an mbeirt agaibh foghlaim conas teacht ar chomhaontú agus comhoibriú lena chéile.”

‘Beidh an bhéim ar chomhaontú. Tá córas na cúirte rósháraíoch le rith chuige... maidir le leas bhur leanaí’

Athair ag iarraidh comhchaomhnóireachta

D'iarr athair neamhphósta, a rinne ionadaíocht ar a shon féin, comhchaomhnóireacht dá bheirt mhac a bhí in aois a cúig agus 12. Dúirt sé go ndearna sé iarracht i gcónaí a bheith ina athair maith agus gur mhair an caidreamh leis an mháthair ar feadh roinnt blianta go dtí “go bhfuair sí duine eile”.

D'iarr an Breitheamh Gerard Haughton ar faoin rochtain reatha ar na leanaí. “Dé Céadaoin agus gach dara deireadh seachtaine thar oíche,” a d'fhreagair sé.

Maidir le cúrsaí oibre, dúirt sé “Táim ar shochar míchumais. Táim ag fulaingt le scitsifréine.” Bhí sé ag tógáil cógais agus bhí sé rialaithe go maith le dhá bhliain anuas. Níor tugadh fianaise leighis ar bith.

Nuair a iarradh air cén fáth ar theastaigh uaidh go gceapfaí mar chaomhnóir é, d'fhreagair sé: “Da dtarlódh aon rud di [an mháthair] ba mhaith liom mo chuid paistí a bheith agam agus tionchar a bheith agam ar a saol. D'fhéadfainn foirmeacha a shíniú dá dtarlódh rud ar bith, dá mbeadh orthu dul chun an ospidéal nó rud ar bith.”

Nuair a d'fhiafraigh aturnae na máthar de an raibh sé eolach go raibh fadhbanna ag na leanaí, dúirt sé gur bh eol dó go raibh ceist i leith an linbh is sine “toisc gur scaramar óna chéile” agus dúirt sé ina theannta sin go raibh measúnú déanta ag síciatraí ar an mac is sine agus dúirt sé go raibh an mac ceart go leor.

Dúirt aturnae na máthar nár chuir an t-athair aon chothabháil ar fáil dá leanaí, toisc go raibh sé ar shochar míchumais go fadtéarmach. Dúirt an breitheamh nárbh chúinse í cothabháil i gcúrsaí caomhnóireachta agus “nach rud í ar féidir í a chur ina choinne...Má tá sé ar shochar míchumais tá scrúdú leighis déanta air”. Dúirt sé maidir le leas sóisialach: “cothú atá i gceist... ní féidir cáineadh a dhéanamh maidir le neamhiocaíocht ó liúntas cothaithe”.

D'fhiafraigh aturnae na máthar an raibh an leanbh is óige dóite aige le toitín, ach mhaigh sé gur timpiste a bhí i gceist toisc go raibh toitín ina bhéal nuair a “léim an leanbh ó mo ghéaga agus bhuail an toitín é”.

Chuir an mháthair i gcoinne go ndéanfaí caomhnóir de toisc go raibh drochthionchar

aige ar fhorbairt oideachais agus reiligiúnach na leanaí:

“Athraíonn sé a aigne...airím nach ndéanann sé cinntí cearta...Bíonn sé isteach agus amach ó shaol na leanaí.”

Dúirt sí gur rugadh ar a mac ag díol nithe a fuair sé óna athair agus go ndúirt an príomhoide ag scoil an mhic a bhí níos óige go ndéanann an t-athair an leanbh “a phlúchadh le smaointe”. Dúirt an Breitheamh Haughton go raibh sé “fíor-mhíchothrom” a chur i leith an athar go ndearna sé earraí goidte a láimhseáil nuair nach raibh an méid seo luaite ina chuid fianaise agus an méid a bhí ráite ag príomhoide scoile a lua nuair nach raibh an duine sin i láthair leis an bhfianaise a thabhairt.

Bhí mionnscribhinn sínithe ag an mháthair ag rá go bhféadfadh sé cúram a dhéanamh de na leanaí.

Cheap an Breitheamh Haughton an fear mar chomhchaomhnóir ag rá: “Níl cloiste agam uithi [an mháthair] ach meabhraíocht agus claontagairtí.”

Bhí an mháthair trína chéile agus í ag fágáil na cúirte agus dúirt sí leis an mbreitheamh: “Má tharlaíonn rud ar bith do mo leanaí tá súil agam gur féidir leat maireachtáil leis.” D'ordaigh an breitheamh í ar ais chun na cúirte agus ghabh sí leithscéal, ag rá go raibh sí trína chéile.

D'fhreagair an Breitheamh Haughton: “Is féidir leat a bheith trína chéile. Mura n-aontaíonn tú le mo chinneadh, is féidir leat achomharc a dhéanamh. Ní féidir leat ar chúinse ar bith a rá go bhfuilim freagrach as do chuid leanaí. Tusa an duine atá freagrach. Tusa an duine a shínigh an mionnscribhinn.”

Cothú atá i gceist le ‘leas sóisialta’... ní féidir cáineadh a dhéanamh maidir le neamhiocaíocht ó liúntas cothaithe’

Féadfaidh athair cuairt a thabhairt ar a iníon i dteach a ghaoil

*‘D’athair? An fear a ionsaíodh agus lenar ciontaíodh é?
An bhféadfaimís a bheith réadúil más é bhur dtoil é?’*

Chuala an Breitheamh Bridget Reilly iarratas ar chaomhnóireacht agus rochtain ó athair neamhphósta le cailín a bhí 10 mí d’aois agus nach raibh sé tar éis í a fheiceáil riamh. Mhair an caidreamh idir an lánúin ar feadh trí mhí agus scar siad óna chéile nuair a bhí máthair an fhreagróra torrach.

Dúirt an Breitheamh leis an athair, cé gur ansmaoineamh a bhí ann d’athair a bheith ina chaomhnóir, ní raibh aon cheart aige mar athair neamhphósta de réir an Bhunreacht. Dúirt sí go raibh an mháthair ag cur ina aghaidh.

Dúirt an mháthair leis an mbreitheamh go raibh sí ocht mbliana déag d’aois agus gur rugadh leanbh léi an bhliain seo caite. Dúirt sí lena habhcóide: “Tháinig sé chun an tí ar meisce agus rinne sé an doras tosaigh a bhrú isteach. Rinne sé ionsaí ar m’athair. Bhí beirt chara leis. D’ionsaigh sé mo mháthair chomh maith. B’éigean dúinn glaoch ar na Gardaí. Fuair sé ceithre mhí sa phríosún don ionsaí agus don díobháil choiriúil.”

D’fhiafraigh an Breitheamh Reilly de faoi na ciontaithe agus an raibh cinn eile aige. D’fhreagair sé go raibh na ciontaithe ionsaithe agus díobhála choiriúil ag eascairt as an eachtra chéanna agus go raibh dhá chion eile aige a bhain le cúrsaí tiomána. D’fhiafraigh sí cad a bhí le rá aige faoi líomhain maidir le cúrsaí drugaí. D’fhreagair sé nár bhain sé le drugaí ar chor ar bith agus go ndearna an mháthair é seo a lua le cosc a chur ar rochtain.

D’fhiafraigh an breitheamh de an raibh sé ag obair agus d’fhreagair sé go raibh sé ag obair mar phlástrálaí, cé nach raibh sé cáilithe i gceart, bhí sé ag obair sa réimse seo le ceithre bliana anuas.

D’fhiafraigh sí den mháthair cad iad moltaí rochtana a bhí aici. D’fhreagair sí gur theastaigh uathí go dtarlódh seo i dteach a dearthár agus go mbeadh a hathair i láthair. Dúirt an Breitheamh Reilly: “D’athair? An fear a ionsaíodh agus lenar ciontaíodh é? An bhféadfaimís a bheith réadúil más é bhur dtoil é?” Dúirt an t-athair nach mbeadh sé compordach lena hathair i láthair, ach d’fhiafraigh sé: “Má fhaighim rochtain i dteach a dearthár an mbeinn i seomra liom féin nó an mbeadh sé sa seomra in éineacht liom? Dá mbeadh sé i seomra eile ní bheadh fadhb ar bith agam.” Dúirt an breitheamh go ndéanfadh sí ordú rochtana eatramhach, ag tabhairt rochtana leath uair an chloig don athair ar an gcéad Satharn, ag méadú go dtí uair an chloig ar an dara Satharn. An t-aon duine eile a bhí le bheith i láthair ná seanathair an linbh agus ní raibh sé le bheith sa seomra gan chuireadh. Tharlódh an chuairt ag teach le huncail an linbh.

Rinne sí ordú cothabhála chomh maith a threoraigh don athair €100 in aghaidh na seachtaine a íoc isteach i gcuntas bainc na máthar. Theastaigh uathí gach páirtí a fheiceáil sa chúirt arís i mí Iúil le feiceáil conas mar a bhí an socrú ag dul ar aghaidh.

Go hAchomair

Comhchaomhnóireacht diúltaithe d’athair

Theip ar iarratas ó athair le cailín óg, a raibh a máthair pósta agus a bhí ag pleanáil athlonnú thar lear lena fear céile agus an leanbh, le comhchaomhnóireacht a bheith ceadaithe ag éisteacht den Chúirt Dúiche i gCúige Laighean.

Dúirt aturnae an athar leis an mBreitheamh Flan Brennan go raibh ról gníomhach aige i saol an linbh ó rugadh í. Bhí rochtain chuimsitheach aige agus d’fhan sí leis beagnach gach deireadh seachtaine. Bhí sí leis do shaoire a mhair trí seachtaine i mí Iúil. Bhí sé mar chaomhnóir an linbh agus bhí a ainm ar an teastas breithe. Dúradh leis le déanaí faoi phleananna na máthar an tír a fhágáil.

Dúirt an mháthair go raibh sí ag fágáil laistigh de sheachtainí, ach go bhfillfeadh sí ar Éirinn i gceann trí mhí agus go bhféadfadh an t-athair rochtain a bheith aige ansin. Ina theannta sin, bheadh fáilte roimhe cuairt a thabhairt ar a iníon ina teach nua ag tráth ar bith ba mhian leis. Shonraigh sí go raibh sí féin agus a fear céile toilteanach cuidiú leis lena chuid socrúithe taistil agus cóiríochta.

D’fhreagair aturnae an athar: “Caillfidh sé a iníon. [Níl an tír ina bhfuil sí ag imeacht] díreach in aice láimhe.”

“Tá sí i dteideal gluaiseacht ar aghaidh lena saol,” a dúirt an Breitheamh Brennan.

“Tabhair comhchaomhnóireacht dúinn,” a dúirt an t-aturnae. “Réitíonn sé a shaol mórthimpeall uirthi agus teastaíonn aitheantas uaidh mar chomhchoimeádaí.”

D’fhiafraigh an Breitheamh Brennan an raibh tionchar ag an mháthair agus a leanbh ag dul thar lear ar a iarratas. “Níl sé ag

iarraidh go n-athróidh sí a cuid pleananna?”

“Aithníonn sé go bhfuil ceart taistil aici,” a d’fhreagair an t-aturnae. Dúirt sé go raibh an t-athair ag lorg comhchaomhnóireachta “ionas go mbeadh sé de chompord aige a bheith eolach go raibh stádas comhionann aige. Glacann sé leis gur féidir léi imeacht.”

Dhiúltaigh an Breitheamh Brennan don iarratas. “Nílím sásta go bhfuil sé oiriúnach comhchaomhnóireacht a cheadú dó. Táim sásta nach bhfuil aon dainséar nó eagla ann faoin todhchaí.”

Dúirt an t-athair leis an mbreitheamh go raibh sé le hachomharc a dhéanamh ar an gcinneadh.

Fanann a leanbh leis an athair

Lorg athair caomhnóireacht aonarach dá mhac naíonáin os comhair an Bhreithimh Aeneas McCarthy i gcúirt dúiche san iarthuaisceart.

.Chuala an chúirt go raibh cónaí ar na páirtithe le chéile agus go raibh mac acu. Bhí beirt leanaí eile ag an mháthair. Bhí caomhnóireacht shealadach an linbh ag an athair agus bhí sé i gcaidreamh nua.

Bhí sé tar éis dó bogadh isteach i dteach a chailín leis an leanbh le déanaí. Bhí rochtain ceadaithe don mháthair cheana féin ag an mBreitheamh Mary Martin agus bhí sé seo sáraithe ag an athair.

Mar fhreagra ar a aturnae, dúirt an t-athair go raibh fadhbanna sa chaidreamh ag an mháthair tar éir bhreith an linbh. Bhí a leanaí eile ag tabhairt aire don naíonán agus bhí slaghdán agus gríos chluídín aici an t-am ar fad.

Bhí inní air faoi agus rinne sé an naíonán a chlárú i gcreis. Go luath sa bhliain 2006, rinne na gardaí teagmháil leis toisc gur aimsigh beirt bhall den phobal duine de leanaí eile na máthar amuigh ar an tsráid ag 1r.n. Bhí an naíonán leis ag an am agus bhí an leanbh eile lena athair féin. Bhí an leanbh tar éis fanacht leis agus na

seantuismitheoirí ar thaobh an athar go dtí le déanaí nuair a bhog sé isteach lena chailín.

Thug garda fianaise, ag rá go bhfuair an stáisiún glaoch go bhfuarthas leanbh amuigh ar an tsráid léi féin ag 1 r.n. Dúirt an leanbh leo gur dhreap sí amach an fhuinneog agus nach bhféadfadh sí dul isteach arís.

Dúirt na gardaí go raibh an teach folamh agus gur tháinig an mháthair ar ais ag 4 r.n. Bhí na gardaí feasach maidir leis na heachtraí eile roimhe sin agus bhí inní orthu faoi chosaint leanaí.

Dúirt oibrí sóisialta ó FSS go raibh tuarascáil comhlíonta acu. An cruachás a bhí aige ná cibé an raibh ordú cúraim éigeandála riachtanach don triúr leanaí, ach d'airigh sé nach raibh gá maidir le beirt leanaí mar go raibh siad lena n-aithreacha féin agus go bhféadfaidís cúram a dhéanamh dóibh.

Dúirt sé gur cuireadh na leanaí faoi agallamh, agus dúirt sé gur fhág an mháthair iad sa teach leo féin go minic. Ní raibh aon inní air faoi chosaint leanaí i dtaobh an athar sa chás seo, ach bhí inní air faoi cheisteanna leasa linbh toisc go raibh líomhaintí á ndéanamh ag an dá pháirtí i gcoinne a chéile.

Rinne an t-athair líomhain go raibh an bhean chéile á stalcaireacht agus ag seoladh téacsanna maslacha agus rinne an mháthair líomhain maidir le foréigean baile. D'admhaigh an t-oibrí sóisialta go raibh sé deacair na líomhaintí seo a chruthú.

Bhí inní air go raibh rochtain don mháthair á diúltú agus dá bhrí sin ag sárú an ordaithe cúirte.

Bhí tuarascáil shiciatrach iarrtha ag FSS toisc go raibh inní orthu maidir le meabhairshláinte na máthar. Dúirt an t-oibrí sóisialta go raibh an fuath a bhí ag an mbeirt dá chéile le sárú.

Chuir an breitheamh an t-iarratas ar athlár ar feadh trí seachtaine agus threoraigh sé tuarascáil shíceolaíochta iomlán den dá pháirtí mar phointe tosaíochta. Bhí an leanbh le fanacht leis an athair go dtí an tráth sin agus bhí an t-athair le bogadh ar ais lena thuismitheoirí.

Ní raibh an breitheamh ag iarraidh cailín an athar mar mháthair ionaid agus bhí rochtain le bheith ag an mháthair ar an leanbh ar feadh ceithre uair an chloig gach lá.

Fuarthas leanbh ar an tsráid léi féin ag 1r.n.

Go hAchomair

Diúltaítear rochtain faoi mhaoirseacht d’athair

Dhiúltaigh an Breitheamh Flan Brennan cead d’athair rochtain faoi mhaoirseacht a fháil ar an dá mhac cúig bliana d’aois ar feitheamh thorthaí na bhfiosruithe i líomhaintí faoi ionsaí gnéis.

Bhí imeachtaí caomhnóireachta, rochtana agus cothabhála tógtha ag an athair agus rinneadh atráth a lorg, toisc go ndúradh leis an gcúirt go raibh fiosruithe leanúnacha ag na Gardaí agus ag an mbord sláinte faoi ionsaí gnéis a bhí líomhanta. Cuireadh an t-iarratas ar athlár roimhe sin agus bheadh sé ar a laghad dhá mhí sula mbeadh tuarascáil an bhoird sláinte ar fáil.

Bhí an t-athair agus an mháthair freagróra i gcaidreamh a lean ar feadh dhá bhliain tar éis bhreith an linbh acu agus bhí siad cairdiúil go dtí mí Márta seo caite nuair a rinneadh líomhain a shéan an t-athair go fíochmhar. Bhí rochtain laethúil aige ar an leanbh go dtí an tráth sin agus bhí cothabháil rialta á íoc aige. Bhí ceangal idir an leanbh agus an t-athair.

Rinne abhcóide an athar aighneacht gur chóir don chúirt rochtain faoi mhaoirseacht a cheadú ar feitheamh na héisteachta atrátha agus luaigh sé rialú na hArd-Chúirte i gcás O’D v O’D a chinn fiú amháin i gcásanna ina raibh baol suntasach mí-úsáide, an phríomhcheist a bhí ann ná leas an linbh agus bhí rochtain faoi mhaoirseacht ceadaithe ag an gcúirt sa chás sin.

Réitíonn an t-athair go maith lena mhac, a dúirt an t-abhcóide, agus bhí ionchur airgeadais á chomhlíonadh aige chomh maith. D’fhéadfadh sé

suas le dhá mhí a thógáil sula ndéanfaí an tuarascáil a chomhlánú agus bheadh drochthionchar aige ar an mac mura mbeadh teagmháil ar bith óna athair.

Bhí máthair an iarratasóra sa chúirt agus chónaigh sé lena dheirfiúr. Bheadh ceachtar den bheirt seo ar fáil le rochtain a mhaoirsiú.

Rinne an breitheamh an t-iarratas a chur ar athlár go dtí mí na Samhna. “Tá sé le haithint ó O’D go raibh pósadh i gceist agus tá iarratas ar chaomhnóireacht atá suntasach chomh maith,” a dúirt sé.

Forfheidhmiú Íocaíochtaí Cothabhála

Bíonn raon iarratas chothabhála ann - idir dhaoine atá ag lorg suimeanna beaga airgid ó aithreacha dífhostaithe, is lánúineacha atá scartha nó colscartha agus a bhfuil ceisteanna cothabhála acu a ndéanann an Chúirt Dúiche déileáil leo.

Teipeann ar athair cothabháil a íoc ar feadh 34 seachtain

‘Chuala tú cad a dúirt sí agus cad a bhí le rá ag an gcláraritheoir – caithfidh tú íoc’

Tháinig dlíthithe tuata neamhphósta os comhair an Bhreithimh Brian Joseph Sheridan i gCúirt Dúiche Bhaile Átha Cliath i gconspóid chothabhála. Bhí beirt leanaí ag na páirtithe. Chónaigh an buachaill is sine lena athair agus an duine is óige lena mháthair a bhí ag lorg riaráistí cothabhála. Theastaigh uathí chomh maith an t-ordú cothabhála reatha a athrú don bhuachaill níos óige.

Dúirt an cláraritheoir cúirte nach raibh 34 seachtain de chothabháil íochta ag an athair in Oifig na Cúirte Dúiche mar a bhí treoraithe an Deireadh Fómhair roimhe sin. Ba chóir go mbeadh €63.49 in aghaidh na seachtaine íochta aige agus bhí na riaráistí iomlána cothrom le €3,301.11. D’aimsigh an cláraritheoir €888.08 agus bhí an tsuim le socrú cothrom le €2,412.25.

Dúirt an breitheamh go ndúirt an comhad go ndeachaigh an t-ordú íocaíochta siar chomh fada le 1999 nuair a ordaíodh don athair £50 a íoc in aghaidh an linbh. Bhí íocaíochtaí déanta i 1999, ach thit sé taobh thiar orthu sna blianta ina dhiaidh sin.

Dúirt sé go ndearnadh ordú astaithe tuilleamh sa bhliain 2006. Tarlaíonn sé seo nuair a íoctar riaráistí agus go ndéantar an chothabháil sa todhcháil a bhaint ó thuarastal an athar. Dúirt an mháthair nach raibh airgead ar bith aimsithe aici ón tráth sin.

D’fhiafraigh an breitheamh di: “Cá mhéad a cheapann tú atá ag dul duit?” “Na mílte thar na mblianta,” a d’fhreagair sí.

D’fhiafraigh sé di an raibh an t-athair i mbun oibre. Níorbh eol di an raibh agus dúirt sí: “Tá mac agam atá 18 i mí Lúnasa. Bhí mórán trioblóide agam leis agus ar an ábhar sin, chuir mé é chun cónaithe lena athair. Caithfidh go bhfuil sé ag tuilleamh lena mhac a choinneáil san áit ina bhfuil sé ina chónaí.”

Dúirt sí ina theannta sin: “Tá iarracht déanta agam an rud ceart a dhéanamh. Ní dhéanaim dada a lorg air. Táim díreach ag iarraidh go dtabharfaidh sé aire do mo bhuachaillí. Is cúnamh amháin atá uaim.”

Dúirt an Breitheamh Sheridan leis an athair: “Chuala tú cad a dúirt sí agus chuala tú a bhfuil ráite ag an gcláraritheoir agus caithfidh tú íoc. Cad iad do chúinsí?”

D’fhreagair an t-athair “Thosaigh mé post trí seachtaine ó shin. Táim ag obair ar láthair tógála. Tá €300 tugtha chun na cúirte agam. Ní raibh an t-airgead agam roimhe seo. Ní raibh agam ach lá anseo agus ansiúd. Is féidir liom €2,000 a íoc sa chéad choicíos eile toise go bhfuil airgead le fáil ar ais agam ó chúrsaí cánach sa bhliain 2005. Níl faillí iomlán déanta agam maidir le híocaíochtaí a dhéanamh léi. D’íoc mé airgead tirim léi sa bhliain 2005, thart ar €100 in aghaidh na seachtaine.”

Dúirt sé ina theannta sin go raibh an mac is sine á choinneáil agus á chothabháil aige. Dúirt an breitheamh: “Beidh sé ábalta é féin a mhaoiniú. Ní bheidh sé cleithiúnach a thuilleadh ó mhí Lúnasa.”

Bhí an mháthair den tuairim go raibh €150 in aghaidh na seachtaine de dhíth uirthi chun a mac 10 mbliana d’aois a choinneáil ó na sráideanna agus cineál éigin oideachais reiligiúnaigh chomh maith le breis rannpháirtíochta i gcúrsaí spóirt a sholáthar dó. Dúirt an fear go leanfadh sé ag íoc €63.49 in aghaidh na seachtaine.

Dúirt an Breitheamh Sheridan toisc go raibh an leanbh is sine le bheith neamhspleách go luath, nach raibh le tógáil san áireamh don iarratas ach an mac a bhí 10 mbliana d’aois. Bhí sé “ag aois ina ndéanann sé mórán a ithe agus ina bhfuil bróga agus éadaí nua de dhíth air gach trí mhí”.

D’fhiafraigh an breitheamh faoi chúrsaí airgeadais an athar agus dúradh leis go raibh cónaí air lena chailín a bhí ag obair.

D’íoc sé €900 ina aghaidh na míosa agus bhí sé ag tuilleamh €400-€500 in aghaidh na seachtaine. Dúirt an t-athair gurbh iad na fiacha amháin a bhí aige ná an cíos.

Maidir le forfheidhmiú an ordaithe riaráistí cothabhála, threoraigh an breitheamh go raibh téarma príosúnachta á chur i bhfeidhm aige le bac air go dtí mí Mheán Fómhair.

Mhínigh sé don athair: “Dá bhrí sin, táim ag tabhairt go dtí an chéad lá de Mheán Fómhair duit leis an tsuim €2,142.25 a íoc agus mura

dtarlaíonn sé seo, beidh 28 lá á chaitheamh agat sa phríosún. Ní rachaidh an cheist níos faide má dhéanann tú an íocaíocht.”

Dúirt an breitheamh go raibh sé ag déanamh athbhreithnithe ar chomhaontú bunaidh na bpáirtithe a rinneadh i 1999. Shonraigh sé nach raibh an mac is óige ach dhá bhliain d’aois ag an am. Rinne sé cinneadh an chothabháil a athrú, ag rá: “Tá sé níos fearr íocaíocht chothabhála a fháil [atá] réadúil maidir le híocaíocht.” Dúirt sé leis an athair: “Ní féidir liom dul níos ísle ná €85.” Bhris an mháthair isteach agus dúirt sí: “€100 a onóir.”

D’fhreagair an breitheamh: “Gheobhaidh tú an sochar leanaí chomh maith. Tá €85 in aghaidh na seachtaine má íoctar é infhorfheidhmithe agus réasúnta. Tá €450 in aghaidh na seachtaine á íoc leat agus sochar leanaí do bheirt leanaí. Beidh mé cúramach faoin méid toisc an stair atá i gceist. Tá sé sin tubaisteach. Tá sé níos fearr figiúr a roghnú atá infhorfheidhmithe agus réadúil.”

Dúirt an mháthair ansin: “An féidir liom labhairt? Tosaíonn sé amach go hiontach i mbun íocaíochta agus stopann gach rud ansin. Ní féidir liom leanúint ar aghaidh ag teacht anseo.”

D’fhreagair an breitheamh: “Tá sé mí-ámharach, ach seo an t-aon bhealach forfheidhmithe atá agat. Níl sé neamh-infhorfheidhmithe. Mura n-íocann sé i gceann dhá mhí, d’fhéadfaí b’fhéidir téarma príosúnachta a ghearradh air agus mar an gcéanna mura n-íocann sé an €2,000 atá ag dul duit.”

‘Beidh mé cúramach... Tá sé níos fearr figiúr [cothabháil] a roghnú atá infhorfheidhmithe agus réadúil’

Faigheann bean chéile cnapshuim agus íocaíocht sheachtainiúil

I gcás cothabhála céilí, rinne bean náisiúnach eachtrannach cur síos ar an mbealach a ndearnadh í a thréigean agus gan fágtha aici ach ticéad fillte chuig a háit dúchais agus ordú aici an árasán a fhágáil.

Phós na páirtithe sa Chianoirthear sa bhliain 2004 agus b'eachtrannach an t-iarratasóir agus bhí ateangaire de dhíth uirthi. Ní raibh leanaí ar bith ag an lánúin le chéile, ach bhí leanbh ag an mbean sa Chianoirthear agus dúirt sí go ndearna an freagróir í a thréigean agus nár thug sé cothabháil ar bith di.

Dúirt sí gur bhog siad go hÉirinn bliain tar éis an phósta agus gur chónaíodar in árasán. D'oibrigh sí mar ghruaigaire faoi oiliúint ag tuilleamh €250 in aghaidh na seachtaine, ach bhí an cíos aici cothrom le €900 in aghaidh na míosa agus chiallaigh costais bhreise go raibh sí i gcónaí ag maireachtáil lasmuigh dá cuid acmhainní. Dúirt sí leis an gcúirt go raibh sí trína chéile an lá a d'fhág sé.

“Ghlaoigh sé orm agus dúirt sé go raibh €200 ar an mbord agus ticéad le filleadh ar an gCianoirthear faoin mhata sa seomra uirlisí agus nár theastaigh

uaidh mé a fheiceáil arís. Tháinig sé ar ais nuair a bhí mé ag obair thart ar sheachtain ina dhiaidh sin agus thóg sé a chuid giuirléidí go léir leis.” Dúirt sí go raibh ticéid ceannaithe ag an mbeirt acu don Chianoirthear mar shaoire agus go raibh sé seo curtha ar ceal aige.

Níor theastaigh uaidh filleadh ar an gCianoirthear ach ní raibh sé d'acmhainn aici maireachtáil anseo, agus bhí iarracht déanta aige iallach a chur uirthi an t-árasán a fhágáil. Chreid sí gur thuill sé níos mó ná mar a dúirt

a dhuillín pá toisc gur péintéir é. “Níl dada ar eolas agam faoina iasacht, agus níl ann ach teach mo theaghlaigh ann dom i mo thír dhúchais. Thug sé airgead dom cúpla babhta toisc go raibh m'athair breoite. Ní fios dom cén fáth a deir sé go bhfuil teach á thógáil dúinn,” a dúirt sí.

Dúirt an fear céile freagróra ansin go raibh sé anois ina chónaí lena thuismitheoirí agus gur íoc sé €200 in aghaidh na seachtaine leo. Bhí iasacht de €22,000 aige a bhí á úsáid chun talamh a cheannach agus teach a thógáil dóibh ina tír. Sheol sí a cuid pá ar fad abhaile chomh maith nuair a bhí siad ina gcónaí le chéile. Dúirt sé go raibh sí fíor-éadmhar agus go ndéanadh sí ionsaí air os comhair an phobail. Dá thoradh seo, bhí eagla air agus níor theastaigh uaidh a rá léi go pearsanta go raibh sé ag fágáil.

“Shil mé go mbeadh áthas uirthi filleadh... tá cúrsaí teaghlach tábhachtach di agus tá a thuismitheoirí agus a mac ansin.” Dúirt sé leis an gcúirt gur athraigh sí na glais agus go mb'éigean dó iarraidh ar an tiarna talún é a ligean isteach lena ghiuirléidí a bhailiú.


Ní raibh sé d'acmhainn aige an chothabháil a íoc toisc go raibh cúrsaí airgid chomh gann, ach ní raibh sé ag súil le cuid ar bith den €22,000 ar ais. Mhol sé seachas cíos ard a íoc, b'fhéidir gurbh fhéarr di seomra a fháil ar cíos i dteach lena cuid costais a ghearradh. Dúirt sé go raibh sé dearfa gur thuill sí breis airgid trí ghruaig na gcairde a dhéanamh agus trí aiscí.

Dúirt an breitheamh leis an bhfreagróir gur fiontar dáiríre é cúrsaí pósta agus gur tháinig freagrachtaí dáiríre leis. “Tá freagracht bhreise sa chás seo toisc gur thóg tú i chuig tír choimhthíoch agus ansin rinne tú í a thréigean go cruálach....Níl dabht ach go bhfuil tú dlite cothabháil a íoc léi, táim fíor-amhrasach go n-íocann tú €200 in aghaidh na seachtaine le do thuismitheoirí agus creidim go bhfuil na hacmhainní agat chun íocaíocht a dhéanamh.”

Rinne sé ordú ansin go ndéanfaí íocaíocht chnapshuime €2,000 agus íocaíocht sheachtainiúil €90 a bheadh le híoc trí mheán na Cúirte Dúiche.

‘Thóg tú í go dtí tír choimhthíoch agus ansin rinne tú í a thréigean go cruálach’

Figiúr 3 Cothabháil



Iomlán: 4,207

- Deonaíodh
- Tarraingthe siar nó scriosta amach
- Diúltaíodh

Déantar mian athar ar rochtain i lár na seachtaine a cheadú

I gCúirt Dúiche bhruachbhailteach, d'iarr máthair méadú sa chothabháil dá beirt leanaí go dtí €1,300 ó €1,000. Bhí an focaíocht laghdaithe ag an athair go dtí €750 in aghaidh na míosa ar an mbunús go raibh an mháthair tar éis a seachtain oibre a ghearradh ó chúig lá go dtí ceithre lá agus bhí ordú leasaithe uaidh le go ndéanfaí seo foirmeálta. Thuill an bheirt acu tuarastail a bhí cosúil lena chéile agus bhí ráitis acmhainní ullmhaithe ag an mbeirt acu. Chuaigh siad síos tríothu leis an mBreitheamh Murrugh Connellan.

Dúirt an mháthair go raibh a seachtain oibre gearrtha aici toisc go raibh fadhbanna iompraíochta ag mac amháin agus go raibh measúnú á dhéanamh ag síceolaí air i láthair na huair.

D'fhreagair an t-athair nach raibh diagnóisiú déanta ar a mac fós agus ina thuairim go raibh céim anabáí tógtha aici trí ghearradh siar ar a cuid oibre. Chreid sé gur cheart go mbeadh sí tar éis fanacht go dtí go raibh measúnú iomlán comhlánaithe agus diagnóis déanta.

Ag an bpointe seo, bhris aturnae na máthair isteach, ag rá go raibh teagmháil déanta ag an scoil leis an mháthair agus go ndearna sí cinneadh bunaithe ar an gcomhairle a fuair sí.

Dúirt an breitheamh nach raibh dada “ainspíanta” i gceachtar ráiteas acmhainní agus gurbh é cuspóir na cothabhála ná “na páirtithe a choinneáil ar bhealach a raibh taithí acu air”.

Dúirt sé go raibh sé mí-ámharach go raibh airgead á chaitheamh acu ar mhorgáiste agus cíos agus go raibh dhá shraith de bhíllí fóntais ann. Threoraigh sé don fhear céile cothabháil €1,000 a íoc leis an mbean chéile gach mí.

Dhéileáil Breitheamh Connellan leis an gceist rochtana ansin. De réir na socrúithe reatha bhailigh an t-athair na leanaí ón scoil ar an Aoine agus bhailigh an mháthair iad óna theach ag 7.30i.n. ar an Satharn.

Shíl an mháthair go raibh rochtain fíorthábhachtach agus go raibh sé de dhíth ar na buachaillí go bhfeicfidís an t-athair níos minice agus go raibh iarratas déanta acu go bhféadfaidís. Dúirt sí go raibh na socrúithe

rochtana reatha neamh-chomhsheasmhach mar má bhí pleananna ag an athair, ní fheicfeadh sé iad Dé hAoine. Dúirt sí ina theannta sin go raibh deacracht ag an bhfear céile caint léi agus gur thosaigh sé ag déanamh pleananna tríd an mac is sine acu.

Nuair a d'fhiafraigh an breitheamh den athair an raibh sé curtha in iúl aige dá bhean chéile gur mhian leis rochtain a fháil i lár na seachtaine, dúirt sé nach raibh sé seo déanta aige.

Tar éis tuilleadh sonraí a chloisteáil maidir le laethanta oiriúnacha na bpáirtithe, rinne an breitheamh ordú trína mbaileodh an t-athair a mhic tar éis na scoile Dé Céadaoin agus go dtabharfadh sé chun na scoile iad maidin Déardaoin. Leanfaí leis an rochtain a bhí ag an athair Dé hAoine agus Dé Sathairn mar a bhí aontaithe roimhe sin.

Is é cuspóir na cothabhála ná na páirtithe a choinneáil ar bhealach a raibh taithí acu air

Slánaíonn iarfhear céile cothabháil sheachtainiúil €300

‘Ba cheart don dá pháirtí íocaíocht a dhéanamh agus a bheith rannpháirteach maidir le cothabháil na leanaí’

Bhí athair ag lorg cothabhála do bheirt dá cheathrar leanaí óna iarbhean chéile, atá ag cónaí thar lear i láthair na huair. Bhí ceathrar leanaí ag an mbeirt acu. Tar éis dóibh scaradh, chónaigh an dá mhac lena n-athair agus chónaigh na hiníonacha lena máthair i gcontae eile. Le linn an ama sin, bhí cothabháil sheachtainiúil €300 íoctha ag an athair leis an mháthair. Bhí tuarastal bliantúil de nach mór €90,000 á fháil aige.

Le bliain anuas, bhog an mháthair go tír eile agus bhog na hiníonacha isteach lena n-athair. Bhí sé anois ag lorg €300 in aghaidh na seachtaine ón mháthair leis na cailíní a chothabháil.

Dúirt an t-athair leis an mbreitheamh go raibh aontú aige óna iarbhean chéile chun an tsuim a íoc agus ar thrí bhabhta roimhe sin – i mí Lúnasa, mí na Samhna agus mí Aibreáin – gur dhúirt sí leis go n-íocfaí é ach nar aimsigh sé airgead ar bith fós.

Tar éis ceisteanna breise ón mbreitheamh, dúirt sé go ndúirt sí leis nach raibh an t-airgead

aici ach nuair a bheadh, go dtosódh sí ag íoc. Dhíol an mháthair a teach in Éirinn, agus bhí an t-airgead á úsáid aici le beár caifé a bhunú thar lear lena páirtí.

Dúirt an breitheamh go raibh sé deacair an cás a mheas nuair nach raibh an mháthair i láthair. Rinneadh an mháthair a sheirbheáil le himeachtaí, ach is cosúil gur inis sí do dhuine dá hiníonacha nach mbeadh sí i láthair. Dúirt sé mar sin féin, gur cheart don dá pháirtí íocaíocht a dhéanamh agus a bheith rannpháirteach maidir le cothabháil na leanaí.

Bunaithe ar an méid a bhí ráite ag an athair, bhí sé curtha in iúl ag an mháthair go n-íocfadh sí cothabháil. Bhí inní áirithe ar an mbreitheamh toisc go raibh sé ráite ag an mháthair go n-íocfadh sí an tsuim, ach nach raibh sí aici agus bhí tagairt á dhéanamh dá bhri sin d’íocaíochtaí sa todhchaí. Gan í i láthair, bhí deacracht ann a bheith cinnte ach caithfidh go raibh sócmhainní aici má dhíol sí an teach. Ar an mbunús seo, d’ordaigh sé cothabháil sheachtainiúil de €300 i bhfabhar an athair.

Príosún mura ndéileáiltear le riaráistí de €3,000

‘Tá dhá mhí agat chun é a shocrú nó gearrfar téarma príosúnachta aon mhí ort?’

Tháinig fear os comhair an Bhreithimh Derek McVeigh i gCúirt Dúiche lártíre maidir le neamhíocaíocht cothabhála.

Mhínigh cléireach na cúirte gur ghlaigh oifig na cúirte é os a gcomhair chun riaráistí €3,000 sna híocaíochtaí cothabhála a mhíniú.

Dúirt an t-athair gur siúinéir féinfhostaithe é a bhí ag obair ar theach príobháideach ach go raibh deacrachtaí airgeadais ag úinéir an tí rud a d’fhág as póca é de €22,000 agus airgead le híos aige leis na ceannaithe tógála. Sin nuair a thosaigh fadhb na cothabhála. Ina dhiaidh sin, b’éigean dó dul ar ais ag obair do dhuine eile agus bhí sé anois ag tuilleamh i bhfad níos lú

agus ní raibh sé inacmhainne dó an méid a bhí ordaithe ag an gcúirt a íoc.

Dúirt an Breitheamh McVeigh leis an athair nárbh é an cuspóir a bhí leis os comhair na cúirte inniu cothabháil a laghdú. Ní fhéadfá déileáil ach le neamhíocaíocht na cothabhála agus na riaráistí. Dúirt an fear go simplí nach raibh na hacmhainní aige an t-airgead a íoc nuair a bhí an cíos agus na billí fónais íoctha. Ní raibh tuairim aige cén uair a thiofadh feabhas ar a chuid cúrsaí airgid.

Dúirt an Breitheamh McVeigh leis: “Caithfidh tú do chuid tosaíochtaí a chur in ord agus ciallaíonn sé seo do leanaí a chur chun tosaigh.”

D’fhreagair an t-athair “Tá an-ghrá agam do mo leanaí. Is iad mo leanaí an rud is tábhachtaí i mo shaol. Tá mo leanaí agam gach oíche agus beagnach gach deireadh seachtaine. Caithfidh mé díon a choinneáil os mo chionn chun teach a bheith agam dóibh.”

Dúirt an Breitheamh McVeigh nach bhféadfadh sé déileáil le deacrachtaí airgid an fhir agus go raibh sé de dhualgas air inniu ordú na cúirte a fhorfheidhmiú agus iarracht a dhéanamh teacht ar shocrú áirithe maidir leis an airgead a íoc. Dúirt an t-athair: “Bhuel ní fheicim gur féidir liom an t-airgead seo a íoc, mar a dúirt mé nílim ag tuilleamh an oiread céanna a thuilleadh agus ní fheicim feabhas ag teacht ar chúrsaí agus tá airgead le híoc agam le mórán daoine eile fós.”

D’fhreagair an Breitheamh McVeigh: “Níl rogha ar bith agam mar sin ach téarma príosúnachta a ghearradh ort toisc gur theip ort cloí leis an ordú cúirte, ach cuirfidh mé bac air más féidir leat tuairim áirithe a thabhairt cé chomh fada agus a bheidh sé sula mbeidh feabhas ag teacht ar do chúrsaí airgid.”

“Ní féidir liom tréimhse ama a thabhairt duit, ba mhian liom dá bhféadfainn ach ní fheicim aon bhealach amach as seo,” a d’fhreagair an t-athair.

Dúirt an breitheamh: “Tá dhá mhí agat chun

é seo a shocrú nó gearrfar téarma príosúnachta aon mhí ort atá mé ag cur i bhfeidhm agus cad a dhéanfadh do leanaí ansin dá mbeadh ort dul sa phríosún?” D’fhreagair an t-athair: “Táim ag rá leat a bhreitheamh nach mbeidh an t-airgead sin agam i gceann dhá mhí. Níl na hacmhainní agam!”

Chomhairligh an Breitheamh McVeigh don fhear iarratas a chur os comhair na cúirte leis an gcothabháil a laghdú a chuirfeadh athrú ina chuid cúinsí in iúl, ach i láthair na huaire bhí €3,000 carntha agus bhí an t-airgead sin le híoc. Dúirt sé: “Fiú amháin má dhéanaim an téarma príosúnachta a sheirbheáil ort i gceann dhá mhí, beidh ort an t-airgead a íoc fós nuair a thagann tú amach, agus mar sin tá sé ar mhaithe le gach duine má dhéanann tú iarracht an t-airgead a aimsiú idir an dá linn.”

Rinne an fear a athdhearbhú nach bhféadfadh sé an t-airgead a fháil, ag rá: “Nach féidir leat é a fheiceáil ó mo thaobh de? Cad atá tú ag iarraidh go ndéanfaidh mé?”

Dúirt an Breitheamh McVeigh: “Níl aon dul as agam. Ní féidir liom déileáil ach leis an méid atá os comhair na cúirte inniu.” D’fhág an fear an chúirt ag rá, “Tá sé seo áiféiseach, is ceap magaidh atá i gceist. Cén áit a bhfuil siad a súil go n-éireoidh liom an t-airgead a aimsiú?”

Lorgaíonn máthair beirte íocaíochtaí ó thar lear

Dúirt máthair beirte leis an mBreitheamh John Brophy i gCúirt Dúiche san oirthear nach raibh athair a beirt mhac tar éis tacaíocht airgid a thabhairt di le 10 mbliana. D’éirigh léi an fear a aimsiú le déanaí, náisiúnach eachtrannach, i dtír lasmuigh den AE ina raibh sé ag obair sa ghnó lónadóireachta. Chreid sí gur thuill sé €30,000 in aghaidh na bliana agus go raibh suim cothrom le €50,000 aige ina chuntas bainc sa tír ina raibh sé ina chónaí.

Rinne an mháthair, a bhí ag déanamh iarratais ar ordú cothabhála dá mic, an bheirt acu in oideachas lánaimseartha, figiúirí a sholáthar ar réimse leathan caiteachais a chuimsigh an morgáiste agus teanntáin d’fhiacla na leanaí ag costas €5,000 an ceann.

“Cad a bheidh mar chostas in aghaidh na míosa?” Dúirt an mháthair go raibh aisíoc á dhéanamh aici leis an gcomhar creidmheasa ag ráta de €127 in aghaidh na míosa. Dúirt an breitheamh léi nach raibh an morgáiste incheadaithe agus nach bhféadfadh sé ceadú do chostas maidir le turais scoile. “Déan dearmad air sin. Is sócúlacht í sin,” a dúirt sé, ag sonrú nach raibh de dhíth ach costais na n-íocaíochtaí maidir leis na leanaí ar bhonn míosúil nó seachtainiúil.

“Táim chun an t-uasmhéid a bhronnadh ort atá ceadaithe de réir dlí, €150 in aghaidh na seachtaine do gach leanbh,” a chinn sé. D’fhiafraigh se di conas a chreid sí go bhféadfaí an t-ordú a fhorfheidhmiú. Dúirt sí go ndéanfadh údarás lánach sa dhlínse seo an

‘Táim chun an t-uasmhéid a bhronnadh ort atá ceadaithe de réir dlí, €150 in aghaidh na seachtaine do gach leanbh’

t-ordú a sheoladh ar aghaidh ón gCúirt Dúiche chuig údarás lárnach san áit inar chónaigh an t-athair agus go ndéanfadh na cúirteanna ansin é a fhorfheidhmiú.

Threoraigh sé go n-íocfaí an t-airgead isteach ina cuntas bainc in Éirinn. D'fhiafraigh an mháthair den mBreitheamh

Brophy faoi riaráistí na cothabhála “tar éis 10 mbliana gan tacaíocht ar bith”. “B’fhéidir nach bhfaigheadh tú é seo uaidh,” a dúirt sé, ag tagairt don ordú cothabhála a bhí á dhéanamh aige. “Feicimid cad a tharlaíonn. Seolfaimid é chun an údarás lárnaigh.”

Go hAchomair

Níl cothabháil ar bith á íoc le haghaidh cúigear leanaí

Níor aimsigh máthair le cúigear leanaí óga, an duine is sine a bhí 10 mbliana d’aois, aon chothabháil óna fear céile, a dúradh le Cúirt Dúiche i gcontae sa tuaisceart. Chónaigh an fear céile agus an bhean chéile sa teach céanna agus d’íoc sé as nithe grósaera. Bhí an bhean chéile ag lorg ordú cothabhála.

Chuir abhcóide na mná céile i leith an fhir chéile go ndearna sé tuairisceáin chánach a shonraigh go bhfuair a bhean chéile €18,000 in aghaidh na bliana ó chomhlacht a raibh sí féin agus a fear céile mar chomhstíúrthóirí air, ach dúirt nach bhfuair sí an t-airgead sin riamh. Dúirt sé go raibh sí ina stiúrthóir chomharthach ar an gcomhlacht seo, agus gur sheol sé tuairisceán Ioncaim isteach ag éileamh na híocaíochta.

Bhí líon sealúchais i gceist chomh maith, a dúirt sé, agus is í an fhadhb ná go raibh comhlacht eile bunaithe ag an bhfear céile. Bheadh Mionnscribinn Acmhainne mionsonraithe de dhíth ón bhfear céile. Dúirt sé go raibh comhchuntas bainc ann, ach nach raibh aon airgead ann. “Tá airgead á úsáid mar ghléas troda,” a dúirt sé.

Dúirt aturnaí an fhir chéile go raibh an comhlacht ag feidhmiú óna mbaile agus gur thóg an bhean chéile an t-airgead as an gcuntas. Dúirt sé go raibh seiceanna scríofa aici chomh maith a tarraingíodh ó chomhlacht nach raibh sí mar stiúrthóir air. Dúirt sé gur shéan an fear céile nach ndearna sé cothabháil shásúil a sholáthar dá bhean chéile agus leanaí. Bhí sé ag fáil breis is €850 in aghaidh na míosa i sochair leanaí agus cíos ó shealúchas i dTuaisceart Éireann.

Bhí sé toilteanach cothabháil sheachtainiúil de €200 in aghaidh na seachtaine a íoc, ach theastaigh uaidh a chinntiú go ndéanfaí í a úsáid do na leanaí, toisc gur úsáid sí aon airgead roimhe sin di féin. Bhí áras an

teaghlaigh fágtha aici cheana féin chun cónaí in áitreabh a bhí soláthraithe aige nuair a bhí sí i gcaidreamh eile. Bhog sí ar ais ina dhiaidh sin chuig áras an teaghlaigh ag rá, “Táim ag fanacht anseo anois”.

Dúirt an Breitheamh Sean MacBride leis na páirtithe: “Tá sibh amaideach mura mbíonn sibh réadúil agus teacht ar shocrú. Murach sin, d’fhéadfaí leas a bhaint as Achtanna na gCuideachtaí. Tá pionóis throma i ceist maidir le cuntais bhréagacha. D’fhéadfadh an bheirt agaibh a bheith i dtríoblóid mhór.” Threoraigh sé go soláthródh an fear céile agus an bhean chéile Mionnscribhinní Acmhainne mionsonraithe roimh dó iarratas cothabhála na mná céile a chloisteáil.

“Níl aon chluichí uaim anseo. Ní bhfaighidh duine aon airgead má fhaightear amach go raibh gníomhaíocht neamhdhleathach ar siúl. Tá líomhaintí agus frithlíomhaintí maidir le conas a dhéantar comhlachtaí a reáchtáil, ach ní bheidh mé ag déileáil ach amháin le cuntais atá iontaofa agus ní bheidh meas ar dhaoine atá ag feidhmiú ar a mhalairt bealach,” a dúirt sé. D’aontaigh sé le hionadaí dlí na mná céile nach raibh sé ceart nach bhfuair sí airgead ar bith, ach dúirt sé nach ndéanfadh sé aon ordú maidir lena cothabháil ar feitheamh lena Mionnscribhinn Acmhainne a bheith comhdaithe agus éisteacht iomlán an iarratais uaithe. Chuir sé an t-iarratas ar athlá ar feadh ceithre seachtaine agus rinne sé ordú cothabhála eatramhach de €75 an linbh in aghaidh na seachtaine – €375 ina iomláine – leis an bhfear céile ag leanúint le híocaíocht na nithe grósaera. “Comhairle mhaith dóibh ná suí síos in éineacht lena n-abhcóidí. Beidh mórán tacaíochta de dhíth ar a leanaí sa 20 bliain atá romhainn amach. B’fhéarr daoibh iarracht a dhéanamh teacht ar shocrú.”

Máthair scartha ag lorg cothabhála nár íocadh

Tháinig máthair náisiúnta eachtrannach le beirt leanaí chun na cúirte léi féin, agus í ag déanamh ionadaíochta thar a ceann féin. Bhí sí scartha óna fear céile agus bhí sí ag lorg riaráistí don chothabháil a bhí ordaithe ag an gcúirt. Ní raibh a fear céile i láthair.

Dúirt an bhean chéile leis an mBreitheamh Aingeal Ní Chondúin i mBéarla briste: “Ní íocann sé mé. Níl ann ach €60 a chaithfidh sé a íoc don bheirt leanaí.

Caithim mórán airgid orthu.”

Dúirt an breitheamh go n-eiseodh sé barántas binse dá ghabháil toisc nár tháinig sé chun na cúirte agus do shárú an ordaithe cothabhála.

Is cosúil go raibh eagla ar an mháthair, ag rá: “Sea, ach má dhéanann tú sin déarfadh sé go maróidh sé mé... tá eagla orm,” a dúirt sí. Chomhairligh an breitheamh don bhean chéile gur chóir di toghairmeacha a eisiúint d’ordú cosanta nó ordú sábháilteachta má bhí eagla uirthi. “Caithfidh tú cinneadh a dhéanamh cad a theastaíonn uait a dhéanamh,” a dúirt an breitheamh.

“Ach tá eagla orm,” a d’fhreagair an bhean chéile, ag cur leis an méid iad ag rá: “Táim ag lorg breis airgid, mar ní mór an méid airgid é €60.” Chomhairligh an breitheamh don mháthair toghairmeacha cothabhála a eisiúint, ag rá nach raibh os comhair na cúirte i láthair na huaire ach forfheidhmiú íocaíochta na cothabhála.

Dúirt an breitheamh leis an mbean go bhféadfadh sí barántas binse a eisiúint lena fear céile a ghabháil: “An rogha eile atá agat ná atráth agus b’fhéidir nach dtiocfadh sé ansin ach oiread.” Bhí an mháthair ag dóbartaíl. “An bhfuil tú ag iarraidh go ndéanfar é a ghabháil?

Tá nó níl,” a dúirt an breitheamh.

“Tá go maith,” a d’fhreagair an mháthair. Mhínigh an breitheamh: “Déanfar é a ghabháil. Tógfar isteach é agus tabharfar bannaí dó agus tabharfar dáta fillte dó le teacht chun na cúirte.”

D’fhill an bhean chéile ar an gcúirt roinnt uaireanta ina dhiaidh sin. Bhí ordú cosanta éigeandála á lorg aici ón gcúirt. Mhínigh an bhean chéile don bhreitheamh a raibh tarlaithe

‘Bíonn sé de shíor ag gaoch orm. Dúirt sé go raibh sé chun mé a mharú’

di ó mhaidin, “bíonn sé de shíor ag gaoch orm. Dúirt sé go raibh sé chun mé a mharú.” Cheadaigh an breitheamh ordú cosanta eatramhach go dtí dáta na héisteachta agus chomhairligh sé don bhean chéile “dialann de na heachtraí agus téacsanna a choinneáil”.

Ag cosaint céilí agus tuismitheoirí

Tá foréigean baile mar bhunús le beagnach leath de na hiarratais chuig an gCúirt Dúiche, le daoine ag lorg cosanta trí orduithe urchoisc nó sábháilteachta, orduithe eatramhacha urchoisc nó orduithe cosanta.

Chomh maith le céilí, is féidir le comhchónaitheoirí, agus tuismitheoirí aosta leanaí fásta cur isteach ar chosaint. Is samplaí de ghnáthiarratais iad an méid seo a leanas

Faigheann máthair neamhphósta ordú sábháilteachta dhá bhliain

Theastaigh ordú sábháilteachta i gcoinne an athar ó mháthair neamhphósta le beirt chlainne, a bhí cúig bliana d’aois agus


seacht mbliana d’aois, i gCúirt Dúiche Bhaile Átha Cliath. Dúirt a hatair nae go ndearna sí iarratas ar ordú cosúil leis cheana, ach nár lean sí ar aghaidh leis. D’fhiafraigh an Breitheamh Aingeal Ní Chondúin den athair, ar neamhnáisiúnach é: “An bhfuil sé i gceist agat ionadaíocht a fháil? An dtuigeann tú go gciallaíonn ordú sábháilteachta gur féidir leat leanúint ar aghaidh ag cónaí sa [bhaile]?” D’fhreagair sé: “Níl mé i mo chónaí ann.”

Mhínigh aturnae na máthair nach raibh na tuismitheoirí pósta agus go raibh beirt leanaí ann. Fuarthas marcanna ar mhúineál an linbh is sine agus chreid an mháthair gurb é an t-athair ba chúis leo agus cuireadh na leanaí faoi chúram Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar feadh tréimhse ghairid.

D’fhiafraigh an breitheamh den athair: “An dtoileoidh tú leis an ordú seo? Tosófar imeachtaí coiriúla má sháraítear é.” D’fhreagair an t-athair: “Céard a chiallaíonn sé sin? Tá mé i mo chónaí le mo deartháir.” Mhínigh an breitheamh gur thug ordú sábháilteachta cosaint don mháthair ó fhoréigean nó ó bhagairt fhoréigin, ag rá:

“Má dhéanann tú rud ar bith as ord gabhfár tú.” Dhiúltaigh an t-athair toiliú agus thug an mháthair fianaise ansin. Dúirt sí go ndúirt a hiníon is sine léi: “Thacht Daid mé agus é ólta.” D’inis sí faoin gcaoi a raibh uirthi fanacht i dtearmann do mhná a ndearnadh ionsaí orthu

Figiúr 4 Orduithe Eatramhacha Urchoisc



Iomlán: 605

- Deonaíodh
- Tarraingthe siar nó scriosta amach
- Diúltaíodh

agus gur tugadh a leanaí faoi chúram ar feadh tréimhse ghairid mar gheall ar imní faoin athair.

Réitigh siad lena chéile ansin agus thaghadh an t-athair ar cuairt. “Bhí sé siar agus aniar, isteach agus amach as an árasán.” An uair dheireanach go raibh sé ar cuairt aici “bhrúigh sé mé agus na leanaí, dúirt sé go raibh mé craiceáilte”. Lean sí ar aghaidh: “Teastaíonn sé [an t-ordú sábháilteachta] uaim mar gheall go bhfuil sé an-fhoréigneach agus sochorraithe.”

D’fhiafraigh an breitheamh den athair an raibh aon cheist aige le cur ar an mháthair. D’fhiafraigh an t-athair: “Cén fáth a ndúirt tú gur thacht mé [an iníon]?... Bhí an cás scriosta amach agus tá a fhios agat nach ndéanfainn é sin... Dúirt an breitheamh nach raibh aon fhianaise ann... Dúirt mé leis an mbreitheamh nach ndearna mé é sin... Bíonn argóintí againn i gcónaí mar gheall ar rudaí

amaideacha, bhí sé [an t-árasán] salach, níl sé go maith do na leanaí.”

“Níor chuir tú aon cheist,” a dúirt an breitheamh roimh chuireadh a thabhairt dó fianaise a thabhairt. Dúirt an t-athair go ndeachaigh sé chuig baile na máthar chun na cuirtíní a dheisiú. “Ní raibh mé ar meisce. Chonaic mé a cara ag cur a lámhe timpeall uirthi.” Seo an rud a chuir tús leis an argóint agus shéan sé gur chuir sé eagla ar an mháthair ná ar na leanaí. D’fhiafraigh atur na máthar don athair: “Bhrúigh tú mo chliant. Ar ordaigh tú isteach sa seomra codlata iad?”

D’fhreagair an t-athair: “Níor bhrúigh mé í. Níor bhain mé úsáid as foréigean ar bith.”

Tar éis éisteacht leis an bhfianaise, dheonaigh an breitheamh ordú sábháilteachta ar feadh dhá bhliain don mháthair.

‘Má dhéanann tú rud ar bith as ord gabhfar thú’

‘Thug m’fhear céile greasáil dom cúpla uair’

Ar an lá céanna rinne bean chéile ar náisiúnach eachtrannach í agus a bhí ag iarraidh go mbeadh urchosca ar a fear céile ó áras an teaghlaigh, iarratas ex parte. Is féidir leis an gcúirt iarratas mar seo a éisteacht agus gan ach páirtí amháin i láthair ach ní féidir ordú urchoisc a dheonú ach i gcúinsí fíor-thromchúiseacha ar feadh ocht lá ar a mhéid go dtí go n-éistear an cás.

Dúirt an bhean chéile leis an mBreitheamh Ní Chondúin go raibh sí ina cónaí lena fear céile agus dúirt sí: “Thug m’fhear céile greasáil dom cúpla uair agus aréir chomh maith.” Rinne an breitheamh iniúchadh ar an gcomhad. Deonaíodh ordú cosanta don bhean chéile i mí Mheán Fómhair 2006 agus ordú sábháilteachta i mí Eanáir ar feadh cúig bliana.

D’iarr an bhean chéile ordú urchoisc ag rá: “Anois tá sé ina chónaí liom. I mí Eanáir bhí mé liom féin. D’fhág mé m’fhear céile. Mí amháin níos déanaí chaill sé a phost. Ní raibh áit ar bith le dul aige. D’aontaigh mé cabhrú leis. Fuair sé post agus bhogamar isteach in árasán.”

Dúirt an breitheamh leis an mbean chéile nach ndeonaítear ordú urchoisc eatramhach ach i gcúinsí fíor-thromchúiseacha amháin agus d’fhiafraigh sé: “An bhfuair tú cóir leighis?”

Ní raibh sé sin faighte ag an mbean chéile agus ansin bhain sí di a scairf ag taispeáint brú craicinn don bhreitheamh ar a muineál. “Céard a tharla?” a d’fhiafraigh an breitheamh di. “Thosaigh sé ag ól,” a d’fhreagair an bhean

chéile agus thosaigh sí ag caoineadh, ag míniú gur phós siad dhá bhliain ó shin agus go raibh siad ina gcónaí in árasán a bhí ar cíos.

“Cén achar ama a bhfuil an foréigean ag dul ar aghaidh?” a d’fhiafraigh an breitheamh. “Bliain go leith,” a dúirt sí. Dheonaigh an breitheamh ordú urchoisc eatramhach ar feadh ocht lá ag rá go dtiocfadh an cás os comhair cúirte arís agus go bhféadfadh an fear céile a bheith i láthair agus é féin a chosaint ag an gcéad éisteacht eile.

Foláireamh tugtha d'fhear faoina iompar agus ordú cosanta fágtha i bhfeidhm

‘Ní buaileadh duine amháin atá i gceist le foréigean. Tá eagla a chur orthu i gceist leis freisin’

I gCúirt Dúiche ar imeall na cathrach, bhí bean ar náisiúnach eachtrannach í ag lorg ordú sábháilteachta nó urchoisc ón mBreitheamh Murrough Connellan i gcoinne a buachalla, ar náisiúnach eachtrannach é freisin, agus a bhí ag déanamh ionadaíochta thar a cheann féin. Dúirt sí go raibh eagla uirthi roimh mhí-úsáid chorpártha – agus gur fhulaing sí mí-úsáid shíceolaíoch – ón bhfreagróir agus gur deonaíodh ordú cosanta trí mhí roimhe sin.

D’fhiafraigh an breitheamh di ar tharla aon rud eile ó shin agus d’fhreagair sí nár tharla agus go raibh siad fós ina gcónaí le chéile ach an uair seo go raibh sí ag iarraidh ordú urchoisc.

Chuir an freagróir isteach, ag rá: “An bhfuil sé indéanta fanacht sa teach? Níl sé d’acmhainn agam bogadh aon áit.” Rinne an bhean an argóint go raibh sí sa chúirt mar gheall gur chuir an freagróir “eagla orm go raibh mo shaol agus

saol mo linbh i mbaol. Tá sé foréigeanach nuair bhíonn sé ag ól, ag screadaíl orm agus ar mo leanbh... thug sé striapach agus cac orm os comhair an linbh agus tá mé trína chéile mar gheall air”.

Lean sí ar aghaidh ag rá gur tháinig an freagróir abhaile agus é ar meisce nuair a bhí a leanbh trí mhí d’aois agus gur chuir sé sceana i líne ar an gcuntar agus gur chuir sé eagla uirthi. D’admhaigh sí go raibh sé ciúin ó cuireadh an t-ordú cosanta i bhfeidhm. Ní raibh siad pósta, ach bhí siad ina gcónaí le chéile ar feadh trí bliana agus bhíodh éad agus amhras i gcónaí air, go háirithe nuair a bhí sé ag ól. Bhí teach ar cíos acu le deartháir an iarratasóra.


D’áitigh an fear nach raibh sé foréigeanach riamh agus gur annamh é go mbeadh éad air agus go mbuailfeadh fearg é. Dúirt an breitheamh: “Ní buaileadh duine amháin atá i gceist le foréigean. Tá eagla a chur orthu i gceist leis freisin.” Léirigh sé a mhíshástacht iomlán go n-úsáidfeadh an t-athair an leanbh mar arm.

D’fhiafraigh sé cé chomh minic agus a bhí sé ag ól. D’fhreagair sé go n-oibríonn sé seachtain amháin agus go mbíonn sé saor an tseachtain dar gcionn agus nach n-ólfadh sé ariamh nuair a bhí sé ag obair. Dúirt sé nach n-ólfadh sé ach uair amháin nó dhó an tseachtain eile.

Shocraigh an breitheamh an cás a chur ar atráth ar feadh dhá mhí agus dúirt sé go mbeadh ar an bhfear cur ina luí air an chéad uair eile cén fáth nár chóir ordú urchoisc a chur i bhfeidhm. Thug sé comhairle dó nach mbeadh aon thodhchaí ann dó chomh fada agus nach nglacfadh sé leis go raibh sé ag cur eagla ar an iarratasóir. Mhíniugh an breitheamh go bhféadfadh sé “taispeáint dom go ndeachaigh tú chun cainte le duine éigean chun labhairt faoin bhforéigean faoin ól” má bhí sé ag iarraidh a chur ina luí air gur tharla a thrú.

Mhol sé don fhear dul i dteagmháil leis an tseirbhís promhaidh ach idir an dá linn go bhfanfadh an t-ordú cosanta i bhfeidhm agus go bhféadfadh an t-iarratasóir glaoch a chur ar na gardaí dá mothódh sí go raibh eagla uirthi.

Figiúr 5 Orduithe cosanta



Iomlán: 3,137

- Deonaíodh
- Tarraingthe siar nó scriosta amach
- Diúltaíodh

Go hAchomair

Foréigean líomhnaithe idir cúpla aosta

Chuardaigh bean chéile a bhí ina 70í déanacha ordú cosanta i gcoinne a fear céile, a bhí ina 70í déanacha freisin, i gCúirt Dúiche Bhaile Átha Cliath. Thug sí fianaise mar gheall nár thoiligh a fear céile leis an iarratas.

Dúirt sí go raibh sí ina cónaí lena deirfiúr agus go ndearna an fear céile bagairtí leanúnacha uirthi go “dtabharfadh sé dorn sna cíocha di” nó go “leagfadh sé go talamh í” agus gur minic go gcaithfeadh sé rudaí léi, ina measc slípéir agus rudaí eile a bhí timpeall an tí.

Shéan an fear céile na líomhaintí, ag rá nár ionsaigh sé riamh í. Chuir Gerard Furlong líomhaintí ar fad na mná céile ar an bhfear

chéile, a bhí ag fulaingt ó ghalarr meabhrach, agus shéan sé iad go léir. Chuir sé doiciméid os comhair na cúirte.

Chuir an breitheamh ceisteanna air faoina shocrúithe cónaithe. Dúirt sé: “Tá mé i mo chónaí i mo theach féin a cheannaigh mé agus a d’íoc mé as.”

D’fhiafraigh an breitheamh an raibh an teach i gcomhainmneacha agus d’fhreagair an fear céile: “Ar an drochuair tá. Níor ionsaíodh ariamh í.” D’fhéach an breitheamh ar a dhoiciméid agus dúirt sé leis an mbean chéile: “Tuigim go bhfuil eagla ort agus go bhfuil fáth maith agat leis sin.” Dheonaigh sé ordú sábháilteachta ar feadh tréimhse trí bliana.

Má mhothaíonn sí níos sábháilte leis an ordú, eisigh é, a deir an fear céile

I gCúirt Dúiche i lár na tíre rinne bean chéile iarratas ar ordú cosanta i gcoinne a fir chéile, a lag maíomh go ndearna sé bagairt uirthi. D’inis sí don Bhreitheamh Michael Reilly gur scar siad óna chéile i mí Bealtaine agus gur bhog sí amach as áras an teaghlaigh. Deonaíodh ordú cosanta di i mí Lúnasa “mar gheall go ndúirt sé nach mbeinn le duine ar bith eile mura bhféadfainn a bheith leis... Dúirt sé go mbuailfeadh sé le carr mé nó [go ngearrfadh] sé na coscáin ar mo charr”. Dúirt sí gur mhothaigh sí níos sábháilte ó bhí an t-ordú cosanta i bhfeidhm.

D’fhreagair an fear céile: “Beag an baol go rachainn in aice leis na coscáin agus mo leanaí sa charr.” D’aontaigh sé go ndeonófaí an t-ordú sábháilteachta áfach. “Má mhothaíonn sí níos sábháilte leis an ordú, eisigh é. Níl aon rud le ceilt agamsa,” a dúirt sé leis an mbreitheamh.

Sa chúirt chéanna rinne bean chéile gan ionadaíocht dlí iarratas éigeandála ex parte ar ordú urchoisc eatramhach i gcoinne a fir chéile. Dúirt sí leis an mbreitheamh: “Níl mé ag iarraidh é a chur amach as a theach féin, níl mé ach ag iarraidh fhios a bheith agam nach féidir leis lámh a leagan orm.”

Dúirt an Breitheamh Reilly leis go gciallódh ordú urchoisc eatramhach go mbeadh air an teach a fhágáil go dtí an éisteacht iomlán an tseachtain dar gcionn. Dúirt sé léi gur rogha eile a bhí ann ná iarratas a dhéanamh ar ordú cosanta ar feitheamh na héisteachta. “Ní chuirfí amach as an teach é. Má ardaíonn sé a lámh nó a ghlór, cuir glaoch ar na gardaí agus gabfar é,” a dúirt sé.

D’inis an bhean chéile leis an mbreitheamh go raibh a fear céile “foréigneach agus déanann sé bulaíocht orm. Cuireann [sé] imeagla orm agus cuireann sé faoi ghlas i seomra mé ar feadh uaireanta fada an chloig”.

Dúirt an breitheamh nach raibh sé in ann comhairle a chur uirthi faoi cén bealach le tógáil agus mhol sé di dul chuig a haturnae áitiúil, comhairle dlí a lorg agus teacht ar ais chun na cúirte um thráthnóna.

Rinne an bhean chéile mar a mhol an Breitheamh Reilly agus tháinig sí ar ais chun na cúirte le haturnae. Mhínigh sí gur ionsaigh a fear céile í ar an Satharn roimhe sin. Rinne sí iarratas ar ordú cosanta, agus deonaíodh é. D’eisigh an breitheamh toghairm ansin i gcomhair ordú sábháilteachta.

‘Ní bheidh mé le duine ar bith eile más rud é nach mbeinn leis’

Urchosc ón mbaile ar fhear a sháraigh ordú sábháilteachta

Bhí cúnaimh ateangaire ag teastáil i gcás a d'éist an Breitheamh Gerard Furlong. Bhí beirt pháistí ag an bhfear céile agus an bhean chéile, cúig bliana agus deich mbliana d'aois. Fuair an bhean chéile ordú sábháilteachta a bhris an fear céile cúpla lá níos déanaí trí ghreim a fháil uirthi agus í a bhualadh. Chuaigh sí i dteagmháil leis na gardaí a tháinig agus a thug rabhadh don fhear céile go raibh ordú i bhfeidhm. Nuair a bhí na gardaí imithe, bhuail sé arís í.

Dúirt an bhean chéile go raibh sé an-ólta, go raibh sé ag screadaíl agus go raibh sceimhle ar na páistí. Gabhadh níos déanaí é agus athchuireadh sa phríosún é. Chuir an bhean chéile leis an méid sin ag rá go raibh fíor-eagla uirthi go bhfillfeadh sé ar an teach agus d'iarr

sí ordú eatramhach, rud a deonaíodh.


Tháinig an cas os comhair na cúirte cúpla lá níos déanaí ach cuireadh ar atráth é le go bhféadfadh ateangaire a bheith i láthair. Nuair a tháinig an ateangaire dúirt an bhean chéile nár leor ordú sábháilteachta. Dúirt an fear céile gur mhothaigh sé ciontach as a bhean chéile a bhualadh agus gur chuardaigh sé cóir leighis dá fhadhb le halcól. Thug an fear céile doiciméid don bhreitheamh.

D'fhiafraigh an breitheamh: “Céard é an uair dheireanach a raibh deoch agat?” D'fhreagair an fear céile: “B'fhéidir gur seachtain ó shin a bhí ann, níl a fhios agam.” D'fhiafraigh an breitheamh: “Cén fáth ar chóir duit dul ar ais chuig áras an teaghlaigh?” D'fhreagair an fear céile go raibh sé i ngrá lena bhean chéile agus lena pháistí.

Tar éis roinnt cúrsaí a shoiléiriú leis an bhfear céile, go ndeachaigh na gardaí go dtí an teach ina measc, d'fhiafraigh an Breitheamh Furlong: “Cén achar ama a bhfuil sé i gceist cóir leighis a fháil?”

D'iarr an fear céile seans amháin eile a thabhairt dó, ag rá go raibh sé ag iarraidh stop a chur leis an ól go hiomlán. Níor ghlac an bhean chéile leis go stopfadh sé den ól. Dúirt an breitheamh go mbeadh air ordú urchoisc a dhéanamh ar feadh bliain amháin agus mheabhraigh sé don fhear céile nach raibh aon rud a chuirfeadh stop leis iarratas a dhéanamh chun an t-ordú sin a bhaint dá mbeadh an cóir leighis sin rathúil.

‘Céard é an uair dheireanach a raibh deoch agat?’



Go hAchomair

Cuireann Cúirt iarratas urchoisc ar atráth

D'iarr bean chéile ordú urchoisc roimh an mBreitheamh Murrrough Connellan. Éisteadh an cás roimhe seo agus cuireadh ar atráth é nuair a thug an fear céile gealltanas go bhfreastalódh sé ar ionad andúile dá fhadhb le halcól agus go bhfágfadh sé áras an teaghlaigh go dtí go mbeadh an cúrsa críochnaithe.

Dúirt abhcóide an fhir chéile go raibh sé críochnaithe san ionad cóir leighis agus go raibh siad sásta leis. Ach le bheith dáiríre faoin gcás ní raibh áit ar bith le dul aige. Cheistigh abhcóide na mná céile é seo, ag rá go raibh teach soghluaiste ag teach a thuismitheoirí agus, sula ndeachaigh sé isteach san ionad agus gan aon rud a rá lena bhean chéile, gur scor sé polasaí árachais €8,000 a bhí sa dá ainm ar airgead. Chuir sí leis an méid sin ag rá go raibh an bhean chéile an-bhuartha faoin gcaoi a mbeadh sé in ann déileáil le cúrsaí arís sa ghnáthshaol. Bhí stair leis an gcás sa mhéid is gur chuardaigh sé cóir leighis roimhe sin sa bhliain 2000 ach gur thosaigh sé ag ól arís ina dhiaidh sin.

Dúirt abhcóide an fhir chéile gur leis a

dheartháir an teach soghluaiste agus díoladh é, agus go raibh an t-airgead i gcuntas agus gur pléadh leis an mbean chéile é.

Dúirt an Breitheamh Connellan, gan réamh-mheas a dhéanamh ar chúrsaí, gur shonraigh an t-ordú go n-imeoidh sé as feidhm nuair a bheadh an clár críochnaithe, agus ós rud é go raibh an clár críochnaithe anois, bhí an chuma ar an scéal nach raibh aon rud chun cosc a chuir air filleadh chuig áras an teaghlaigh. D'iarr sé ar na páirtithe, áfach, dul amach agus breithniú a dhéanamh ar chúrsaí agus teacht ar ais chuige níos déanaí sa lá.

Rinne siad é seo agus d'aontaigh siad go mbainfeadh an fear céile úsáid as an €8,000 le haghaidh cóiríochta agus go gcuirfí an cás siar go mí Mheán Fómhair ag siúl leis go mbeadh sé in ann a thaispeáint ansin an chaoi ar dhéileáil sé leis an iarchúram. Chomh maith leis sin bheadh cinntí déanta ag an lánúin maidir le hidirscaradh breithiúnach.

Rinne an Breitheamh Connellan ordú don fhear chéile an €8,000 a úsáid i gcomhair cíosa agus go leanfadh an t-iarratas urchoisc ar aghaidh ar dháta i mí Mheán Fómhair.

Faigheann athair ordú urchoisc

Rinne athair lag aosta iarratas éigeandála *ex parte* roimh an mBreitheamh Murrrough Connellan ag iarraidh ordú cosanta i gcoinne a mhic agus d'iarr sé go n-eiseofaí toghairmí gcomhair ordú sábháilteachta.

Léigh an breitheamh an t-eolas a chuir an fear ar fáil don chúirt agus d'iarr sé air é a dhearbhu. Shonraigh an t-eolas go raibh mac 33 bliain d'aois an fhir ina chónaí leis agus lena bhean chéile ach nach raibh sé cleithiúnach ó thaobh airgid de mar gheall go raibh sé ag fáil íocaíochtaí leasa shóisialaigh. Shonraigh sé go raibh fadhb aige le halcól agus go dtosódh sé ag tabhairt drochíde do dhaoine nuair a bhí sé ar meisce.

Rinne sé cur síos ar eachtra ina raibh an mac ag eascaine agus ag screadaíl ar a mháthair teacht suas an staighre in ainneoin nach raibh sí in ann mar gheall go raibh

fadhb aici lena cromán. Chaith an mac cupán caife agus canna síos an staighre ansin ag iníon na lánúine atá faoi mhíchumas.

Shonraigh an t-eolas gur thosaigh an t-athair ag éirí inmíoch, le pianta ina chliabhrach a chuir iallach air trí sprae dá chógas a thógáil.

Mhair an drochíde roinnt uaireanta an chloig. Cuireadh gloch ar an dochtúir agus tugadh an mac chuig ionad cóir leighis. Nuair a d'fhill sé tar éis trí lá dúirt sé leo nach raibh léacht uaidh agus lean sé ar aghaidh mar a bhí sé roimhe.

Dhearbhaigh an t-athair an t-eolas sin agus chuir sé leis ag rá go raibh a mhac mar seo roimhe sin agus go raibh eagla air ar an toirt go ngortófaí é féin nó a bhean chéile. Dheonaigh an Breitheamh Connellan ordú cosanta agus d'eisigh sé toghairm i gcomhair ordú sábháilteachta.

Ag déileáil le ceisteanna eile

Go ginearálta, bíonn an chuid is mó d'iarratais chuig an gCúirt Dúiche ag déileáil le cothabháil, leanaí nó foréigean baile acu uaireanta tagann ceisteanna eile chun cinn, cosúil le cead a fháil do leanaí chun pas a eisiúint nó sloinne a athrú, mar a léiríonn na cásanna seo

Pas ag teastáil ó mháthair le dul go dtí an Araib Shádach

Bhí bean Éireannach a bhí scartha óna fear céile Arabach Sádach ag iarraidh cead a fháil chun pasanna a fháil dá beirt leanaí. Bhí sí ag iarraidh colscaradh a fháil ach níor éirigh léi fós. Dúirt sí le Breitheamh Gerard Furlong gur phós sí athair na leanaí i 1984 in ionad Ioslamach in Éirinn. Dúirt sí freisin: “Tá mé ar ais anseo le cúig bliana anuas. Tá beirt de mo leanaí fós aige thall ansin. Tá siad 21 bliain agus 16 bliana d’aois.”

Chónaigh beirt leanaí eile léi anseo in Éirinn agus ní raibh a deirfiúracha feicthe acu ar feadh cúig bliana. Níor íoc an t-athair cothabháil agus chuir sé stop iomlán le húsáid ríomhaire pearsanta ina theach san Araib Shádach sa chaoi is nach mbeadh an mháthair in ann dul i dteagmháil leo nó iad a fheiceáil ag úsáid ceamara gréasáin.

D’inis sí don Bhreitheamh Furlong gur sheol an t-athair ticéid chuici chun dul go dtí an Araib Shádach chun a leanaí a fheiceáil. Is é an leanbh is sine a bhí anseo amháin a raibh pas aici ach bhí sé seo as feidhm anois. Dúirt sí gur dhiúltaigh an t-athair na foirmeacha pas a shíniú. “Dúirt sé go gcaithfidh mé teacht go dtí an Araib Shádach leis na leanaí eile má tá mé ag iarraidh na cailíní a fheiceáil. Sheol sé ticéid chugam,” a dúirt sí.

Dúirt an Breitheamh Furlong: “Tá tú sásta glacadh leis na ticéid seo ach ní féidir leo

taisteal gan pasanna.” Dhearbhaigh an bhean é seo. Dúirt sé: “Tá seoladh agat dó. Ligfidh mé a shíniú thar ceal. Ligfidh mé a thoil thar ceal. Tá mé ag deonú an iarratais seo gan leisce ar bith.”

Lean sé ar aghaidh: “Glacfaidh an t-ordú atáimid ag tabhairt duit áit a shínithe. Beidh na doiciméid eile ar fad fós ag teastáil uait, mar shampla grianghraif agus mar sin de chun an chuid eile de na foirmeacha a líonadh. Tá cúram glactha againne anois don áit a bhí le síniú aige.”

Chuir an mháthair a cúis imní faoin gcás in iúl: “Rud amháin eile, tá mé ag dul go dtí an Araib Shádach le mo chuid leanaí, tá seans ann go gcoinneoidh sé ansin muid”.

“Faigh comhairle,” arsa an Breitheamh Furlong.

“Tá an réimse seo an-chasta. Ní bheadh sé de mhuintín agam comhairle a chur ort.

Tá dlínse againne atá teoranta don tír seo. Labhair leis an Roinn Gnóthaí

Eachtracha sula n-imíonn tú. B’fhéidir go dtabharfaidh siad uimhreacha teagmhála i gcomhair thall ansin.”

D’fhiafraigh sé den mháthair ar rugadh na leanaí anseo. D’fhreagair sí nár rugadh.

“Bhuel, d’fhéadfadh sé sin a bheith ina fhadhb,” a dúirt an Breitheamh Furlong. “Labhair leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha.”

‘Ligfidh mé thar ceal a shíniú... a thoil. Tá sé seo á dheonú agam... gan leisce ar bith’

Aontaíonn lánúin sloinne linbh a athrú

Tháinig lánúin neamhphósta roimh chúirt i mbaile comaitéara ag iarraidh ordú chun sloinne a máthar a thabhairt dá mac. Dúirt siad le Breitheamh Murrugh Connellan go raibh mac 11 bliain d’aois acu le chéile agus go ndearnadh ordú roimhe sin ag tabhairt sloinne an athar don leanbh. Bhí siad ag déanamh iarratais anois ar ordú nua chun an sloinne a athrú go sloinne na máthar mar gheall go raibh fadhbanna acu ag cur isteach ar a phas.

Rugadh an buachaill i mí an Mheithimh 1996 agus cé go raibh an mháthair pósta ag an am chónaigh sí scartha óna fear céile ar feadh blianta fada. Trí sheachtaine tar éis bhreith an linbh tháinig an dá pháirtí chun na cúirte agus fuair an t-athair caomhnóireacht. Dúirt an t-athair nach raibh ach sloinne na máthar amháin ar theastas breithe an linbh ach gur thug an chúirt roimhe sin sloinne a athar don leanbh.

Ach nuair a chuir siad isteach ar phas, dúradh leo nárbh fhéidir an t-iarratas a údarú go dtí go mbeadh deimhniú acu gurb é an leanbh céanna a bhí i gceist leis an leanbh a raibh tagairt dó ar an teastas breithe agus an leanbh a raibh tagairt dó san ordú caomhnóireachta.

D’fhiafraigh an Breitheamh Connellan arbh fhéidir eolas faoin athair a thabhairt don Chláraitheoir Breitheanna, Básanna agus Póstaí. Dúirt sé: “Is féidir liom ordú a thabhairt daoibh, ach níl mé ag iarraidh rudaí a cheangal suas don todhchaí.”

Dúirt an t-athair leis an gcúirt go raibh an bheirt acu sásta le sloinne na máthar, agus a fhios acu gurb é an t-athair dlíthiúil a bhí ann. Bhí an breitheamh buartha go raibh gá ann déileáil leis an gceist i gceart.

D’fhiafraigh sé den mháthair, ós rud é gur fhág a fear céile na blianta fada ó shin, an raibh aon ordú aici maidir le deireadh an phósta. Dúirt sí nach raibh agus nach bhfaca sí é le 20 bliain anuas. Dúirt an Breitheamh Connellan nach mbeadh sé sásta ordú a dhéanamh gan dul isteach níos doimhne sa scéal. Bhí an cheist sa chúirt i 1996, tugadh faisnéis agus bhí an chúirt ag oibriú ar an mbonn sin ag an tráth sin. Ní leor é nach raibh aon athair ar an teastas breithe, dar leis, chun ordú a rinneadh 10 mbliana ó shin nuair a

tugadh fianaise a athrú.

Dúirt an mháthair: “Nuair a chuaigh mé chun an teastas breithe a fháil bhí mé ag iarraidh [sloinne an athar] air ach ní raibh mé in ann mar gheall go raibh mé fós pósta. Cheap mé go mbeinn in ann é a athrú níos déanaí. Tugadh [sloinne na máthar] air ar feadh na mblianta, tugann a chairde scoile é sin air.”

Dúirt an Breitheamh Connellan nach raibh sé ag iarraidh ordú a dhéanamh a chruthódh trioblóid dá mac, mar sin ba mhaith leis an cas a chuir ar atráth chun é a sheiceáil. Nuair a d’fhiafraigh sé an raibh pleananna ag an lánúin dul ag taisteal dúirt siad nach raibh aon phlean acu ach cheap siad gur chóir go mbeadh an pas aige do thurais scoile. Mhol an breitheamh an méid seo a leanas do na páirtithe: “Rinne sibh rud nach ndéanann duine ar bith – smaoinigh sibh chun cinn!”

Chuir sé an cas ar atráth ag rá go ndéanfadh sé iarracht teacht ar réiteach dóibh. D’fhág na tuismitheoirí an seomra cúirte go gealgháireach agus ag gáire. Thug an Breitheamh Connellan a bharúil faoi cé chomh deas agus a bhí sé sin, ag taispeáint gur féidir leis tarlú uaireanta.

‘Rinne sibh rud nach ndéanann duine ar bith – smaoinigh sibh chun cinn’

Ag ullmhú cásanna dlí teaghlaigh le héisteacht – cáschomhdháil i ngníomh

Freastalaíonn **Carol Coulter** ar roinnt cruinnithe eagraithe ag Cláraitheoir Chontae Luimnigh Pat Meghen chun imeachtaí dlí teaghlaigh a fheabhsú agus féachann sí ar cé mar a éiríonn leis na cásanna níos déanaí sa chúirt

In *Cúrsaí an Dlí Teaghlaigh* Imleabhar 1 léirigh Cláraitheoir Chontae Luimnigh Pat Meghen treoirhionscadal ina ndeachaigh sé i mbun cáschomhdhála chun cásanna dlí teaghlaigh a ullmhú le héisteacht. Bhí sé mar aidhm ag na cruinnithe seo na ceisteanna aighnis a chaolú agus, más gá, orduithe a dhéanamh ar an achar ama chun doiciméid, orduithe eatramhacha agus orduithe do chúrsaí ar nós follasú a chomhadú. Tá cláraitheoir an chontae freagrach as cásanna a liostáil sa Chúirt Chuarda agus tabharfar tosaíocht do chásanna ina bhfuil an próiseas seo déanta orthu agus ina bhfuil na pointí aighnis aitheanta.

Thionóil an cláraitheoir cainteanna cáis do sé chás dlí teaghlaigh le linn théarma dlí na Tríonóide agus d’fhreastail *Cúrsaí an Dlí Teaghlaigh* orthu le comhaontú ó na páirtithe nó óna ionadaithe. Bhí na cásanna ar fad liostáilte ansin do dheireadh mhí Iúil. Den sé cinn, bhí dhá chás socraithe níos déanaí gan dul chomh fada leis an gcúirt, socraíodh ceann amháin tar éis páirt-éisteachta, agus bhí ceann amháin fós ag dul ar aghaidh tar éis go ndearnadh orduithe i gcúirt chláráitheoir an chontae. Shocraigh an chúirt dhá cheann.

Bhain an chéad chás le déileáil oifig an chláráitheora leis le dlíthí tuata a dúirt nach raibh sé d’acmhainn aige aturnae a bheith aige agus a bhí díreach thar an teorainn ioncaim do chúnamh

dlíthiúil. Bhí a bhean chéile, a bhí scartha uaidh ar feadh roinnt blianta agus a bhí ina cónaí le bean, ag déanamh iarratais ar cholscaradh. Bhí beirt leanaí cleithiúnacha déagóracha acu, duine amháin ina chónaí le gach tuismitheoir.

Dúirt an fear go raibh an buachaill is óige ag iarraidh bheith ina chónaí leis ach chuir a uaireanta oibre cosc air sin faoi láthair. Thug sé cuairt air gach dara deireadh seachtaine. Ní fhaca an buachaill is sine, a bhí ina chónaí leis, a mháthair.

Dúirt aturnae na mná céile go raibh sí ag iarraidh comhchaomhnóireacht ar na leanaí, ag coinneáil na socrúithe maireachtála reatha agus le rochtain ag an dá thuismitheoir ar an leanbh nach raibh ina chónaí leo. Dúirt sé leis an bhfear go bhfuair leanbh níos sine, a bhí ar chlár cothabhála meatadóin, bás nuair a bhí sé faoina chúram.

Dúirt an t-aturnae nach raibh sé réalaíoch ar chor ar bith do dhuine ar bith cothabháil a lorg. Dúirt sé go raibh dhá ordú urchoisc i gcoinne an fhir cheana ach go hiondúil rinne sé iarracht orduithe urchoisc a sheachaint agus ghlacfadh sé le treoracha.

“Céard faoi áras an teaghlaigh?” a d’fhiafraigh cláraitheoir an chontae.

Dúirt an fear gur chuir sé athmhorgáiste air agus gur íoc sé £15,000 den £20,000 a bhí

‘Dlíthí tuata a dúirt nach raibh sé d’acmhainn aige aturnae a bheith aige agus a bhí díreach thar an teorainn ioncaim do chúnamh dlíthiúil’

comhaontaithe chun a hainm a bhaint den teach, ach nach ndearna sí é sin riamh. Dúirt a aturnae go raibh sí ag iarraidh cnapshuime.

“Níl seans dá laghad aici cnapshuim a fháil,” arsa an fear. Dúirt a haturnae gur íoc sí níos déanaí é chun a hainm a chuir ar ais ar an teach agus nach bhfuair sí an t-iarhmhéid den £28,000 a aontaíodh.

D’fhiafraigh an tUasal Meghen an raibh pinsean ann agus dúirt an fear go ndeachaidh

a chomhlacht faoi leachtú agus nár chuala sé ar ais faoi pinsean. Go hiondúil is rud ar leithligh é pinsean ó shócmhainní an chomhlachta agus ba chóir é seo a shoiléiriú, arsa an tUasal Meghen.

D’fhiafraigh sé ansin faoi luach an tí. Dúirt an t-aturnae go ndearnadh luacháil de €200,000-€220,000 air sa bhliain 2006 agus d’aontaigh an fear leis sin, ag cur leis go raibh morgáiste de €89,000 aige.

Ní cás 50/50 é

Nuair a d’oscail an cás níos déanaí roimh an mBreitheamh James O’Donohoe, dúirt abhcóide na mná go raibh sí ag iarraidh cnapshuime de €50,000 – leath den chothromas sa teach – lúide an £15,000 a bhí faighte aici cheana féin. Bhí sí ag iarraidh go ndíolfaí an teach nuair a bheadh an buachaill níos sine, a bhí 16 bliana d’aois agus ina chónaí lena athair, 18 mbliana d’aois.

D’fhreagair an fear: “D’fhág sí seacht mbliana ó shin mar gheall go raibh sí aerach. D’oibrigh mé gach lá de mo shaol. Níor oibrigh sise ariamh. Thug mé £15,000 di chun a hainm a bhaint den teach agus ní dhearna sí é sin. D’íoc mé an morgáiste. Níor thug sí ranniocaíocht ar bith.”

Dúirt an bhean chéile leis an gcúirt gur fhág sí áras an teaghlaigh mar gheall go dtugadh an fear céile drochíde di agus go raibh sé foréigneach. Bhí cúigear leanaí acu agus bhí beirt fós cleithiúnach. Bhain siad úsáid as seirbhís eadrána agus ba é an chonclúid a bhí leis ná go mbeadh an triúr leanaí níos sine ina gcónaí leis an athair agus an bheirt níos óige ina gcónaí léi. D’aontaigh sí a hainm a bhaint den teach ach ansin d’éirigh a fear céile tinn agus cuireadh chuig an ospidéal é agus ní raibh sé in ann obair ar feadh bliana. Bhog sí isteach in áras an teaghlaigh arís, d’éirigh sí as a post agus thug sí aire don chúigear leanaí agus mar sin bhris an comhaontas eatarthu.

Níor cheap an breitheamh gur cás 50/50 a bhí anseo, ach roinnt dhá thrían/aon trian. Bheadh aon trian den chothromas cothrom le thart ar €42,000, agus bhí suim chothrom de thart ar €20,000 faighte aici cheana, rud a d’fhág €22,000. Dúirt an fear nach raibh bealach ar bith aige teacht ar an tsuim seo.

Cuireadh an cás ar atráth i gcomhair cainteanna nach raibh aon socrú mar thoradh acu. Nuair a thosaigh an cás arís bhronn an Breitheamh O’Donohoe chnapshuim de €30,000 ar an mbean chéile. Rinne sé orduithe ar chomhchaomhnóireacht agus comhrochtain don dá thuismitheoir freisin agus dheonaigh sé foraithe colscartha.

‘Bulaíocht agus imeaglú’

Bhain cás eile a pléadh ar dtús le cláráitheoir an chontae é le lánúin a bhí scartha ar feadh 18 mbliana agus ar theastaigh colscaradh uathu. Ba é an teach an t-aon cheist a bhí ann, a bhí in

ainm an fhir chéile.

“Tá sí neamhghéilliúil,” a dúirt atur nae na mná céile le cláráitheoir an chontae agus le haturnae an fhir chéile. “Thóg sí an teaghlach sa teach. Bhí urchosc airsean agus níor chabhraigh sé.”

Nuair a fiafraíodh faoi mionnscríbhinní acmhainne, dúirt atur nae an fhir chéile go raibh a chliant 66 bliain d’aois, ar phinsean agus ina chónaí i gcóiríocht ar cíos. “Is é an cás a bheidh againn ná gur fhág sé áras an teaghlaigh mar gheall ar bhulaíocht agus imeaglú agus go bhfuil ceann caol na dinge faighte go dtí seo aige,” a dúirt sé. Dúirt sé go raibh a chliant ag iarraidh 50 faoin gcéad den teach. “Ní bhfaighidh sé é sin,” a dúirt atur nae na mná céile.

Dúirt an tUasal Meghen go bhféadfadh an cás tógáil idir uair go leith agus dhá uair an chloig agus liostáil sé do dheireadh mhí Iúil é.

Nuair a d’éist an Breitheamh O’Donohoe leis, dúirt abhcóide na mná céile go raibh sí ag déanamh éilimh ar níos mó ná leath an tí mar gheall ar a chuid iompair agus an méid a thug sí don teaghlach.

Dúirt abhcóide an fhir chéile go raibh urchosc air agus gur fhan sé amach ó áras an teaghlaigh. Cheannaigh sé ar £1,300 ar dtús é. Thóg sé síneadh air agus b’fhiú thart ar €230,000 é. Anois bhí sé ag iarraidh sciar a mhná céile a cheannach. Bhí coigiltis aige arbh fhiú €60,000 iad, a bhí sé ag tairiscint dá leas ann, agus bhí sé ag iarraidh bogadh isteach sa teach arís.

Dúirt abhcóide na mná céile go mbíodh an lánúin ag obair i Sasana agus gur chuir sí a tuarastal i dtaisce agus gur úsáideadh é sin i dtreo cheannach an tí. Bhí sí ina cónaí ann ó 1971 i leith.

Thug sí fianaise gur phós an lánúin i 1967 agus go raibh ceathrar leanaí acu, iad ar fad fásta anois. Dúirt sé go raibh a fear céile an-smachtmhar agus éadmhar agus nár aontaigh sé go gcuirfí oideachas ar na leanaí.

“Fiú más olldhúnmharfóir é d’fhear céile tá sé i dteideal rud éigean a fháil,” arsa an Breitheamh O’Donohoe.

“D’athchóirigh mé an teach. Chaith mé €60,000 air,” arsa an bhean chéile, ag cur leis gur thóg sí an t-airgead seo ar iasacht ón gcomhar creidmheasa. Thug sí an maoiniú d’oideachas na leanaí freisin, a raibh cáilíochtaí tríú leibhéal ag triúr acu.

Nuair a fiafraíodh di an raibh bealach ar bith go mbeadh sí in ann suim a fir chéile sa teach a cheannach amach, dúirt sí go raibh coigiltas de €44,000 aici agus go mbeadh a hiníon, a bhí ina bean gairmiúil, in ann cabhrú léi.

*‘Fiú más
olldhúnmharfóir é
d’fhear céile tá sé
i dteideal rud
éigean a fháil’*

Dúirt a fear céile leis an gcúirt go raibh a bhean chéile foréigneach i gcoinne duine de na leanaí agus gur ruaig sí as an teach í. Bhí sé i dteagmháil leis an iníon seo. Dúirt sé go raibh sé i gceist aige i gcónaí bogadh isteach sa teach arís.

D’aontaigh sé go raibh ar a bhean chéile orduithe cothabhála a fháil ina choinne agus gur laghdaigh sé iad seo sa chaoi gur íoc sé £70 in aghaidh na seachtaine i gcothabháil do na leanaí. Ghlac sé leis nár thug sé ranníocaíochtaí i dtreo a dtáillí tríú leibhéal.

“Molaim aon trian den chothromas glan ar an teach a thabhairt duit, is é sin €57,000. Tá sé i gceist agam ligean duit do phinsean agus do €60,000 a choinneáil. Ba chóir go mbeadh tú in ann áit le bheith i do chónaí a fháil as an méid sin,” arsa an Breitheamh O’Donohoe, ag deonú forairthe colscartha agus orduithe ag cur cearta comharbais ar ceal agus orduithe ainmniúla coigeartaithe pinsin.

‘Cás atá go hiomlán inréitithe’

I gcás eile dúirt aturnae an fhir chéile le cláraitheoir an chontae go raibh deacrachtaí aige treoracha a fháil óna chliant. Is fear gairmiúil a bhí ann a raibh comhlacht eile ceannaithe aige agus a raibh fadhb leis an ól anois aige. Bhí a bhean chéile ag iarraidh idirscaradh breithiúnach a fháil agus bhí ordú cosanta déanta ina choinne.

Dúirt aturnae na mná céile go raibh seisear leanaí acu, agus cúigear acu cleithiúnach. Bhí sí á dtógáil agus bhí sí ag iarraidh na ceisteanna a réiteach.

Dúirt aturnae an fhir chéile go raibh mionnscribhinn acmhainne comhdaithe aige. Bhí cláraitheoir an chontae ag iarraidh luacháil a dhéanamh ar áitreabh gnó an fhir agus dúirt sé go bhféadfadh sé ordú a eisiúint chun cigireacht a dhéanamh taobh istigh de thrí sheachtaine dá mbeadh sé sin inghlactha. D’aontaigh aturnae an fhir chéile agus d’aontaigh sé go ndéanfaí luacháil ar áras an teaghlaigh freisin. Chuirfí na luachálacha isteach faoi bhráid na cúirte agus ní bheadh gá ann le fianaise bhreise ar bith fúthu.

Ghlac aturnae na mná céile leis go raibh an fear ag íoc €1,300 in aghaidh na míosa mar chothabháil do na leanaí cleithiúnacha. Bhí a bhean ag obair. “Is cás é seo atá go hiomlán inréitithe. D’fheicfinn nach dtógfadh sé seo rófhada,” a dúirt sé. Tá comhchaomhnóireacht ar na leanaí aontaithe cheana féin agus iad ina gcónaí leis an mháthair agus tá rochtain aontaithe.

“Beidh sonraí ag teastáil uainn ar SSIAanna, pinsean, figiúr suas chun dáta ar fhuascailt an mhorgáiste ar an áitreabh gnó, cuntais ar feadh trí bliana. Feictear domsa má fhaigheann sí an teach, d’fhéadfaí an t-áitreabh gnó a dhíol, leanann sé ar aghaidh ag íoc cothabhála do na leanaí, agus d’fhéadfaí é a réiteach,” arsa cláraitheoir an chontae.

“Go teoiriciúil tá sé an-simplí,” arsa aturnae an fhir. “Is í an cheist ná iallach a chur air a bheith páirteach. Nuair atá sé ina chiall is fear an-deas é.”

“Cinnte,” arsa aturnae na mná céile.

Dúradh leis an gcúirt go raibh an cás socraithe nuair a tháinig sé aníos le héisteacht níos déanaí i mí Iúil. D’aontaigh an lánúin ar idirscaradh breithiúnach le comhchaomhnóireacht ar na leanaí cleithiúnacha, a bheadh ina gcónaí lena máthair. Bheadh rochtain mhaith fhairsing ag an athair, agus leanfadh sé ar aghaidh ag íoc €1,500 in aghaidh na míosa, €300 do gach leanbh fad is a bhí siad cleithiúnach. Bheadh áras an teaghlaigh sannta don bhean chéile a thabharfadh uaithi aon leas san áitreabh gnó. Ghlacfadh seisear an morgáiste a bhí air leis féin.

‘D’fheicfinn nach dtógfadh sé seo rófhada’

Ag roinnt suas áras an teaghlaigh

I gcás eile ní raibh lánúin in ann aontú ar áras an teaghlaigh a roinnt, arbh fhiú €557,000 é. Bhí sé aontaithe ag na páirtithe go ndíolfaí é. Dúirt atur nae na mná céile le cláraitheoir an chontae go raibh sí ag iarraidh níos mó ná 50 faoin gcéad dó mar gheall ar iompar an fhir chéile. Bhí sí ag iarraidh 52.5 faoin gcéad, chomh maith le leath dá phinsean arbh fhiú €50,000 é. Bhí sí míshásta freisin le cothabháil don leanbh cleithiúnach a bhí socraithe ag €150 in aghaidh na seachtaine sa Chúirt Chuarda, agus bhí gearán aici nach raibh sé á íoc.

Ag an gcruinniú le cláraitheoir an chontae dúirt atur nae an fhir chéile go raibh a chliant ag iarraidh an chothabháil a laghdú. Dúirt atur nae na mná céile go raibh an fear céile féinhostaithe agus go raibh gné ollmhór airgid ag baint leis an ngnó. Dá mbeadh gá leis bheadh an bhean chéile in ann fianaise mar gheall air seo a thabhairt don chúirt.

Dúirt an tUasal Meghan gur chóir cuntais a sholáthar do na trí bliana dheireanacha. Dúirt atur nae na mná céile nach raibh a chliant ag obair ach le roinnt míonna anuas agus nach raibh sé d'acmhainn aici morgáiste a bheith aici. Bheadh sí ag lorg 55 faoin gcéad den teach agus ansin thabharfadh sí uathí a héileamh ar an bpinsean. Dúirt an tUasal Meghan go bhféadfadh sé ordú coigeartaithe maoiné agus ordú chun an teach a dhíol dá mbeadh aon chabhair ann.

Tar éis dul i gcomhairle lena chliant, dúirt atur nae na mná céile gur aontaigh a chliant ar ordú chun an teach a dhíol, le bunphraghas de €557,000 air, agus go nglacfadh sí le 52.5 faoin gcéad den fháltas glan ón díolachán. Ní dhéanfadh sí iarratas ar sciar dá phinsean ach ghlacfadh sí le cnapshuim de €15,000 ina áit. Bheadh ceist ann mar gheall ar dhleacht stampa a bheadh iníoctha ar theach ar bith a cheannódh sí.

Chuaigh atur nae an fhir chéile i mbun comhairle lena chliant agus dúirt sé go n-aontóidh sé le gach rud ach amháin an €15,000, agus bhí an cás liostáilte le héisteacht.

Mheabhraigh an tUasal Meghan do na páirtithe go raibh díol na maoiné aontaithe, go mbeadh ar an bhfear céile cuntais trí bliana agus an bhean chéile ráiteas ar a hioncam don bhliain dheireanach a sholáthar, chomh maith le luacháil ar na pinsin. Socraíodh comhchaomhnóireacht.

D'aontaigh na páirtithe fiosrú a dhéanamh ar an gcaoi chun déileáil le díolachán an tí ó thaobh cánach de.

Nuair a tháinig an cás chun tosaigh le héisteacht dúirt an dá thaobh leis an mBreitheamh O'Donohoe go raibh an cás anghar do réiteach agus léirigh siad an méid a bhí aontaithe. Dúirt abhcóide na mná céile mar gheall ar an gcaidreamh idir na páirtithe agus na deacrachtaí leis an gcothabháil, go raibh sí ag iarraidh é a chaipitliú mar chnapshuim chomh maith le hairgead mar chúiteamh di chun aon éileamh ar an bpinsean a thabhairt uathí. Bhíothas ag siúl go rachadh an leanbh cleithiúnach go dtí an ollscoil agus bheadh sé cleithiúnach ar feadh cúig bliana eile.

Cuireadh an cás ar atráth i gcomhair cainteanna, agus nuair a thosaigh sé arís aontáíodh go bhfaigheadh an bhean chéile 52.5 faoin gcéad de luach an tí chomh maith le €35,000 in ionad cothabhála amach anseo agus aon éileamh ar an bpinsean.

Aighneas nimhneach mar gheall ar thalamh

Bhain cás eile a pléadh le cláraitheoir an chontae le haighneas nimhneach faoi thalamh. Scar an lánúin seacht mbliana níos túisce agus bhí idirscaradh breithiúnach i bhfeidhm. Bhí an fear céile ag lorg colscartha anois. Mhaígh an bhean chéile nár leor an chothabháil agus freisin go raibh a fear céile ag cur isteach ar dhíolachán de thalamh a bhí deonaithe di tar éis an idirscartha agus bhí tuilleadh soláthair ag teastáil uathí. Bhí aighneas ann faoi rochtain ar na leanaí freisin.

Dúirt atur nae an fhir chéile go raibh sé sásta cothabháil a mhéadú san aighneas faoin méid a bhí á chaitheamh ar na leanaí. Is feirmeoir a bhí ann agus bhí gnó beag aige. Bhí gnó ag a bhean chéile freisin.

“An féidir leat luacháil a fháil ar a theach agus ar a thalamh feirme?” a d'fhiafraigh an tUasal Meghan. “Déan an rud céanna léi féin agus cuir isteach iad. Má tá aon deacracht ina dhiaidh sin tar chugamsa. Faigh figiúirí freisin do thalamh atá díolta ar an dá thaobh, chomh maith le mionnscríbhinní acmhainne suas chun dáta. Níl caomhnóireacht ina chnámh spairne. Tá rochtain. B'fhéidir go mbeidh orainn bualadh le chéile arís.”

Dúirt atur nae an fhir chéile go dtógfadh an

‘Níl caomhnóireacht ina chnámh spairne. Tá rochtain.’

cás lá dá mbeadh sé ag déileáil le líomhaintí gur cuireadh isteach ar an ndíolachán talún. “Más rud é go bhfuil an talamh díolta ní gá bacadh leis a thuilleadh anois,” arsa an tUasal Meghen. “Táimid síos go leathlá mar sin,” arsa an t-atarnae.

Nuair a tháinig an cas chun tosaigh le héisteacht d’iarr na páirtithe níos mó ama i gcomhair plé a lean ar aghaidh ar feadh an chuid is mó den lá. Ar deireadh, dúradh leis an gcúirt gur thángthas ar aontú agus rinne an Breitheamh O’Donohoe riail cúirte de.

D’fhoráil an t-aontú go n-íocfadh an fear céile €300 i gcothabháil in aghaidh na seachtaine do gach duine den bheirt leanaí cleithiúnacha don bhean chéile, a bheadh treoirnasctha agus bhí dhá pholasaí árachais saoil le tógáil amach d’oideachas na leanaí. D’aontaigh sé freisin go ndéanfadh sé polasaí árachais saoil eile a shannadh don bhean chéile.

D’aontaigh an fear céile freisin teach a cheannach do gach leanbh chomh maith le troscán. Bhí an cíos ar na tithe seo le dul don bhean chéile le caitheamh ar na leanaí go dtí go mbeadh siad 18 mbliana d’aois, agus gheobhadh siad ansin iad.

D’aontaigh sé freisin cnapshuim de €20,000 a íoc leis an mbean chéile.

Ceithre theach, árasán, feirm agus siopa

Bhain an cas deiridh a pléadh le cláraitheoir an chontae le hiarratas ar cholscaradh a lean ar aghaidh ó idirscaradh breithiúnach a cuireadh i gcrích i 1990. Bhí leanbh cleithiúnach amháin ann agus bhíothas ag súil leis go rachadh sí ar an gcoláiste.

Dúirt aturna na mná céile gur tugadh ceithre phláta tacsáí di tar éis an idirscartha breithiúnaigh ach le dírialáil bhí luach i bhfad níos lú orthu ná mar a bhíothas ag súil leis. Bhí sócmhainní suntasacha ag an bhfear céile.

Dúirt aturna an fhir chéile gur de rogha a thuismitheoirí a bhí an chuid is mó de shócmhainní teaghlaigh a chliant.

Dúirt an tUasal Meghen go mbeadh sé in ann an cas a liostáil do mhí Iúil. Thiocfadh torthaí na hArdteistiméireachta amach i mí Lúnasa a shocródh tothchaí an linbh mar sin d’fhéadfaí a

cothabháil a fhágáil go dtí go mbeadh sé sin thart. D’fhiafraigh sé an raibh cothabháil céile ina cheist. Dúirt aturna an fhir chéile gur áitigh a chliant go raibh soláthar ceart déanta cheana féin.

Dúirt an tUasal Meghen go raibh teach agus árasán ag an bhfear céile, chomh maith le trí theach eile, feirm agus siopa. “An féidir linn luacháil aontaithe a fháil?” a d’fhiafraigh sé.

Dúirt aturna na mná céile gur cheannaigh an t-údarás áitiúil talamh go héigeantach ó theaghlach an fhir chéile a raibh luach €10 milliún air. Fuar a athair bás le déanaí.

Dúirt aturna an fhir chéile nach raibh an fear mar thairbhí in uacht a athar.

Dúirt aturna na mná céile gur chuir sí ceisteanna dlisteanacha faoi ghnóthaí airgeadais an fhir chéile, agus dúradh léi nach raibh gá di na doiciméid a fháil. Dúirt an tUasal Meghen go n-eiseodh sé orduithe frithpháirteacha maidir le follasú, ina measc deonú probháide ar eastáit an athar.

‘Mothúchán anseo de shócmhainní nach bhfuil á nochtadh’

Dúirt sé go scríobhfadh sé chuig aturnaetha don eastáit ag rá go raibh sé ag smaoineamh ar fhollasú triú páirtí i gcomhthéacs soláthar ceart in iarratas colscartha. Freisin bheadh gá ann do dheimhneasc maidir leis an talamh a ceannaíodh go héigeantach.

“Braithim go bhfuil mothúchán anseo de shócmhainní nach bhfuil á nochtadh agus ní dhéanfaidh breitheamh ar bith orduithe gan an t-eolas ar fad,” a dúirt sé.

“Beidh ionadh an domhan ar mo chliant mura bhfuil sé mar thairbhí in uacht a athar. Ba é peata a athar é agus rinne siad go leor gnó le chéile,” a dúirt atur nae na mná céile.

Dúirt atur nae an fhir chéile go raibh cúis mhó inní ar a chliant faoi cá ndeachaidh an t-airgead ó na plátaí tacsáí.

Eastáit de €10 milliún

Tháinig an cás roimh chláráitheoir an chontae ag deireadh mhí Iúil nuair a dúirt atur nae na mná céile go raibh ceithre mhionnscribhinn acmhainne comhdaithe ag an bhfreagróir, le tuilleadh sócmhainní nochtá i ngach ceann acu. Léirigh cóip den tuarascáil phrohbháide go raibh eastáit de €10 milliún ag athair an fhir chéile. Bhí deartháireacha agus deirfiúracha ann agus bhí máthair an fhir chéile sách aosta mar sin ba chóir dó a bheith ag súil le €2-€3 mhilliún a fháil le huacht ar a laghad.

Dúirt atur nae a bhí ag déanamh ionadaíochta

thar ceann mháthair an fhir chéile nach raibh sí ag iarraidh baint a bheith aici leis an gcás mar gheall gur léi siúd an oidhreacht a bhí i gceist.

Dúirt cláráitheoir an chontae gur bhain an cás le soláthar ceart i gcomhthéacs iarratas colscartha. Bheadh sé riachtanach fáil amach cad ad na sócmhainní a bhí ag an athair sula bhfuair sé bás, cad iad na sócmhainní a bhí i seilbh na máthar go hiomlán nó i gcomhsheilbh aici lena fear céile nó leis an bhfreagróir, sa chaoi go mbeadh an t-eolas ar fad maidir leis na sócmhainní ag an gcúirt nuair a shuigh sé.

Dúirt sé go mbeadh glaoch-rolla dlí teaghlaigh i mí Mheán Fómhair agus go bhféadfaí foriarratas a sholáthar a bhain le ceist ar bith eile.

Ag an nglaoch-rolla dlí teaghlaigh i mí Mheán Fómhair, bhí luachálaí do na maoinne aontaithe ag na páirtithe agus d’iarr siad rialú faoi cé a d’íocfadh as na luachálacha Bhí an cás liostáilte do mhí na Samhna leis an gcosúlacht go mbeadh cruinniú dul chun cinn cáis breise ann idir an dá linn chun cinntiú go ndéileálfaí leis na cúrsaí follasaithe ar fad.

Tá iarratas ar chruinnithe le cláráitheoir an chontae curtha isteach do na cásanna conspóidte eile a bhfuil cur síos orthu go bhfuil siad réidh le héisteacht, 32 ina iomláine, agus pléifear leo i mí Mheán Fómhair. Tá dlí teaghlaigh liostáilte le héisteacht ón 30 Deireadh Fómhair go dtí an 15 Samhain, agus táthar ag siúl leis go n-éistfear leis na cásanna cáschomhdhála ar fad ansin, dar leis an Uasal Meghen.

Díriú ar leas na leanaí agus maoin an teaghlaigh á roinnt

Tógann cás idirscartha bhreithiúnaigh i gCúirt Chuarda Lár Tíre trí lá thar roinnt seachtainí agus críochnaíonn sé le leath de mhaoin an teaghlaigh ag dul don bhean chéile, suim bhreise i gcomhair leasa ceathrar leanaí agus an fear céile ag íoc na gcostas.

Tuairiscíonn **Carol Coulter**

Bhain cás a bhí roimh an mBreitheamh Miriam Reynolds le teaghlach a raibh cúigear leanaí cleithiúnacha ann ó cúig bliana go 17 mbliana d’aois, a raibh riachtanais speisialta ag triúr acu. Bhuail an lánúin lena chéile i 1986 agus bhog siad isteach i dteach a bhí in ainm an fhir chéile i gceantar álainn taobh amuigh den bhaile áitiúil. Bhí dhá shealúchas infheistíochta aige sa bhaile, ceann le huacht agus an ceann eile ceannaithe aige. Bhí morgáiste ar an bpéire acu.

Le linn an phósta bhí talamh faighte le huacht ag an mbean chéile a díoladh ar thart ar €340,000 é. Mar chuid d’imeachtaí cúirte ar leithligh, dhíol sé a chuid sa ghnó ina raibh sé ag obair ar €450,000. Bhí an lánúin ag déanamh aighnis faoi céard a tharla don airgead a bhí i gceist chun áras an teaghlaigh a athchóiriú agus gnó an fhir chéile a thógáil.

Sa bhliain 2003, tar éis eachtra idir an leanbh is sine, buachaill, agus an mháthair, d’fhág sí áras an teaghlaigh leis na leanaí níos óige agus bhí sí ina cónaí anois i gcóiríocht a bhí ar cíos. Bhí an buachaill is sine ina chónaí lena athair agus ní fhaca sé a mháthair. Ní fhaca an dara leanbh is sine, cailín, a hathair. Chonaic an triúr leanaí níos óige é ar feadh timpeall leath na seachtaine. Bhí na leanaí níos sine gafa sna deacrachtaí idir a dtuismitheoirí.

Thug an bhean chéile fianaise gur phós sí an freagróir nuair a bhí sí 22 bliain d’aois agus eisean 34 bliain d’aois. D’oibrigh sí ar feadh roinnt blianta ach d’éirigh sí as a post chun aire a thabhairt do na leanaí nuair a bhí an triú leanbh thart ar bhliain amháin d’aois. Dúirt sí go

raibh díospóidí mar gheall ar airgead agus sealúchais ann agus go raibh a fear céile ag iarraidh uirthi an talamh a fuair sí le huacht a dhíol le go bhféadfadh sé ceannach isteach i ngnó. Mhaígh sí gur chomhéignigh sé í chun páipéir a shíniú chun an talamh a dhíol nuair a bhí sí ag iompar clainne agus san ospidéal.

Ó timpeall 2002 i leith bhí foréigean sa teach, a dúirt sí, leis an mac is sine ag caitheamh léi ar bhealach ionsaitheach agus gan a athair a bheith dá cheartú. Shéan sí gur thréig sí áras an teaghlaigh, ag maíomh nach raibh an dara rogha aici seachas fágáil mar gheall ar fhoréigean a mic.

Dúirt sí go raibh caiteachas de bheagnach €1,000 in aghaidh na seachtaine anois aici agus gur theastaigh cnapshuim uaithi chun teach a sholáthar di féin agus don ceathrar leanaí a bhí ina gcónaí léi.

Rinne abhcóide a fir chéile croscheistiú uirthi ar feadh píosa fada agus d’fhiafraigh sé di cá ndeachaigh an €160,000 a mhaígh sí gur chaith sí chun áras an teaghlaigh a athchóiriú. Bhí beagnach €400,000 faighte le huacht aici – cá raibh sé anois?

“Chuaigh sé chuig [an fear céile]. Chuaigh sé chun aire a thabhairt do na leanaí agus iad a thabhairt ar laethanta saoire,” a dúirt sí.

Ghlac sí leis go raibh fadhbanna aici leis an mac is sine. Thosaigh oibriú sóisialta ag obair leis an teaghlach. “Bhí deacrachtaí i mo phósadh. Bhí triúr i mo phósadh ag an am sin.”

*‘Bhí deacrachtaí i
mo phósadh. Bhí
triúr i páirteach
mo phósadh ag an
am sin’*

Nuair a dúradh léi go ndéarfadh an t-oibrí sóisialta gur choinnigh sí an mac seo amach as an teaghlach, gur bhailigh sí a hiníon ón scoil agus gur fhág sí ar thaobh an bhóthair é, d’fhreagair sí gur chríochnaigh an iníon ar scoil ag a 3 i.n. agus gur chríochnaigh seisean ag a 4 i.n. Bhí bailiúchán eile le déanamh aici ag a 5 i.n. agus d’iarr sí air feitheamh.

Nuair a fiafraíodh di an ndearna sí foréigean i gcoinne a fir chéile i bhfianaise na ngrianghraf a tugadh don chúirt, dúirt sí go raibh achrann idir an mac agus an iníon. Rinne a fear céile idirghabháil agus tharraing sé gruaig na hiníne. Chuaigh sí chun í a chosaint.

Shéan sí gur bhriog sí an eachtra ar fhág sí an teach ina dhiaidh nuair a chaith an mac tóirse léi, a bhuaíl san aghaidh í. Dúirt an t-abhcóide: “Bhriog tú é. Dúirt tú lena athair, ‘Céard atá an rud ag déanamh anseo? Cur an rud amach as seo’.”

“Ní dhearna,” a d’fhreagair sí.

Nuair a fiafraíodh sí cén fáth a rinne sí iarratas ar ordú urchoisc i gcoinne a fir chéile nuair nár ardaigh sé lámh léi riamh dúirt sí: “D’úsáid sé [an mac] chun ionsaí a dhéanamh orm. D’ardaigh sé lámh liom.”

Shéan sí go raibh sí amuigh beagnach chuile oíche ag ól lena cairde. D’aontaigh sí go raibh sí páirteach i dtimpiste cairr áit a d’fhulaing sí gortuithe dá muineál agus dá droim, agus gur bronnadh íocaíocht árachais le luach €71,000 uirthi dá bharr. Nuair a fiafraíodh di cá raibh an t-airgead seo, dúirt sí gur chaith sí €28,000 ar bhanna agus an chuid eile ar chíos agus ar chaiteachas eile ina teach reatha.

“Leis an gcúiteamh, an oidhreacht, is thart ar €500,000 a bhí ann ina iomláine. Sé an chaoi gur cuireadh amú é nó gur cuireadh i bhfolach é,” a dúirt an t-abhcóide. “Úsáideadh an t-airgead seo chun aire a thabhairt do na leanaí agus sna tithe,” a d’fhreagair an bhean chéile.

Dúirt an t-abhcóide gurb é €120,000 méid a hinfheistíochta i dtithe agus gnó a fir chéile ach d’áitigh sí go raibh sé níos mó ná sin.

Dúirt an t-oibrí sóisialta leis an gcúirt gur thosaigh sí ag obair leis an teaghlach mar gheall ar imní faoin mbuachaill is sine. Ní raibh ag éirí go maith lena chuid oibre scoile agus dúirt sé leis an oibrí sóisialta go raibh sé chun lámh a chur ina bhás féin.

“Mhothaigh mé go raibh go leor teannais sa teach. Níor labhair

duine ar bith leis an leanbh nuair a tháinig sé isteach. Bhí a fhios agam nach gnáth-theach a bhí ann. Ní bhfuair an leanbh aon ghrá ná cúram. Thaitin spórt ar an teilifís go mór leis agus más rud é gur shuigh sé os comhair na teilifíse bhain duine eile de na leanaí a spéaclaí de sa chaoi nach bhfeicfeadh sé é. Labhair sé liom an t-am ar fad. Dúirt sé go dtéadh sé go dtí a sheomra gach tráthnóna nuair a d’imigh mé mar gheall nach raibh sé in ann féachaint ar an teilifís. Cuireadh a fón póca i bhfolach. Ba é a théad sábhála don saol taobh amuigh é.”

Dúirt sí gur mhaigh an bhean chéile go ndearna sí (an t-oibrí sóisialta) tuascáil lena mhaor maidir lena imní don leanbh ar iarratas ón athair ach nach raibh sé sin fíor. Rinne sí é mar gheall ar a himní don leanbh. Mheas sí go raibh a bhagairt chun lámh a chur ina bhás féin an-dáiríre.

Thug an fear céile fianaise gur theastaigh uaidh go n-oibreodh an pósadh agus go ndeachaidh sé i mbun comhairleoireachta. “Is í firinne an scéil ná nach raibh mé ag iarraidh go gclisfeadh ar an bpósadh. Chaith mé airgead le fadhbanna. Ní labhraíodh sí liom. Níor labhair sí liom ar feadh 10 mí. Ní raibh mé in ann glacadh leis an gcaitheamh ciúin a dhéanadh sí liom. Dúradh liom go gcaithfinn cur suas leis, taitníodh sé liom nó ná taitníodh. Bhí mé ag iarraidh go rachadh sí i gcomhair comhairleoireachta. D’fhreastalaíomar ar sheirbhís eadrána. Dúradh liom nach nglacfadh sí páirt ann.”

Dúirt sé gur ionsaigh a bhean chéile é, agus gur thóg sé pictiúir dá aghaidh mar gheall ar gur dhúradh leis nach gcreidfí é murach sin.

Nuair a fiafraíodh dó cén fáth ar fágadh ceann de na maoine infheistíochta le huacht don mhac is sine, dúirt sé gurb é áras an teaghlaigh a bhí ann agus gur iarr a athair air é a fhágáil ag an mac is sine. Nuair a fiafraíodh de cén soláthar a bhí déanta aige do na leanaí eile, dúirt sé gur fhág sé gach rud acu seachas an mhaoín seo.

Nuair a fiafraíodh de an raibh sé réasúnta dá bhean chéile áras an teaghlaigh a fhágáil, dúirt sé (faoin mhac): “Thagair sí don leanbh mar ‘it’ an t-am ar fad. Bhí orm é a thógáil amach as an áit an tráthnóna sin. Nuair a tháinig mé ar ais bhí an teach folamh.”

Shéan sé gur chuir sé brú uirthi chun an talamh a fuair sí le huacht a dhíol agus dúirt sé go raibh cúig dhíolachán ar leithligh ann de

chodanna den talamh thar tréimhse.

Nuair a fiafraíodh de faoi rochtain ar a leanaí, dúirt sé: “Táim 52 bliain d’aois. Nuair a bheidh mé 65 bliain d’aois tá mé ag iarraidh go dtiocfaidh siad chugam lena gcuid leanaí. Teastaíonn siad uaim agus teastaíonn mé uathu. Níl duine ar bith i mo shaol agam seachas mo leanaí. Is é an t-aon chúis áthais i mo theach ná ar an Domhnach nuair a ritheann siad isteach mo dhoras cúil. Tá mé ag iarraidh banc cuimhne mo leanaí a chaomhnú leis an dá thuismitheoir. Níl aon tuarascáil ann ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ag rá nach thuismitheoir oiriúnach mé. Is iad an t-aon rud maith amháin atá agam as an méid seo ná mo leanaí agus tá siad liom ar feadh leath den tseachtain.”

Dúirt abhcóide na mná céile go raibh luacháil iomlán na maoin idir €1.9 milliún (luacháil na mná céile) agus €1.5 milliún (luacháil an fhir chéile), le dliteanas de €400,000, de réir na sceidil. Ba é an tsuim mheánach, tar éis na dliteanais a thógáil san áireamh, ná €1.3 milliún. Cén fáth nach gcasfadh sé leis an mbean chéile sa lár, agus €650,000 a thabhairt di?

“Ní dhéanfaidh,” arsa an fear céile. “Bhí a cuid iompair cásmhar. Bheadh orm €650,000 a thabhairt uaim. Bheinn féimheach. Níl bealach ar bith go mbeinn in ann airgead mar sin a fháil ar iasacht.”

Nuair a fiafraíodh de céard a cheap sé a bheadh réasúnta le tabhairt dá bbean chéile, dúirt sé: “€350,000. D’fhág sí an teach tar éis ciúnas 10 mí, tar éis a bheith gafa i gclubanna oíche, timpiste cairr. An méid a bhí orm cur suas leis ón mbean seo ...”

“Tá an frithmhilleánú cloiste againn. Tá sé in am anois bogadh ar aghaidh,” arsa an breitheamh.

“Tá mé ag iarraidh go mbeadh rud éigean agam le tabhairt don ghlúin i mo dhiaidh,” arsa an fear céile.

Dúirt an breitheamh Reynolds gur mhaith léi aighneachtaí i scríbhinn a fháil agus tuarascáil ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. D’ordaigh sí tuarascáil Alt 20 ar na leanaí. “Tá sé tábhachtach na ceisteanna mothúchánacha a dheighilt ó leas na leanaí. Tá mé an-bhuartha faoi [an leanbh is sine] agus a leas amach anseo, go háirithe a leas síceolaíochta.”

Chuir sí an cas ar atráth chun aighneachtaí agus tuarascálacha a fháil, agus ansin fhorchoimeád sí a breithiúnas.

Ina breithiúnas dúirt sí: “Is í feidhm na cúirte ná cinntiú go ndéantar soláthar ceart do na páirtithe; go gcinntítear go roinntear sócmhainní an phósta le go bhfuil soláthar ann don dá pháirtí...

“Fuair an dá pháirtí oidhreachtaí le linn an phósta, go háirithe Bean Nuair a tháinig sí chuig an pósadh ní raibh aon sócmhainní aici ar fiú trácht orthu. Bhí an teach a bheadh mar áras an teaghlaigh ag an Uasal... a bhí ina ainm féin ó thús...

“Tá sé de nádúr aige rioscaí a thógáil a chruthaigh roinnt fadhbanna ach tá sócmhainní substaintiúla ag na páirtithe anois. Creidim áfach gur chuir an oidhrecht a fuair Bean ... go mór le fás airgeadais an teaghlaigh.

“Thosaigh aighneas faoi cad as ar tháinig an t-airgead chun áras an teaghlaigh a chríochnú. Fuair an t-iarratasóir airgead agus talamh ó eastát a máthar. Deir an t-iarratasóir gur dhéileáil an freagróir le cúrsaí airgeadais ar fad. Shéan an t-iarratasóir gur aontaigh sí leis an díolachán de roinnt sócmhainní. Deir an freagróir áfach gur aontaigh sí.

“Tá mé sásta go ndearna an freagróir na hidirbheartaíochtaí agus an gnó airgeadais ar fad, ag úsáid a chuid scileanna...

“Tá an freagróir ina chónaí lena mac is sine. Tá an chuid eile de na leanaí ag an iarratasóir. Is an mac is sine an tairbhí atá i gceist leis an maoin infheistíochta ach níl aon soláthar mar sin déanta do na leanaí eile nó don iarratasóir...

“Tá an t-iarratasóir ag iarraidh tús nua a dhéanamh leis an gceathrar leanaí ach ní in áras an teaghlaigh. Tá an freagróir ag iarraidh na maoin ar fad a choinneáil agus go n-íocfaí cnapshuim leis an iarratasóir. Is fiú €1,325,000 iad comhshócmhainní an teaghlaigh.

Gheobhadh an t-iarratasóir íocaíocht cnapshuime de 50 faoin gcéad de €1,325,000... chun teach nua agus troscán a cheannach di féin agus do na leanaí. Tá cothabháil ag €80 in aghaidh na seachtaine faoi láthair. Tá banna infheistíochta Hibernian de €28,000 ann.

“Tá cnapshuim de €662,500 le bronnadh ar an iarratasóir. Coinneoidh an freagróir na maoin ar fad. Is féidir leis a rogha rud a

‘Thagair sí don leanbh mar “it” an t-am ar fad’

‘Tá an t-iarratasóir ag iarraidh tús nua a dhéanamh’

dhéanamh leo chun an chnapshuim a ardú... tá €100,000 le híoc ag an bhfreagróir do agus ar son an ceathrar leanaí. Tá an chnapshuim saor ó ualach... Tá an tsuim de €80 in aghaidh na seachtaine do cheathrar leanaí ró-íseal. I mo thuairim bheadh figiúr ceart timpeall ar €30 in aghaidh na seachtaine do gach leanbh, €120 in aghaidh na seachtaine san iomlán.

“Ordaím foraithe idirscartha bhreithiúnaigh. Ordaím go n-íocfar €120 in aghaidh na seachtaine maidir le cothabháil. Deonaím

caomhnóireacht don iarratasóir don cheathrar leanaí cleithiúnacha atá faoina cúram. Ordaím go n-íocfar íocaíocht cnapshuime de €662,500. Aistrím an leas tairbhiúil in áras an teaghlaigh don fhreagróir.

“Ordaím costais le bheith i gcoinne an fhreagróra mar gheall go dtógfaidh sé an chnapshuim ar fad chun tús as an nua a dhéanamh agus freisin mar gheall go bhfuil ceathrar leanaí cleithiúnacha le tógáil san áireamh.”

Coinníonn athair rochtain faoi mhaoirseacht

I gCúirt Chuarda san Oirdheiscirt d’ordaigh an Breitheamh Olive Buttimer rochtain faoi mhaoirseacht ar leanbh cúig bliana d’aois tar éis achomhairc a rinne máthair an linbh i gcoinne ordú rochtana na Cúirte Dúiche. Ní raibh an lánúin pósta.

Dúirt abhcóide na máthar go raibh iompar an athar taomach foréigneach. Ag an gcualt rochtana faoi mhaoirseacht dheiridh rinne sé bagairt athar na máthar, a bhí ag déanamh maoirseachta ar an gcualt, a mharú.

Ní raibh an leanbh ag iarraidh a athair a fheiceáil mar chuir a iompar as dó.

“Níl mé ag éisteacht leis an gcac seo a thuilleadh. Táim anseo ar son leas mo linbh,” arsa an t-athair.

Dúirt a abhcóide go raibh idirscaradh gairgeach ann le go leor líomhaintí i gcoinne a cliaint. Bhí tuarascáil Alt 20 ordaithe (ag FSS) agus níor mhol sé go mbainfí rochtain. Bhí go leor orduithe cúirte déanta chun rochtain a éascú. Ní raibh an t-athair ag déanamh iarratais ar rochtain gan mhaoirsiú. Bhí an rochtain seo ag tarlú i mbaile an linbh ar an Sathairn ó 11 r.n. go 3 i.n. Bhí daoine ar fáil le bheith ina maoirseoirí.

D’aontaigh abhcóide na máthar go raibh gairgeacht ann, ach chuir sé leis:

“Tá sé seo i gcás ina bhfuil ionsaí déanta

ag an Uasal... ar mo chliant, athar mo chliant, deartháir céile mo chliant. Tá an-ímní uirthi faoi leas an linbh agus an méid a d'fhéadfadh an tUasal... a dhéanamh."

"Is ceart an linbh é rochtain," arsa an Breitheamh Buttimer.

"Céard faoi mura bhfuil an leanbh ag iarraidh rochtana?" a d'fhiafraigh an mháthair.

"Tá eagla ar mo leanbh roimh an bhfear sin."

"Ní féidir liom glacadh leis seo a thuilleadh," arsa an t-athair. "Tháinig rochtain faoi mhaoirseacht isteach mar gheall gur fuadaíodh mo mhac chuig [cuid eile den tír] agus bhí orm é a fháil ar ais. Tá an bhean seo ag rialú rochtana rud nár chóir di a bheith á dhéanamh. Níl mé ag iarraidh go mbeadh daoine ag déanamh aon scrúdaithe eile ar mo chúlra.

"Ba mhaith liom go ndéanfaí FSS seiceáil ar cibé acu an bhfuil rochtain faoi mhaoirseacht oiriúnach nó nach bhfuil."

"Ba mhaith liom fhios a bheith agam cén fáth nár moladh rochtain gan mhaoirseacht," arsa an breitheamh.

"Chosain mé [mo mhac] roimhe seo mar gheall gur fágadh le mangairí drugaí é a bhain mí-úsáid as," arsa an t-athair.

"Rinne sí ionsaí ar mo dheirfiúr. Tá mé ag freastal ar chúrsa tuistithe. Tá mé ag iarraidh a bheith ann do mo mhac agus cabhrú leis le linn a óige. Chomhoibrigh mé go hiomlán le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Rinne mé gach rud, ina measc a bheith díghrádaithe trí iallach a bheith orm suí ina teach agus iarradh ar a hathair an féidir liom mo mhac a thabhairt i gcomhair uachtar reoite."

"An mbeidh air scian a shá i mo chroí sula dtógfadh tú i ndáiríre mé?" a d'fhiafraigh an mháthair don bhreitheamh.

"Tá sé seo ar fad aontaobhach. Tá a hintinn déanta suas aici [an breitheamh] sula dtéann tú isteach."

Tar éis atráth d'ordaigh an breitheamh go leanfaí le rochtain faoi mhaoirseacht le maoirseoir ainmnithe agus mheabhraigh sí don athair nár cheart dó an leanbh a thabhairt amach agus é ar rochtain faoi mhaoirseacht.

'Is ceart an linbh é rochtain'

Buann bean chéile ceart cónaithe sula dtosaíonn caingean colscartha

Deonaíodh cead cónaitheachta in áras an teaghlaigh ar feitheamh le hiarratas colscartha do bhean chéile i gcás idirscartha bhreithiúnaigh ar Chuaird an Oirdheiscirt. Dhiúltaigh an Breitheamh Olive Buttimer iarratas an fhir chéile ar sciar 50 faoin gcéad sa teach a dheonú agus chuir sí an cheist seo ar atráth go dtí mí an Mhárta 2008.

Bhí an lánúin pósta ar feadh 39 bliain agus scar siad sa bhliain 2004 nuair a fuair an bhean chéile amach go raibh caidreamh suirí ar siúl aige. Bhí sé 60 bliain d'aois agus bhí sise 62 bliain d'aois agus bhí ochtar leanaí ón bpósadh, iad ar fad neamhspleách. Bhí an fear céile féinfhostaithe, agus d'fhulaing an bhean chéile ó fhadhbanna sláinte agus ní raibh sí ag obair a thuilleadh cé go mbíodh sí ag obair i rith an

phósta. B'fhiú thart ar €250,000 áras an teaghlaigh, an príomhphointe aighnis, agus bhí thart ar €50,000 dlite i bhfiacha.

Dúirt an bhean chéile go raibh foréigean tromchúiseach sa phósadh, agus go ndearna a fear céile bagairt go ndúnmharódh sé í. Tar éis an idirscartha, fuair sí catalóga do chlocha cinn sa theach nuair a bhíodh a fear céile ann.

Chuir sí síos ar chúinsí an idirscartha, ag rá nuair a bhí sí tinn san ospidéal go ndúirt a mac léi gur tháinig sé abhaile ón obair agus go raibh a athair siar ag ól agus go raibh bean i gceist. Níos déanaí fuair sí amach gur codlaíodh sa leaba, fuair sí clúdaigh do choiscíní agus dhá tháibléad a raibh a fhios aici anois gur Viagra a bhí ann. "Ní raibh sé dá úsáid domsa ar aon nós," a dúirt sí.

‘Níl sé ar intinn agam Bean ... a chur amach as a teach, níl ar chor ar bith’

Dúirt sí gur oibrigh a fear céile san eacnamaíocht dhubh, ag saothrú suas le €5,000 in aghaidh na míosa agus níor ghlac sí leis nuair a dúirt sé nár shaothraigh sé ach €100 in aghaidh na seachtaine.

Dúirt abhcóide an fhir chéile gur shéan a cliant na líomhaintí foréigin ar fad agus gur áitigh sé go raibh a bhean chéile foréigneach ina choinne. Dúirt an bhean chéile go raibh a hiníon sásta teacht isteach agus fianaise a thabhairt faoin bhforéigean, ach dúirt an Breitheamh Buttimer: “Níl mé ag iarraidh leanbh an phósta a tharraingt isteach.”

Dúirt an fear céile gur stop sé de bheith ag obair le déanaí tar éis dul faoi scian. Dúirt sé nach raibh slándáil tionóntachta ar bith aige i dteach a chailín áit a raibh sé ina chónaí anois. Rinne sé iarracht labhairt lena bhean chéile faoina bhfadhbanna pósta ach dhiúltaigh sí. Ansin nuair a fuair sí amach faoin gcaidreamh suirí bhí deireadh leis an bpósadh. “Bhíodh sé ag fáil báis ar feadh píosa fada.”

Nuair a fiafraíodh de faoin Viagra agus clúdaigh na gcoiscíní dúirt sé: “Fuair mé an Viagra ón dochtúir do chara liom. Ba ó thionónta a tháinig na clúdaigh coiscíní. Tá sé go hiomlán seafóideach. Cén fáth a mbeadh

coiscín ag teastáil uaim le bean 53 bliain d’aois?”

Dúirt sé go raibh sé ag iarraidh leath de luach glan an tí chun báirse a cheannach. D’fhéadfadh a bhean chéile an leath eile a úsáid chun áit éigin eile a fháil le bheith ina cónaí.

“B’fhéidir gurb é an rud is fearr ná an ceart a thabhairt do Bhean... cónaí sa theach go dtí níos faide síos an bóthair agus b’fhéidir go mbeadh roinnt de na leanaí ag iarraidh rud éigean a dhéanamh,” a mhol an breitheamh.

“Cuirimid i gcoinne an mholta sin,” a dúirt abhcóide an fhir chéile.

“Níl sé ar intinn agam Bean ... a chur amach as a teach, níl ar chor ar bith,” arsa an Breitheamh Buttimer.

Dúirt abhcóide na mná céile go raibh sé ar intinn aici iarratas a dhéanamh ar cholscaradh nuair a bheadh sé seo indéanta tar éis idirscaradh ceithre bliain i mí an Mhárta 2008.

“Deonaím foraithe idirscartha bhreithiúnaigh agus ceart cónaitheachta ar leith do Bhean Níl áras an teaghlaigh le díol go dtí go mbeidh orduithe breise ón gcúirt. B’fhéidir go mbeadh sé úsáideach dom cur leis nach bhfeicim mar roinnt 50/50 é. Tá cúinsí maireachtála atá an-éagsúil ar fad ag Uasal agus Bean Uasal” a dúirt an breitheamh.

Faigheann bean a d’fhág áras an teaghlaigh 20 bliain roimhe sin €25,000

Dheonaigh an Breitheamh Olive Buttimer €25,000 do bhean a d’fhág áras an teaghlaigh 20 bliain ó shin i gCúirt Chuarda san Oirdheiscirt as a leas in áras an teaghlaigh a bhí fós i gcomhainmneacha.

Chas an lánúin ar a chéile i 1967 agus bhí cúigear leanaí acu. I 1987 d’fhág an bhean chéile, fuair sí colscaradh i ndlínse eile agus phós sí an fear eile a bhí 22 bliain d’aois ag an am sin. Bhí sí 40 bliain d’aois ag an am sin agus bhí a fear céile 58 bliain d’aois. Dúirt an bhean chéile leis an gcúirt gur fhág sí a fear céile ag amanna eile sular chlis ar an bpósadh

ar deireadh, ach go ndúirt a teaghlach léi filleadh i gcónaí. Bhí sé ar intinn i gcónaí aici fágáil nuair a bheadh an leanbh is óige 16 bliain d’aois agus chreid sí gurb é an t-aon bhealach a mbeadh sí in ann é sin a dhéanamh ná fágáil.

Dúirt sí gur chreid sí go raibh sí i dteideal leath d’áras an teaghlaigh tar éis cúigear leanaí a thógáil. D’aontaigh sí gur fhág sí 20 bliain ó shin le fear eile agus go raibh saol iomlán neamhspleách acu ó shin. Nuair a fiafraíodh di cén fáth a raibh sí ag iarraidh leas a bhaint as áras an teaghlaigh anois, dúirt sé: “Dúirt mé i gcónaí nach mbainfinn an díon a bhí os cionn mo chuid leanaí uathu.”

“Sé an casois ná go mbeidh d’fhear céile ina chónaí ann ar feadh 20 bliain agus aire a thabhairt do na leanaí,” a dúirt a abhcóide. “Tá sé 78 bliain d’aois. An nglacann tú leis nach bhfuil sé ar a chumas aige morgáiste a ardú anois tar éis a bheith ag obair ar feadh a shaoil ar fad? An gceapann tú go bhfuil sé cothrom iarracht a dhéanamh ar leas in áras an teaghlaigh?”

“Ceapaim, cinnte,” a d’fhreagair an bhean chéile. “Tá a theaghlach timpeall air aige agus níl agamsa. Tá caidreamh aige agus leanbh atá 11 nó 12 bhliain d’aois. Ní labhraíonn na leanaí liomsa.”

Dúirt an fear céile gur thóg sé na leanaí, an duine is óige acu 16 bliain d’aois, tar éis dá bhean chéile fágáil. “Tar éis di fágáil an mhaidin sin níor tháinig sí in aice leis an áit arís. Níor sheol sí carta breithlá chuig na leanaí ná aon rud eile. Bhí sé millteach dom, mhothaigh mé náire agus míchlú tar éis di fágáil. Rinne mé feabhsúcháin ar an teach tar éis di fágáil, fuinneoga nua, tinteán, doirse inmheánacha, cistin nua feistithe, é sin ar fad. Chosain sé €10,900 ina iomláine.

“D’imigh mé ar scor i 1993, táim 78 bliain d’aois anois agus ar phinsean. Glacaim leis go

bhfuil leanbh agam i gcaidreamh eile. Tugaim cabhair ach ní íocaim cothabháil.”

“Trí bheith ag obair taobh istigh agus taobh amuigh den teach araon chuir do bhean chéile leis an teach,” a dúirt a habhcóide.

“Glacaim leis sin, go pointe,” a d’fhreagair an fear céile.

“Bíodh sí ag obair nó ná bíodh, thóg do bhean chéile cúigear leanaí agus mar sin chuir sí leis an teach,” arsa an Breitheamh Buttimer. “Níl duine ar bith ag iarraidh tú a chur amach as an teach. Chun an teach a fháil i d’ainm féin amháin nach nglacann tú leis go bhfuil praghas le híoc? Mar aitheantas as an gcúigear leanaí a thógáil? Ar mhaith leat an deis chun é a phlé le d’abhcóide taobh amuigh?”

Dúirt a abhcóide go raibh na leanaí fásta suas taobh amuigh agus go raibh siad ag iarraidh a dtuairimí a chur in iúl, ach dúirt an breitheamh: “Ní cheapaim go gcabhródh sé sin.”

Cuireadh an casois ar a tráth ach níor thángthas ar chomhaontú. Dheonaigh an breitheamh €25,000 don bhean chéile as a leas in áras an teaghlaigh, le bheith íoctha taobh istigh de sé mhí, agus d’ordaigh sí go n-aistreofaí é chuig ainm an fhir chéile amháin. Thug sí aitheantas don cholscaradh Sasanach freisin.

‘Bíodh sí ag obair nó ná bíodh, thóg do bhean chéile cúigear leanaí agus mar sin chuir sí leis an teach’

Go hAchomair

Caithfidh comhaontú ar oidhreacht mic ‘a bheith i scríbhinn’

Dhiúltaigh an Breitheamh Donagh McDonagh ordú a dhéanamh do cholscaradh le toiliú i gCúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath mar gheall gur mheas sé nach ndearna na téarmaí soláthar ceart don bhean chéile. I ndiaidh éisteacht leis an lánúin, dlíthithe tuata beirt, d’aontaigh sé go raibh sé sásta ordú a dhéanamh air dá gcuirfeadh siad a dtuiscint síos i scríbhinn.

Ba í an cheist ná an bhealach ina roinnfí áras an teaghlaigh, ar fiú €500,000 é. D’aontaigh an lánúin go bhfaighidh an bhean chéile €120,000 ar a leas ann agus go bhfaighidh an t-aon leanbh amháin, mac, le huacht é lá éigean. Idir an dá linn bheadh sé ag an bhfear céile.

“D’éirigh linn teacht chomh fada leis seo agus a bheith síochánta lena chéile,” a dúirt an bhean chéile. “Mothaím go raibh an réiteach cothrom agus cóir.”

“Níl aon rud ag cur stop leis an Uasal ... chun an teach a dhíol i gceann dhá bhliain nó

cúig bliana agus bogadh chun na Spáinne, ag fágáil [an mac] ar an trá thirim,” arsa an Breitheamh McDonagh. “Ceapaim go mbeadh sé níos fearr é a scríobh síos. Ba chóir d’ainm do mhic a bheith ar na gníomhais teidil.”

“D’iniúchamar é sin a dhéanamh, ach chosnódh sé timpeall €22,000,” a dúirt an bhean chéile.

“Dá mbeadh sé idir an bheirt agaibh ní mheasfainn gurb é €120,000 soláthar ceart as teach ar fiú €500,000 é,” arsa an breitheamh. “Sin sula dtugann tú bhur mac isteach sa scéal. Nuair a thugann tú é sin isteach sa scéal d’fhéadfadh sé gur soláthar ceart atá ann. Ba chóir an comhaontú eadraibh faoi leas do mhic a chur i scríbhinn. Ba chóir díobh aturnae a fheiceáil mar gheall air sin.

“Diúltaím don iarratas ach fágaim an cás ag seasamh agus is féidir libh teacht ar ais chugam i rith an lae, nuair a bheidh aturnae feicthe agaibh.”

‘Tá sé de cheart ag leanbh a mháthair a fheiceáil’

Deonaíodh rochtain faoi mhaoirseacht dá mac óg do mháthair neamhphósta i gCúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath nuair a rinne sí achomharc ar ordú de chuid na Cúirte Dúiche a dheonaigh caomhnóireacht aonarach dá hiarpháirtí, gan tagairt ar bith a bheith ann do rochtain. Tháinig an dá thuismitheoir chun na cúirte gan ionadaíocht.

“Seo a leanas an chaoi a n-oibríonn sé,” a dúirt an Breitheamh Donagh McDonagh leis an athair. “Tugann sí fianaise. Tá an ceart agat croscheistiú a dhéanamh. Beidh an ceart agatsa do fhianaise a thabhairt agus beidh an ceart aici croscheistiú a dhéanamh ort.”

“Bhriseamar suas timpeall ar sé seachtaine tar éis bhreith ár mic mar gheall go raibh sé de mo bhualadh,” arsa an mháthair.

“Chuaigh mé ar ais go dtí teach mo mháthar. Bhí dúlagar iarbheirthe orm nach ndearnadh diagnóisiú air. Cheap an t-altra go mbeadh sé níos fearr dá mbeadh an leanbh le [mo pháirtí] nuair a bhí dúlagar orm. Chuir mé isteach ar chaomhnóireacht aonarach. Ní raibh mé i láthair sa Chúirt Dúiche, bhí eagla orm roimhe.

“Dúirt an t-oibrí sóisialta gur chóir dom an leanbh a bheith agam ar an Aoine. Thart ar dhá sheachtain ó shin d’iarr [mo pháirtí] orm é a thógáil agus bhí sé agam ar feadh trí lá agus ansin thug mé ar ais é. Ní fhaca mé ó shin é.”

“Céard atá tú ag iarraidh anois?” a d’fhiafraigh an breitheamh.

“Ba mhaith liom comhchaomhnóireacht,” a d’fhreagair an mháthair. “Níl sé cothrom ar

‘Tugann sí fianaise. Tá an ceart agat croscheistiú a dhéanamh’

[an leanbh] mé a fheiceáil agus ansin gan mé a fheiceáil” Nuair a fiafraíodh di faoina socruithe cónaithe, dúirt sí go raibh sí ina cónaí lena haintín agus lena seanathair, a bhí 42 agus 76 bliain d’aois faoi seach. Bhí grá acu don leanbh, a dúirt sí.

Nuair a tugadh deis dó croscheistiú a dhéanamh, d’fhiafraigh an t-athair: “Cén fáth ar tugadh caomhnóireacht dom?”

“Ní raibh mé i láthair,” a d’fhreagair an mháthair.

“Labhair mé le do mháthair agus d’athair Tá inní orthu faoi cá bhfuil tú. Deir do mháthair go bhfuil tú gan airgead i gcónaí. Bhí ordú cúraim ag na hoibríthe sóisialta. Dá mbeadh aon rochtain aici ar an leanbh bhainfí di ar an bpointe é,” a dúirt sé leis an mbreitheamh. “Níl sí oiriúnach. Táim i gcaidreamh cobhsaí. Táim le bheith luaite i le duine. Táim lánbalta aire a thabhairt don leanbh.”

Ag tabhairt a fianaise féin dúirt sé go raibh an caidreamh amhrasach le linn di a bheith ag iompar, ansin nuair a rugadh an leanbh ní raibh a hiarpháirtí ag iarraidh baint ná páirt a bheith aici leis.

“Bhí sí ag iarraidh a bheith amuigh an t-am ar fad. Bhí orm an leanbh a bhailiú ó theach a máthar roinnt mhaith uaireanta. Tháinig sí chugam nuair a bhí mé ag obair agus d’fhág sí liom é agus é fliuch báite. Bhí sí in ainm is a bheith ar scéim FÁS. Táim i mo chónaí le mo thuismitheoirí agus mo deartháireacha. Tá ár seomra féin agamsa agus ag [an leanbh]. Nuair a d’éirigh mé bhí orm é a thabhairt i gcomhair a chuid instealltaí agus scrúduithe sláinte. Ní dhearna sise rud ar bith.”

“Nach gceapann tú gur chóir don leanbh a mháthair a fheiceáil?” a d’fhiafraigh an breitheamh.

“Bhíodh sí á fheiceáil. Ansin Déardaoin seo caite bhí sí ag obadh seiceanna thart timpeall na háite ar fad. Ní raibh mé ag iarraidh go nochtfaí é sin dó.”

“Cén fáth ar chlis ar ár gcaidreamh?” a d’fhiafraigh an mháthair

“Ní fhanfadh tú istigh,” a d’fhreagair sé.

“Nár chuir na gardaí stop leat de bheith de mo bhualadh?” a d’fhiafraigh sí.

“Níor chuir,” a d’fhreagair sé.

“Ceapaim go bhfuil [an leanbh] i dteideal a mháthair a fheiceáil agus go bhfuil sí i dteideal é a fheiceáil,” arsa an Breitheamh McDonagh. “An bhfuil aon chara comónta nó

gaol a bheadh in ann cabhrú?”

“Téann sé go dtí a sheanmháthair

[ar thaobh a mháthar] ar an Aoine óna 10 r.n. go dtí a 6 i.n. agus uair sa mhí fanann sé thar oíche. Níl fadhb ar bith agamsa lena mhamó. Ba chóir go mbeadh sé sin ceart go leor. Tá [an mháthair] amuigh ag ól gach oíche. Anois tá sé in ann cuimhneamh ar céard atá ar siúl agus níl mé ag iarraidh go nochtfaí é sin dó.”

“Mar bheart eatramhach tá sé i gceist agam rochtain a cheadú,” a dúirt an breitheamh.

“Ceapaim gur chóir don bheirt agaibh ionadaíocht dlí a bheith agaibh. Téigh chuig an mBord um Chúnaimh Dlíthiúil. Idir an dá linn beidh rochtain faoi mhaoirseacht ann. Tá rochtain ar an Aoine ag teach a sheanmháthar [an leanbh] le leanúint ar aghaidh.”

“Chuaigh sí chun na cúirte dá rochtain

féin,” a dúirt an mháthair.

“Táim chun rochtain a thabhairt duit gach Satharn óna 11 r.n. go dtí 7 i.n. i dteach do sheanathar. Ní áit ar bith eile.”

“Níl smacht ar bith ag an seanathair ná ag an aintín ar an duine óg sin,” arsa an t-athair.

“Tá do sheanathair nó d’aintín le bheith ansin an t-am ar fad,” a lean an breitheamh ar aghaidh.

“Idir an dá linn fanfaidh caomhnóireacht leis an Uasal ... chomh maith le cúram agus smacht príomhúil. Molaim go láidir go bhfaigheadh an bheirt agaibh comhairle dhlíthiúil agus teacht ar ais chugam leis an bhfianaise ar fad, ina measc tuarascálacha ó oibríthe sóisialta.”

‘Níl sé cothrom ar [an leanbh] mé a fheiceáil agus ansin gan mé a fheiceáil’

Go hAchomair

Ordú rochtana athar le leanúint ar aghaidh gan athrú

Dhiúltaigh an Breitheamh Donagh McDonagh athrú a dhéanamh ar ordú na Cúirte Dúiche gur chóir rochtain athar ar a leanaí a chur ar bun sa theach ina bhfuil cónaí ar an mháthair, ag feitheamh ar imeachtaí faoin gcaoi a bhfuil an teach le roinnt.

Ní raibh an bheirt pósta agus bhí beirt leanaí acu, ocht mbliana agus sé bliana d’aois. Bhí teach ceannaithe acu le chéile agus bhí imeachtaí deighilte á dtabhairt anois maidir leis an teach. Bhí na leanaí ina gcónaí sa teach leis an mháthair, a bhog amach faoin ordú cúirte ón Domhnach go dtí an Mháirt le go bhféadfadh an t-athair am a chaitheamh leo.

Dúirt abhcóide na máthar go raibh an socrú go hiomlán do-oibrithe di agus nach rabhthas ag cloí leis na coinníollacha a bhí ag dul leis. Ina measc bhí ar na leanaí a bheith ina leaba ag am socraithe agus dinnéar a bheith acu idir 5 i.n. agus 6 i.n. Bhí siad ag ithe bia beir leat, nó á thabhairt amach. Ba chóir don rochtain a bheith lena n-athair leis féin ach is minic go mbeadh cuairteoirí sa teach, bean ina measc. Bhí an teach le coinneáil glan agus néata ach fágadh soithí sa doirteal agus ní raibh an níochán déanta. Bhí billí gáis agus leictreachais ag carnadh. Dúirt sí nach mbeadh fadhb ar bith ag a cliant le rochtain i dteach máthar an athar, áit a raibh sé ina chónaí.

Dúirt abhcóide an athar go raibh an t-ordú seo déanta ag an mBreitheamh Furlong le toiliú sa Chúirt Dúiche dhá bhliain ó shin. Nuair a tháinig an cás ar ais roimhe níos túsce i mbliana dhiúltaigh sé an t-ordú a athrú.

“Tugann [mo chliant] aire an-mhaith do na leanaí. Ní éistfidh an tUasal ... leis an gcás. Tá sí ag tiomáint suas chuig an teach agus ag caitheamh na soilse ag 7.30 i.n. Tá sí ag iarraidh é a choinneáil amach as an teach le gur féidir léi leanúint ar aghaidh lena saol. Níl fadhb ar bith againn leis an Uasal ...

go mbeadh a buachaill ann . Tá a fhios againn go bhfuil fear ina chónaí inár dteach.”

Chuir sí leis nach mbeadh rochtain i dteach mháthair a cliant oiriúnach mar gheall nach raibh sé gar do scoil na leanaí.

“Ceapaim gur cuacha iad an dá pháirtí le ceisteanna maoiné atá fós gan réiteach tar éis dhá bhliain,” arsa an breitheamh. “Níl dada déanta faoin teach ó mhí Feabhra i leith. Tá an Chosaint agus an Frithéileamh le seirbheáil taobh istigh de sheachtain ón lá inniu. Idir an dá linn tá cás againn a bhfuil an chuma air nach bhfuil sé ag obair.

“Níl aon áit eile don Uasal ... chun rochtain a bheith aige faoi láthair. Tá an teach ag an Uasal ... mar a príomháit chónaithe. Cá mhéad seomra leapa atá ann?”

Dúirt an t-abhcóide go raibh trí cinn ann, le ceann acu a bhí coinnithe faoi ghlas. Bhí leapacha buinc i seomra amháin a roinn na leanaí nuair a bhí a n-athair sa teach agus chodail seisean sa tríú seomra leapa.

“Más féidir sceideal a scríobh amach maidir leis na leanaí ag éirí, obair bhaile, dinnéar agus am codlata, agus go bhfuil sé ríshoiléir go bhfuil an teach le fágáil sciobtha scuabtha, is srian ar an Uasal ... é a rá nach féidir leis duine ar bith a thabhairt isteach. Ní cheapaim gur srian rómhór é le rá nach féidir leis duine a thabhairt isteach gan fógra agus comhaontú roimh ré. Níl cead ag duine ar bith tobac a chaitheamh sa theach ar chor ar bith, ós rud é go bhfuil asma ar dhuine de na leanaí, is é a leas féin is tábhachtaí.

“Ní féidir leis an bpáirtí eile cuairt a thabhairt ar an áit timpeall an tí nuair atá siad amach as. Seo an córas a bheidh ann go dtí go mbeidh na himeachtaí deighilte ann. Ba chóir na himeachtaí sin a bhrostú.”

Rátaí éagsúla socraithe ag Cúirt Chuarda an Iardheiscirt

Leanann **Carol Coulter** ar aghaidh lena hanailís ar chomhaid dlí teaghlaigh i gCúirteanna Cuarda i mí Dheireadh Fómhair agus í ag díriú an uair seo ar Luimneach, Ciarraí agus an Clár atá i gCuaird an Iardheiscirt

Is í Luimneach an trú hionad is mó sa Stát maidir le dlí teaghlaigh. Níl ach Baile Átha Cliath agus Corcaigh níos mó ná í. Is inti a próiseáladh 5% de na cásanna colscartha agus idirscartha breithiúnacha sa bhliain 2006. Baineann Cuaird an Iardheiscirt le Contae Luimnigh, Contae Chiarraí agus Contae an Chláir agus bíonn a lán cásanna dlí teaghlaigh le plé inti. Táim ag cur na trí chontae le chéile agus mé ag déanamh anailíse ar thorthaí na gcásanna i mí Dheireadh Fómhair 2006.

Cuireadh tús luath le téarma na féile Mhichíl i Luimneach sa bhliain 2006 de bharr brú mór oibre agus bhí cásanna dlí teaghlaigh ar siúl ar feadh seachtaine ag deireadh mí Mheán Fómhair. Ghlac mé leis gurb ionann é sin agus éisteachtaí Dheireadh Fómhair i gCuairdeanna eile. Caitheadh seachtain le cásanna dlí teaghlaigh i dTrá Lí freisin ach ní raibh siad ar siúl in Inis ar chor ar bith. Ba i dTrá Lí agus i Luimneach a éisteadh na cásanna dlí teaghlaigh go léir a bhain le Cúirt Chuarda an Iardheiscirt.


Is mian liom déileáil sa chaoi chéanna leis na Cúirteanna Cuarda go léir agus mar sin táim ag cónascadh na bhfigiúirí seo i slí is go mbainfidh an t-iomlán leis an gcuaird iomlán.

Bhí difríochtaí suntasacha le feiceáil, áfach, idir an dá chontae ina lán réimsí. Is cosúil go raibh an scéal amhlaidh toisc níos mó cásanna dlí teaghlaigh i gcomhthéacs cathrach a bheith ar siúl i Luimneach ná i dTrá Lí.

Bhí an difríocht ab fhollasaí le sonrú sna rátaí socruithe. Bhí i bhfad ní ba mhó cásanna faoi chonspóid i dTrá Lí ná i Luimneach. Troideadh 9 gcinn de na 32 cás go dtí an deireadh i dTrá Lí agus b'éigean don bhreitheamh breith a thabhairt. B'ionann é sin agus ráta réitigh de thart faoi 73%.

Mar mhalairt air sin, níor troideadh ach 2 cheann de na 47 cás go dtí an deireadh i

Figiúr 1 Fad an phósta roimh cholscartha



Luimneach agus b'ionann é sin agus ráta réitigh de thart faoi 96%. Nuair a chuirtear figiúirí an dá ionad le chéile is léir gur troideadh 11 cheann de na 79 cás go dtí an deireadh. Bhí ráta réitigh de thart faoi 86% ann mar sin, ráta a bhí beagán ní b'isle ná meánráta Bhaile Átha Cliath don mhí chéanna. A mhalairt ar fad a tharla i gCorcaigh sa tréimhse chéanna nuair a réitíodh gach cás.

Fáth amháin a bhí leis an ráta réitithe íseal i dTrá Lí ná go raibh céatadán ní b'airde de chásanna idirscartha breithiúnaigh ansin. Is í seo an chéad chéim ina ndéantar póstaí a bhfuil cliste orthu a rialú de réir an dlí. Is minic a bhíonn idirscaradh breithiúnach tugtha agus comhaontú idirscartha déanta agus formhór na gceisteanna réitithe sula n-iarrtar colscaradh.

Fáth eile a d'fhéadfadh a bheith leis na cásanna conspóideacha i dTrá Lí ab ea an chaoi ar bhain céatadán ní b'airde díobh le cinntí faoi leanaí cleithiúnacha. Bhí 17 gcás den sórt sin i dTrá Lí agus 32 cás ann san iomlán. B'ionann sin agus os cionn a leath díobh. Ní raibh ach 13 chás den sórt sin i measc na 47 a bhí i Luimneach. B'ionann sin agus beagán os cionn an ceathrú cuid díobh.

D'fhéadfadh sé tarlú freisin gur éisteadh roinnt

cásanna conspóideacha an mhí áirithe sin a cuireadh ar athlú roimhe sin.

Deireadh le póstaí níos faide i Luimneach

Is féidir é seo a mhíniú trína rá gur bhain 19 gcás i Luimneach le lánúineacha a bhí pósta le breis agus 25 bliain agus nár bhain ach 9 gcás le lánúineacha den sórt i dTrá Lí. Is lú an seans go mbeadh leanaí cleithiúnacha fós ag lánúineacha atá pósta an fad seo agus ar an ábhar sin ní thiocfadh ceisteanna faoina leas agus a bhfuil i ndán dóibh chun cinn i gcásanna idirscartha breithiúnaigh nó colscartha.

Bhí difríochtaí maidir le háras an teaghlaigh agus sócmhainní eile le sonrú sa dá ionad freisin. Ní raibh ceist ar bith faoi áras an teaghlaigh i 16 chás i Luimneach. Bhí an scéal amhlaidh i gceithre chás toisc go raibh a dtithe féin ag an dá pháirtí cheana féin agus tharla sé seo de gnáth toisc go bhfuarthas idirscaradh breithiúnach sular iarradh colscaradh. Ar an ábhar sin bhí na socruithe déanta le go mbeadh saol neamhspleách ag an dá pháirtí. Ní raibh aon argóint ann faoi áras an teaghlaigh i 12 chás acu toisc páirtí amháin nó an bheirt acu a bheith ag maireachtáil i gcóiríocht ar cíos nó lena ngaolta. Bhí a dtithe féin ag an dá pháirtí i sé chas i dTrá Lí is gan teach ar bith ag aon pháirtí acu i seacht gcás eile.

Déileáladh le 79 cás i rith dhá sheachtain an dlí teaghlaigh i gCúaird an Iardheiscirt is gcomparáid le 50 cás i rith dhá sheachtain i gCorcaigh sa mhí chéanna. Tugadh ocht n-idirscaradh breithiúnacha i dTrá Lí agus dhá cheann i Luimneach. Tugadh 24 colscaradh i dTrá Lí agus 43 i Luimneach. Éisteadh cás amháin maidir le haithint colscartha Shasanaigh agus cás amháin dearbhaithe tuismíochta. Bhí an dá chás le toiliú na bpáirtithe. Ní raibh aon achomharc ón gCúirt Dúiche, ná iarratais ar chaomhnóireacht ná ar neamhniú.

Bhí daoine de réimse leathan aoise ag cur isteach ar idirscarthaí breithiúnacha agus ar cholscarthaí, faoi mar a tharla i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh. Bíodh is nach bhfuil dátaí breithe ar na comhaid, tá na dátaí póstaí orthu, rud a insíonn an fad a mhair na póstaí agus a thugann leid gharbh faoi aois na bpáirtithe.

Ba iad lánúineacha a bhí pósta níos lú ná 10 mbliana a rinne 5 cinn de na 32 iarratas i dTrá Lí agus 11 de na 48 iarratas i Luimneach; Lánúineacha a bhí pósta idir 11 agus fiche bliain a rinne 11 iarratas san dá ionad; Ba iad

lánúineacha a bhí pósta idir 21 go 30 bliain a rinne 10 n-iarratas i dTrá Lí agus 13 iarratas i Luimneach agus maidir le póstaí a mhair breis agus 30 bliain cuireadh clabhsúr foirmiúil ar 6 cinn acu i dTrá Lí agus ar 13 i Luimneach.

Ba léir ó na horduithe a tugadh gur tharla sé seo i roinnt cásanna tar éis don lánúin a bheith scartha ó chéile le blianta fada ach níorbh é sin an scéal ag a bhformhór acu. Bhí idirscaradh breithiúnach nó comhaontú scartha i bhfeidhm cheana féin i gcás líon suntasach de na cásanna colscartha agus nach ndearna an colscaradh ach críoch foirmiúil a chur leis an bpósadh.

Díriú ar Leanáí

Bhí leanáí ina saincheist i 5 cinn de na 9 gcás a chuaigh ar aghaidh go héiteacht iomlán i dTrá Lí is a bhain le leanáí. Bhí 17 gcás san iomlán a bhain le leanáí i dTrá Lí agus 15 i Luimneach.

Bhí roinnt difríochtaí idir torthaí na gcásanna i dTrá Lí agus iad siúd i Luimneach ach d'fhéadfadh sé gur bhain siad seo leis an aicme shóisialta ónar tháinig na páirtithe. Ba é comhchaomhnóireacht an toradh ba choitianta i dTrá Lí (10 gcás as 17 gcás), bíodh an príomhionad cónaithe leis an mháthair nó gan aon phríomhionad cónaithe sainithe. Tugadh an chaomhnóireacht don mháthair amháin i 5 chás de na 17 gcás i dTrá Lí, bhí an chaomhnóireacht ag an athair i gcás eile agus bhí cuid de na leanáí le gach tuismitheoir i gcás eile. Tugadh an chaomhnóireacht don mháthair amháin i 6 chás de na 15 chás i Luimneach, tugadh comhchaomhnóireacht i 9 gcás agus sainíodh gur leis an mháthair a bheadh an príomhionad cónaithe i 6 chás díobh san.

In dhá chás inar ordaíodh caomhnóireacht aonarach ordaíodh freisin nach mbeadh caomhnóireacht ag an athair ar chúinse ar bith, fiú dá bhfaigheadh an mháthair bás, agus i gcás amháin díobh ordaíodh nach mbeadh rochtain ar bith aige ar an duine óg atá sna déaga.

Bhí cúrsaí rochtana “faoi mar a comhaontaíodh” de ghnáth bíodh is nár ghá gur chiallaigh sé seo gur comhaontaíodh é roimh ré. Ní raibh an t-athair i láthair sa chúirt i roinnt cásanna a bhain le rochtain. Mhol an chúirt go dtiocfaidís ar chomhaontú faoi rochtain is go réiteodh an Chúirt Dúiche aon aighneas faoin scéal. Bhí chomhrochtain i gceist in dhá chás i dTrá Lí agus i gcás amháin i Luimneach.


Níor tháinig ceisteanna cothabhála chun cinn a mhinice is a bheifí ag súil leis. Níor tugadh aon ordú cothabhála i 10 gcinn de na cásanna i dTrá

Lí agus i 4 chás i Luimneach. Sna cásanna inar ordaíodh cothabháil nó ar thángthas ar chomhaontú faoi, bhí suimeanna ó idir €30-€50 don leanbh in aghaidh na seachtaine (9 gcás) go idir €50-€100 (4 chás) i gceist. Cuireadh trí chás ar aghaidh go dtí an Chúirt Dúiche agus íocadh cnapshuim in áit cothabhála in dhá chás eile. B'annamh a bhí cothabháil céile i gceist i gcomparáid le rudaí eile. Níor thángthas ar chomhaontú fúithi nó níor ordaíodh é ach i 5 gcinn de na 79 cás.

Áras an teaghlaigh: ag roinnt na sócmhainní

Is é áras an teaghlaigh an tsócmhainn is luachmhaire i gcás formhór na gcolscarthaí agus na n-idirscarthaí breithiúnacha. Bhí socrúithe éagsúla ann faoi céard a bhí le déanamh leis, agus má bhí leanáí cleithiúnacha ag an lánúin is dócha go raibh baint aige sin leis an scéal, bíodh is nach raibh sé sin soiléir ó na comhaid scríofa. Ar na

Figiúr 2 Áras an Teaghlaigh



Iomlán le tagairt don AT: 67

- Níor tugadh aon ordú
- AT agus morgáiste aistrithe chuig an mbean
- Teach ag gach duine acu
- Aistríodh chuig an mbean nuair a íocadh suim airgid
- Díolta agus an t-airgead roinnte
- Aistríodh chuig an bhfear nuair a íocadh suim airgid
- D'fhan an teach in ainmneacha na beirte

socrúithe sin tá – go gceannódh páirtí amháin leas an pháirtí eile, nó go n-aistreofaí áras an teaghlaigh ó pháirtí amháin go dtí an páirtí eile gan aon íocaíocht a bheith i gceist ach an páirtí sin a bheith ag íoc an mhorgáiste de gnáth, nó áras an teaghlaigh a dhíol agus fáltais an díolacháin a roinnt. Tharla sé i gcuid de na cásanna colscartha go raibh ceist an árais teaghlaigh réitithe cheana féin le linn an idirscartha bhreithiúnaigh agus bhí a n-ionaid chónaithe féin ag na páirtithe.

Bhí grúpa daoine ann freisin nach raibh áras teaghlaigh dá gcuid féin acu ach na lánúineacha ag cur fúthu i gcóiríocht an údaráis áitiúil nó i gcóiríocht phríobháideach ar cíos. Tharla sé uaireanta go raibh lánúin ag cur fúthu le gaolta, lena dtuismitheoirí céile de gnáth. Uaireanta bíonn a c(h)uid féin déanta ag duine muinteartha chun áras an teaghlaigh a cheannach agus tugtar aitheantas dá s(h)ainleas ann nuair a bhítear á dhiúscairt.

Ní mór sócmhainní substaintiúla a roinnt i gcásanna áirithe agus ní bhíonn in áras an

teaghlaigh ach ceann amháin acu. Is éard a tharlaíonn ina leithéid de chásanna go minic ná go bhfaigheann páirtí amháin áras an teaghlaigh is nach mbíonn ar an té sin an páirtí eile a chúiteamh as an leas a bhí aige nó aici ann ach go bhfaigheann an páirtí sin sócmhainní eile an teaghlaigh, tailte mar shampla, teach tábhairne, réadmhaoín ar cíos nó infheistíochtaí eile.

Tharla sé i 7 gcás i dTrá Lí agus i 6 chás i Luimneach gur aistríodh áras an teaghlaigh chuig an mbean agus nár íoc sí as leas a fir chéile ann. Is éard a tharla de ghnáth ná gur ghlac sí an morgáiste uirthi féin. Aistríodh úinéireacht an tí chuig an mbean i 4 chás i dTrá Lí agus i 5 chás i Luimneach trí leas an fhir chéile ann a cheannach. A mhalairt ar fad a tharla i gcás amháin i dTrá Lí agus i 4 chás i Luimneach.

Díoladh an teach agus roinneadh na fáltais go cothrom de ghnáth (bíodh is go raibh eisceachtaí ann) in dhá chás i dTrá Lí agus i 4 chás i Luimneach. Bhí a t(h)each féin ag an dá pháirtí i sé chás i dTrá Lí ach ní raibh an scéal amhlaidh ach i 4 chás i Luimneach. Níorbh ionann an scéal in 12 chás i Luimneach nuair nach raibh teach ar bith ag ceachtar den dá pháirtí, ach ní raibh an scéal amhlaidh ach i gcás 7 gcinn de na cásanna i dTrá Lí. Fágadh an teach ina gcomhainmneacha i gcás amháin i dTrá Lí agus i 3 chás i Luimneach. Bheadh cead ag páirtí amháin cónaí ann ar feadh tréimhse áirithe agus socraíodh sciar na bpáirtithe faoi seach.


Roinneadh sócmhainní airgeadais eile i 3 chás i dTrá Lí agus i 6 chás i Luimneach. Ní raibh cúrsaí pinsin ina gcnámh spairne ag ceachtar den dá ionad. Ní dhearnadh aon leithdháileadh suntasach ar phinsean i dTrá Lí agus níor leithdháileadh ach pinsean amháin i Luimneach. Rinneadh ordúithe ainmniúla um choigeartú pinsin i ndornán cásanna.

Cásanna conspóidte

Níor léir ó na comhaid cén fáth a ndeachaigh roinnt cásanna ar aghaidh go héisteacht iomlán agus cinneadh breithiúnach. Iarratais ar idirscaradh breithiúnach a bhí i 4 cinn de na 11 chás inar tharla sé sin agus iarratais ar cholscaradh ba ea na 7 gcinn eile. Is cosúil gurbh iad áras an teaghlaigh agus na leanaí na cúrsaí ba chonspóidí. I gcás amháin nuair nach ndearnadh ordú ar bith eile ach ordú faoi áras an teaghlaigh, leithdháil an Chúirt Chuarda €60,000 dá luach ar an bhfear céile. Rinne sé achomharc chun na hArd-Chúirte agus tugadh €65,000 dó.

D’ordaigh an chúirt i gcás conspóidte eile go

Figiúr 3 Leanaí: Rochtain



Iomlán: 32

- Comhaontaithe
- De réir sceidil
- Roinnte go cothrom
- Curtha faoi bhráid na Cúirte Dúiche
- Níor ceadaíodh rochtain
- Níor luadh

n-aistreofaí áras an teaghlaigh go hainm na mná amháin is níor ordaigh sí aon íocaíocht eile. Thug sí ordú freisin a chuir cearta comharbais an fhir ar ceal ach a d'fhág cearta na mná slán. Ní raibh aon chonspóid ann faoi ordú go mairfeadh na leanaí leis an mháthair.


Cuireadh cearta comharbais an fhir ar ceal i gcás eile ach fágadh cearta na mná slán. Níor tugadh aon ordú eile. Níor míníodh cúlra na gcásanna seo ach d'fhéadfadh sé go raibh tréigeadh i gceist agus nach ndearnadh aon íocaíocht chothabhála le roinnt blianta, agus go mba iarracht cúiteamh a dhéanamh leis an mbean a bhí sna horduithe maidir lena cearta comharbais.

Níor tugadh aon ordú i gcás ar bith eile (seachas na gnáth-orduithe foraitheanta agus cealú cearta comharbais) ach amháin ceann faoi dhíol áras an teaghlaigh nuair a socraíodh gurb é 15% leas an fhir ann. Rinneadh athchoigeartú ar leas na beirte sin in áras an teaghlaigh i gcás eile inar tugadh 60% don bhean agus 40% don fhear nuair a fuaireadar idirscaradh breithiúnach. Nuair a lorgaíodh colscaradh ba mhian leis an bhfear leas na mná san áras a cheannach agus socraíodh gurb ionann é sin agus €93,000.

Leanadh de na socruithe a bhí acu maidir leis an mbeirt leanaí agus leanbh an duine acu.

I gcás colscartha amháin ba leis an údarás áitiúil áras an teaghlaigh agus bhí orduithe urchoisc agus cosanta eisithe in aghaidh an fhir i gcaitheamh tréimhse fiche bliain. D'fhógair an

Figiúr 4 **Leanaí: Caomhnóireacht**



Iomlán: 32

- Caomhnóireacht, príomhionad cónaithe na máthar
- Caomhnóireacht ag an mháthair amháin
- Caomhnóireacht, príomhionad cónaithe an athar
- Caomhnóireacht, gan príomhionad cónaithe
- Cuid de na leanaí le gach tuismitheoir

chúirt nach raibh leas ar bith aige ann. Níor tugadh aon ordú eile. Bhain cás idirscartha bhreithiúnaigh le bean Éireannach a bhí pósta le


fear nárbh Éireannach é. Ba ghearr a mhair an pósadh agus ní raibh aon leanaí acu. Cuireadh na cearta comharbais ar ceal agus thug an chúirt ordú nach raibh aon teidlíocht fhrithpháirteach ann faoin Acht um Chaomhnú Áras an Teaghlaigh

Bhain trí chás conspóidte eile le leanaí. Bhain cás amháin le leanbh ocht mbliana d'aois ann nach ndeachaigh a (h)athair ar cuairt chuige/chuici ach dhá uair ó bhí deireadh leis an bpósadh sé bliana roimhe sin. Thug an chúirt caomhnóireacht aonarach don mháthair agus bhí rochtain le socrú eatarthu. Ní raibh aon áras teaghlaigh acu agus níor tugadh aon ordú airgeadais.

Tugadh ordú maidir le comhchaomhnóireacht i gcás eile nuair a rinneadh iarratas ar cholscaradh agus cuireadh ar ceal ordú na Cúirte Dúiche sa bhliain 2001 a thug caomhnóireacht aonarach don mháthair. Tugadh caomhnóireacht aonarach don mháthair i gcás iarratais ar cholscaradh inar mhaigh an mháthair gur thréig a fear chéile an teaghlach 13 bliana roimhe sin agus nach raibh aon chaidreamh aige leis na leanaí.

Is é an léargas a fhaighimid ó na cásanna go léir a éisteadh i gCúaird an Iardheiscirt ná go gcuirtear bailchríoch ar fhormhór mór na gcásanna idirscartha agus colscartha anseo trí chomhaontú idir an dá pháirtí, faoi mar a tharlaíonn i gCorcaigh agus i mBaile Átha Cliath, bíodh is go dtarlaíonn sé seo uaireanta tar éis dóibh dul chun cúirte cúpla uair agus cuid den fhianaise a bheith cloiste.

Figiúr 5 Pinsin agus sócmhainní eile



Líon iomlán na gcásanna: 79

- Gan ordú faoi pinsin nó sócmhainní eile
- Orduithe ainmniúla um choigeartú pinsean
- Diúscaíodh sócmhainní eile
- Níor bhain leis an gcás

Teipeann ar bhean cnapshuim eile a fháil i ndiaidh a colscartha

Theip ar iarracht iar-bhean chéile a chur ina luí ar bhreitheamh go raibh sé de cheart aici filleadh ar an gcúirt i gcomhair plaic eile toisc gur cuireadh droch-chomhairle dlí uirthi agus go raibh athrú tagtha ar a cúinsí.

Theip ar bhean ina hiarrachtaí i gCuardir an Iardheiscirt go n-íocfaí cnapshuim bhreise léi tar éis colscartha bunaithe ar chomhthoilíú a bheith deonta don dá pháirtí agus go ndearnadh riail na cúirte den toiliú sin sa bhliain 2002. Tharla sé seo i ndiaidh comhaontú idirscartha a rinneadh i 1988.

Fírící an Scéil

D’fhill an bhean chéile ar an gcúirt ní ba luaithe i mbliana ag éileamh cnapshuim bhreise ón mBreitheamh Terry O’Sullivan, agus í ag maíomh gur cuireadh comhairle mí-oiriúnach dhlí uirthi le linn an cholscartha agus go raibh athrú tagtha ar na cúinsí.

“Rinneadh an soláthar ceart,” arsa abhcóide an fhir chéile. “Thoiligh sí dó.

“Tá iarratas á dhéanamh anois ar ordú le haghaidh cnapshuime. Tá athrú tagtha ar na cúinsí ach is i m’fhabharsa go mór atá sé tagtha. Tá feabhas tagtha ar chúinsí Bhean Uí... ó am an cholscartha. Thug an chúirt treoir go n-iniúchfaí cuntais mo chliaint. Níor tugadh aon mhíniú cén fáth nár déileáladh leis an scéal seo ag am an cholscartha.”

Cuireadh an cás faoi bhráid cláraitheora an chontae chun lóisteálacha bainc agus sonraisc a scrúdú. Fuair sé amach nárbh ionann na lóisteálacha i rith na tréimhse a bhí i gceist agus na fáiltais uile a bhí ag gnó an fhir chéile.

“Níor iarradh air ach féachaint ar fhoinsé na lóisteálacha in dhá chuntas. Rinne sé níos mó ná sin,” arsa abhcóide an fhir chéile. Dúirt an Breitheamh O’Sullivan gur ghlac sé leis an bhfianaise faoi na lóisteálacha faoi mar a tugadh í.

Dúirt abhcóide an fhir gur iarr cláraitheoir an

chontae fianaise i scríbhinn óna bhean maidir le híocaíocht le haghaidh comhairleachta do leanaí an phósta. “Ba ar maidin inniu a fuairéamar admhálacha gan síniú a thug le fios gur fhreastail na leanaí ar an duine seo ar dhátaí nuair a bhí an mac i Meiriceá. Cúis inní dom é. Bíonn an té a thug na hadmhálacha i mbun ruda ar a dtugtar “Ki-esh”. Ní comhairleacht shíceolaíoch atá ann de réir mar a thuigimse í. Ar tharla sé ar chor ar bith? An chomhairleacht dháiríre atá ann? Tá an tUas... tar éis pósadh idir an dá linn, rud a d’fhéadfadh tionchar a bheith aige ar cibé orduithe a dhéanfar.”

D’aontaigh sé leis an mbreitheamh nuair a dúirt seisean: “Is é an argóint atá agat ná go ndaingníonn cinneadh an Bhreithimh Moran sa bhliain 2002 doras in aghaidh gach rud eile.”

Thug an fear céile fianaise gur scar an lánúin ó chéile i 1988. Díoladh an teach agus roinneadh na fáiltais go cothrom eatarthu agus fuairéadar £13,500 an duine. Bhí sochar leasa shóisialaigh á fháil aige agus d’oibrigh sé ina dhiaidh sin i Sasana ar feadh bliana nó mar sin.

Bhí na leanaí ag cur fúthu lena máthair i mbaile san Oirdheisceart agus ise “tar éis dul ag maireachtáil le fear eile”. Bhí na leanaí ag réiteach go maith leis agus iad ag tabhairt “dad” air agus ní fhaca sé féin go minic iad ina dhiaidh sin. Níor íoc sé aon airgead cothabhála ó 1988 go 1996. Bhí caidreamh aige leis an mbean a bhí pósta leis anois.

Rinne a chéad bhean iarratas ina dhiaidh sin chun íocaíochtaí cothabhála a fháil uaidh. Shocraigh an Chúirt Dúiche go n-íocfadh sé £20 in aghaidh na seachtaine do gach leanbh díobh agus méadaíodh é seo go £40 an duine i 1999. Athraíodh é seo go £50 don duine ba óige nuair nach raibh an duine ba shine cleithiúnach ar aon

‘Céard atá le déanamh ag breithiúna? Bheith in gcúistiúnaithe ar nós breithiúna na Fraince? Cé chomh domhain is atá an scrúdú a dhéanann an chúirt ar chúinsí toilithe?’

duine a thuilleadh. Is éard a bhí á thairiscint aige anois ná é seo a mhéadú go €100 sa mhéid go raibh a iníon ag freastal ar an gcoláiste. Bhí níos mó teagmhála aige leis na leanaí ó lár na 1990idí ar aghaidh.

Bhí a iarbhean chéile ag maireachtáil leis an bhfear eile seo ar feadh na mblianta agus bhí leanbh acu. Tháinig deireadh leis an gcaidreamh eatarthu ansin. Bhí sé pósta le duine eile nuair a fuair sé bás.

Bhí timpiste thionsclaíoch aige (an fear céile) sa bhliain 2002 inar chaill sé cuid mhaith de chumhacht a láimhe deise. Phós sé an bhean chéile atá aige anois bliain ó shin agus tá iníon 12 bliana acu. Dúirt sé gurbh fhiú €310,000 iad a sócmhainní go léir, an t-áras cónaithe san áireamh.

Nuair a fíafraíodh de ar tháinig athrú ar a chúinsí ó 2002 i leith, dúirt sé gur athraigh agus go raibh siad ní ba mheasa de thoradh na timpiste.

Nuair a d’fhiafraigh abhcóide a iarbhean chéile de an íoctaí rudaí ar airgead tirim ina ghnó, d’fhreagair sé go mbíodh cúrsaí amhlaidh nuair nach mbíodh seicleabhair ag roinnt daoine ach nach raibh an scéal amhlaidh anois.

D’admhaigh sé go ndearna na Coimisinéirí Ioncaim a ghnóthaí a iniúchadh i 1995 nó i 1996.

“B’éigean dúinn £1,100 a íoc thar thréimhse áirithe. Ní raibh an páipéarachas a bhí againn i gceart. Ní raibh na cuntais an-chuimsitheach ar chor ar bith.”

Nuair a cuireadh ceist air cé mhéid a chosain a charr Mercedes 2000 air dúirt sé nach raibh a fhios aige agus phléasc daoine amach ag gáirí sa chúirt.

Rialú na Cúirte

D’iarr an Breitheamh O’Sullivan ar abhcóide na mná comhairle a chur air faoin dlí a bhain le horduithe i leith cnapshuimeanna i ndiaidh colscartha. “Caithfidh mé díriú ar an toiliú a thug tú agus ar an ordú coiscthe. Bhí a fhios agat go raibh airgead ag teacht isteach sa ghnóthas. Ós rud é go bhfuil an toiliú seo tugtha ar chóir dom neamhshuim a dhéanamh den mhéid a mheasaim a bheadh ina sholáthar ceart?”

“Níl aon rud san Acht a chuirfeadh bac ort é sin a dhéanamh,” arsa a habhcóide.

“Ar chóir do chúirt, agus orduithe dlí teaghlaigh á dtabhairt aici, pionós a ghearradh ar dhuine de bharr droch-chinneadh a bheith déanta?” arsa an Breitheamh.

“Dúradh le Bean Uí ..., agus rinneadh pléadáil thréan faoin gceist, go raibh calaois déanta aici, agus dúradh léi go bhféadfaí í a chur i bpríosún de bharr na rudaí a bhí a mhaíomh aici chun colscaradh Sasanach a fháil. Tá finné againn faoi. Sílim gur chóir dúinn a mhíniú cén fáth nach ndearnamar iarratas sa bhliain 2002 agus tá a mhíniú sin againn.”

“Cás fíor-neamhghnách é an cás seo a bhfuil ceisteanna an-tábhachtacha ag baint leis,” arsa an Breitheamh. “Chun a cheart a thabhairt don Bhreitheamh Moran, bheadh sé le tuiscint aige go mba thoiliú a bhí ann. Céard atá le déanamh ag breithiúna? Bheith in gcúistiúnaithe ar nós

breithiúna na Fraince? Cé chomh domhain is atá an scrúdú a dhéanann an chúirt ar chúinsí toilithe? An gcuireann siad amach a gcuntasóirí féin? Ní féidir leat a rá go bhfuil iarratas nua coiscthe toisc go ndearna sé cinneadh faoi ar bhealach áirithe.”

Labhair abhcóide an fhir agus dúirt: “Bhí dornán beag de bhlianta maithe aige. Níor sháraigh sé ordú cúirte riamh. Réitíodh gach rud a tharla roimhe seo. Feictear dom gurbh é croí an cháis seo ná gur chóir pionós a ghearradh anois air de bharr ar tharla idir 1988 agus 1996.

“Chuaigh Bean Uí... sa tóir ar mo chliant gan trua gan taise dá laghad. Tarraingíodh síos tríd na figiúirí seo go léir muid ar thuras na seafóide is níor cruthaíodh aon rud. Ba mhór an leatrom ar mo chliant é. Cad as a dtiocfaidh an t-airgead? Níl de shócmhainn aige ach áras an teaghlaigh, a bhfuil a bhean chéile ina comhúinéir air. Tá leanbh eile aige. Is le Bean Uí... amháin a háras cónaithe. Bíonn sí ag obair go páirtaimseartha agus í ag tuilleamh €30,000 in aghaidh na bliana. I gcomhthéacs cúinsí an lae inniu tá sí níos gustalaí ná mo chliant. Níl sé ar a chumas aige airgead a fháil ach trí mhorgáiste a fháil ar a theach agus míbhuntáiste a tharraingt anuas ar a iníon.”

Bhíodh dara bean chéile an fhir ina leabharchoimeádaí ina ghnóthas agus thug sí fianaise faoi chúrsaí ann. Bhí fostaí amháin acu a d'oibrigh trí lá na seachtaine agus bhí brabach foriomlán de €40,000 acu.

Dúirt cara na hiar-mhná céile go raibh sé i láthair nuair a bhí imeachtaí colscartha ar siúl aici agus comhrá aici leis an aturnae a bhí aici ag an am, agus go ndúirt an té sin léi go bhféadfaí ionchúiseamh coiriúil a thionscnamh ina haghaidh toisc go bhfuair sí colscaradh Sasanach i 1992 agus gan na riachtanais chónaithe a bheith comhlíonta aici. Ba bhuille na tubaiste ar fad aici é seo.

Dúirt abhcóide an fhir chéile gur leag an Breitheamh Henry Abbot síos san Ard-Chúirt le déanaí go mba “catastróf” an tslat tomhais maidir le hathrú a dhéanamh ar ordú a rinneadh nuair a dámhadh colscaradh. Ní raibh aon chatastróf tagtha ar chúinsí a saoil.

Rialaigh an Breitheamh O’Sullivan in aghaidh iarratas na mná céile agus dúirt gur toilíodh don cholscaradh sa bhliain 2002. Díoladh áras an teaghlaigh faoi théarmaí an chomhaontaithe idirscartha i 1988. Gheall an tUas... go n-iocfadh sé cothabháil ach níor chomhlíon sé a ghealltanais. “Ba é mí-ádh an scéil nár tugadh tacaíocht do na leanaí go dtí 1996 nuair a d’íoc sé de bharr ordú cúirte.

Ba bheag tacaíocht mhothúchánach ná aon tacaíocht eile a bhí ag Bean Uí... ag an am seo. Is rud é seo a chuirfinn san áireamh de gnáth agus soláthar cuí á dhéanamh agam.

“Bhí a saol féin aici. Is é an fáth a raibh colscaradh ag teastáil uaithi i 1992 ná gur mhian léi a bás a thabhairt chun rialtacht. Dá mbeinn ag teacht chun na ceiste seo de novo bheinn ag smaoineamh ar orduithe um choigeartú airgeadais a dhéanamh i bhfabhar Bean Uí... .

“Tugadh le tuiscint dúinn gur chuir na comhairleoirí a bhí aici ag an am comhairle thubaisteach uirthi, agus go bhféadfaí pionós coiriúil a ghearradh uirthi. Tá an fhianaise go léir cloiste agam agus nílim sásta léi. Chaithfeadh sé gur tugadh í i Meán Fómhair 2001 nuair a combhadaíodh an chosaint agus an frithéileamh nach ndearna aon éileamh ar fhaoiseamh airgeadais. Táimse sásta nach raibh aon éigeantas míchothrom ann ag am na héisteachta. Bhí sé ar a cumas faoiseamh airgeadais a éileamh dá mba mhian léi é sin a dhéanamh agus ní dhearna sí é.

“Dá mbeinn chun mo ladhar a chur isteach sa scéal anois bheadh orm é sin a dhéanamh ar bhonn rud éigin a tharla ó shin. Má tá na cúinsí athraithe ar chor ar bith tá cúrsaí beagán níos fearr aici féin agus beagán níos measa ag a fear.

“D’fhulaing sé gortú. Tá dualgais air anois nach raibh air sa bhliain 2002. Níl aon chatastróf ann, faoi mar a dúirt an Breitheamh Abbott.”

“Tá athrú chun donais tagtha ar chúinsí mo chliant,” arsa a habhcóide. “B’éigean di morgáiste a fháil chun aisiocaíocht a dhéanamh ar an €100,000 a fuair sí ar iasacht óna deirfiúr chun í féin is a clann a chothú.

“Níl a deirfiúr ag cur brú uirthi é a thabhairt di ach tá an saol ag teacht crua uirthisín anois.”

“Dúradh linn sa bhliain 2005 go raibh €20,000 dlite dá deirfiúr uirthi,” arsa abhcóide an fhir.

“Tá a fhios agaibh go léir an cinneadh atá déanta agam,” arsa an Breitheamh O’Sullivan. “Féadfaidh mé rialú a thabhairt nach gcuirfidh cosc ar iarratas de bharr an mhorgáiste (ar theach na mná céile) más mian libh iarratas nua a dhéanamh. Ní haon ábhar áthais dom go gcuirfeá fiach amháin in áit féich eile. Ní raibh €20,000 dlite dá deirfiúr uirthi. Thógfadh sé argóintí tréana le háiteamh orm go raibh an morgáiste riachtanach.”

Cuireadh an chúirt ar atráth ar feadh tamall beag agus dúirt sé ansin go bhféadfaí iarratas nua a dhéanamh ach thug sé an rabhadh seo dóibh:

“Ní mór go mbeidh sé ina iarratas *de novo*. Gheobhaidh cibé duine a bhuafaidh an foriarratas seo a c(h)ostais ón taobh eile.

‘Gheobhaidh cibé duine a bhuafaidh an foriarratas seo a c(h)ostais ón taobh eile’

Teipeann ar fhear caingean a iarpháirtí faoi shócmhainní a chosc

Má mhaireann lánúin le chéile ar feadh 27 bliain agus má siad araon pósta de réir an dlí, bíodh is nach dá chéile atá siad pósta, cén stádas bunreachtúil atá ag caidreamh eatarthu má scarann siad ó chéile?

Déanann an tArd-Chúirt breithniú ar chás neamhghnách rí-thábhachtach

Theip ar fhear ina iarrachtaí san Ard-Chúirt os comhair an Bhreithimh Henry Abbott deireadh a chur le caingean a bhí á thionscnamh ag an bpáirtí a bhí aige le 27 bliain ar an mbunús go raibh siad geallta dá chéile. Bhí sise ag éileamh a sciar féin dá shócmhainní agus bhí seisean ag maíomh nach bhféadfadh aon ghealltanas a bheith déanta ar chor ar bith.

Fíricí an Scéil

Rinne an fear argóint go raibh siad araon pósta de réir an dlí le daoine eile i rith an ama a raibh siad ag maireachtáil le chéile, agus go raibh cosc ag Dlí agus Bunreacht na hÉireann orthu a bheith geallta dá chéile. Ar an ábhar sin ba chaingean shuaibhreasach chráiteach a bhí ar siúl aici agus ba chóir í a dhíbhe.

Dúirt abhcóide na mná go raibh an gealltanas dlíthiúil óir mhair siad le chéile ar feadh blianta fada agus bhí triúr leanaí acu. Bhí a n-ainmneacha araon le feiceáil ar ghníomhais réadmhaoine agus ar scaireanna. Nuair a d'éirigh eatarthu ba mhian leis an mbean na cúrsaí go léir a bhí gan réiteach idir í agus an tUas... a thabhairt chun rialtacha. Mhaígh sí go raibh ceart dlíthiúil aici do chuid de shócmhainní an chaidrimh agus go gcaithfí é sin thabhairt chun rialtacha freisin. Ar an ábhar sin bhí sí ag iarraidh ar an Ard-Chúirt a leas sna réadmhaoine sin a shocrú.

Ní raibh le déanamh ag a cliant, dar léi, ach bunús a dhearbhu dá caingean.

“Chuir Acht na bliana 1981 deireadh le sárú gealltanais,” ar sise, “agus ba é aidhm caingne mo chliant ná torthaí caidrimh mharthanaigh a réiteach.”

Rinne sí argóint lena chois sin go ndéanfaí dochar dá cliant mura nglacfadh an breitheamh lena héileamh, óir shéanfaí toimhdí áirithe uirthi a raibh foráil fúthu in Acht na bliana 1981 agus in Alt 44 den Acht um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh) 1996 ar nós foirceadail an réamhshocraithe.

Bhí an fear ag labhairt ar a shon féin agus dúirt gurbh í an difríocht ba mhó a bhí idir Éire agus Sasana ná go raibh Bunreacht ag Éirinn a leag béim faoi leith ar an teaghlach. Mhaígh sé ar an ábhar sin nach bhféadfadh an Breitheamh Abbott brath ar sheasamh cúirteanna Shasana maidir le cearta lánúineacha geallta óir nár ghá do dhearcadh cúirteanna na tíre a bheith srianta ag forálacha an Bhunreacht.

Shéan sé go tréan go raibh aon ghealltanas pósta ann riamh. “Tugann an tAcht um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh) cearta dóibh siúd atá geallta de réir an dlí. Ní bhfuair mé colscaradh riamh ó mo bhean. Níor thug mé fáinne riamh do Bhean Uí... . Ní raibh mé geallta riamh do Bhean Uí...,” ar seisean.

D’áitigh sé go raibh cinneadh déanta arís agus arís eile ar fhoras beartais phoiblí ag cúirteanna na Ríochta Aontaithe nach raibh fir phósta i dteideal a bheith geallta le mná nach raibh pósta, agus gur chóir éileamh Bhean Uí... ina aghaidh a dhíbhe ar bhonn den chineál sin.

Thagair sé don bhreithiúnas a thug an

‘Ní bhfuair mé colscaradh riamh ó mo bhean. Níor thug mé fáinne riamh le Bean Uí... . Ní raibh mé geallta riamh do Bhean Uí...’

Breitheamh Peter Kelly sa chás Ennis v Butterfly nuair a dúirt sé “ní féidir comhaontaithe atá bunaithe ar aontíos céileachais a fhorfheidhmiú”.

An rialú

Ábhar inní don Bhreitheamh Abbott ab ea go gcuirfeadh sé lainsis ar bhean chéile an fhir éileamh ceart a dhéanamh ar shócmhainní an phósta dá gceadódh sé éileamh na mná seo. D’aontaigh an tUas... leis go mba chás an-achrannach a bhí ann agus dúirt go mba fáth eile fós é sin gur chóir don Bhreitheamh an t-éileamh ina aghaidh a scrios amach. Ba gheall le déphósadh a chúlcheadú a héileamh a cheadú, dar leis, ar an ábhar nach bhféadfadh duine pósta a bheith geallta le duine eile agus é nó í fós pósta.

Mar fhocal scoir dúirt sé go raibh se de dhualgas ar an gcúirt an fhianaise go léir a mheas nuair a bhí breith le tabhairt an raibh cúis caingne ag páirtí nó nach raibh, ach sa chás seo ní fhéadfaí comhaontú pósta a fhorfheidhmiú de réir dhlí na hÉireann nuair a bhí an bheirt acu pósta cheana féin.

D’fhorchoimeád an Breitheamh Abbott a bhreithiúnas agus dúirt: “Bíonn líomhaintí nach féidir a cheadú in beagnach gach caingean. Ní mór don chúirt a chinntiú cad iad na líomhaintí ar féidir a cheadú don chuid is mó. Tá ceist eile le réiteach sa chás seo maidir le ceart na cúirte leanúint ar aghaidh gan aitheantas ceart a

tabhairt do bhean chéile an Uas. ... faoi láthair de réir an dlí óir tá a ceartasan níos airde ná aon dlí daonna agus tagann siad rompu.

Dúirt sé freisin gur chóir go dhéanfadh na rudaí ní ba phragmataí agus ní b’fhónatíche a chuirtear san áireamh in ailt 41.2.1 agus 2 maolú éigin ar na ráitis ardphearsabail in Alt 41.1 an Bhunreacht. Bhí sé sásta ar an ábhar sin cinneadh a dhéanamh go mb’fhéidir nach gcuirfeadh na prionsabail a leag an Breitheamh Kelly síos in Ennis v Butterfly cosc ar Ms... cás a chur ar bun in aghaidh an Uas....

Bhí Ms... ag súil a socrúithe leis an Uas... maidir le réadmhaoin a thabhairt chun rialtacha agus bheadh ar an gcúirt leas na leanaí a chur san áireamh.

Chuaigh an Breitheamh i muinín chinneadh na Cúirte Uachtaraí sa chás *Supermacs Ireland Limited agus Patrick McDonagh (Gearánaithe) agus Katesan (Nás) Teoranta agus Patrick Sweeney (Cosantóirí)* chun argóint an Uas... a bhréagnú go mba éileamh suaibhreasach cráiteach a bhí ag an mbean agus gur chóir é a dhíbhe.

Rialaigh sé: “Ní shásaíonn sé [An tUas. ...] an dualgas cruthúnais chun an ceart a chruthú gur chóir an cás a dhíbhe ar bhonn mí-úsáid próise agus é sin i gcomhthéacs comhstair ghiniúna [na lánúine] agus na gníomhaíochtaí a bhaineann lena leithéid.”

Déanfaidh an Breitheamh Abbott cinneadh faoin gcás amach anseo.

D'fhéadfaí níos mó conspóidí a chur chun eadrána

Bhain suas le 1,500 lánúin leas as an tSeirbhís Eadrána Teaghlaigh sa bhliain 2006 chun a gconspóidí a réiteach i gcomparáid leis na 27,000 a chuaigh chun na Cúirte Dúiche agus na Cúirte Cuarda. Thug **Karen Erwin**, Uachtarán Institiúid Eadránaithe na hÉireann, cuntas ar bhearta a chuirfeadh le húsáid na seirbhíse i gcásanna dlí teaghlaigh.

Is éascaíonn tríú páirtí neamhchlaonta neamhspleách caidreamh agus idirbheartaíocht idir páirtithe i ndíospóid agus cuireann cinní deonacha chun cinn chun cabhrú leo teacht ar réiteach a shásóidh iad go léir. Is féidir le páirtithe in aon díospóid nó in aon choimhlint leas a bhaint as seirbhís eadrána bíodh is go mbíodh an úsáid ba mhó á bhaint aisti go dtí seo ag teaghlaigh a bhí ag scaradh ó chéile ag iarraidh colscaradh a fháil.

Tairbhe na headrána

Roghnaíonn na páirtithe i gcásanna teaghlaigh seirbhís eadrána seachas dul i mbun dlíthíochta toise nach bhfuil sí chomh scanraitheach agus bíonn smacht acu ar an bpróiseas agus ar an toradh. Is féidir leis na páirtithe teacht ar chomhaontuithe, le cabhair an eadránaí neodraigh, a bheidh curtha in oiriúint acu féin dá gcúinsí féin agus do chúinsí a glann. Ní féidir le dlíthíocht an tsolúbthacht seo a chur ar fháil. Tá an próiseas seo níos tapúla agus níos saoire ná dul chun cúirte.

Is féidir leas gach duine den teaghlach a bhaint amach go cothrom trí mheán na headrána. Is féidir leis na páirtithe a bheith ag pleanáil faoin saol atá rompu agus iad ag teacht ar réiteach, agus cuireann sé seo ar chumas baill an

fhorbairt in aonad teaghlaigh atheagraithe. Cuireann an tseirbhís eadrána ar chumas na dtuismitheoirí, agus na leanaí más oiriúnach sin, a gcuid féin a rá agus teacht ar chomhaontú faoin mbealach a d'fhéadfadh na leanaí a saol a chaitheamh agus caidreamh dáiríre a bheith acu lena mbeirt tuismitheoirí. Is féidir leis na tuismitheoirí teacht ar chomhaontuithe maidir lena socruithe maireachtála chun an caidreamh sin a éascú.

Is é fíorbhuntaíste na headrána ná go spreagann sé na páirtithe le comhoibriú le chéile ar mhaithe lena leas féin agus le leas a glann.

Cuireann sé seo ar a gcumas dul i ngleic leis an saol atá amach rompu agus an caidreamh a bheidh eatarthu agus cuidíonn sé leo bogadh ar aghaidh níos tapúla ná mar a dhéanfaidís dá rachaidís chun cúirte. Ní bhíonn sé leath chomh corraitheach do na páirtithe go léir ná an scéal a réiteach trí bhíthin na dlíthíochta.

Feasacht na headrána

Is cosúil nach léir do na páirtithe ná dá gcomhairleoirí go bhfuil seirbhísí eadrána ar fáil ná na buntáistí a bhaineann leo i gcomparáid le dlíthíocht. Is iad na haturnaetha an dream is fearr chun an t-eolas seo a scaipeadh óir is chucu siúd a théann lánúineacha ar dtús nuair is mian leo

'Is féidir leas gach duine den teaghlach a bhaint amach go cothrom trí mheán na headrána'

scaradh óna chéile.

Bíodh is go bhfuil sé de dhualgas reachtúil orthu seirbhís eadrána a mholadh do na lánúineacha seo, níl taithí ag a lán acu ar an bpróiseas ná ar na buntáistí a d'fhéadfadh a bheith léi. D'fhéadfadh sé tarlú fiú go gceapann siad go bhfuil an tseirbhís in iomaíocht leo.

B'fhéidir nach dtuigeann siad go bhféadfadh siad leanúint ar aghaidh ag cur comhairle ar a gcliaint faoina gcearta sula dtosaíonn cúrsaí eadrána agus lena linn. Molann na headránaithe go tréan go bhfaigheadh na páirtithe comhairle óna n-aturnaetha sula dtosaítear an eadráin agus comhairle a fháil maidir le ceisteanna dlíthúlachata an chomhaontaithe sula sínítear é.

Ní mór feachtas a chur ar bun chun an pobal a chur ar an eolas go bhfuil seirbhísí eadrána ar fáil, agus a insint dóibh céard atá ann, an chaoi a bhfeidhmíonn sí agus an fáth gur fearr mar rogha é ná dul i muinín na dlíthíochta.

Ceann de bhunphrionsabail na headrána is ea

gur próiseas deonach atá inti agus is uaidh sin a thagann mórchuid dá héifeacht. Molann tráchtairí áirithe go mbeadh seirbhís eadrána éigeantach ach mheasann formhór na saineolaithe eadrána nach mbeadh sé sin feiliúnach agus go bhféadfadh sé a bheith fritorthúil.

Rogha amháin chun úsáid na headrána a chur chun cinn is ea é a bheith riachtanach dul go seisiún éigeantach faisnéise.

Is iomaí leagan amach a d'fhéadfadh a bheith ar a leithéid de sheisiún, lena n-áirítear, ceann a stiúrfadh an t-eadránaí féin dá mba mhian leis na páirtithe leanúint ar aghaidh leis.

Muinín san eadránaí

Tá sé ríthábhachtach go mbeadh na cáilíochtaí cuí ag na headránaithe agus ardchaighdeán oiliúna orthu; go gcuirfí forbairt leanúnach gairme ar fáil dóibh; agus go rialófaí a gcleachtas gairmiúil i

gceart. Aithníonn Institiúid Eadránaithe na hÉireann a thábhachtaí is atá sé go mbeadh lánmhuinín ag an bpobal agus ag gairmithe as caighdeáin ghairmiúla a gcuid eadránaithe. Tá athbhreithniú díreach críochnaithe aici ar na riachtanais oiliúna agus measúnaithe atá acu mar aon le rialacha faoi riachtanais leanúnacha cleachtais, lena n-áirítear cloí le Cód Eitice. Tá nósanna imeachta athbhreithnithe curtha ar bun aici maidir le cúrsaí gearáin, achomhairc agus smachtaithe.

Creideann an Institiúid go bhfuil caighdeáin idirnáisiúnta bainte amach ag a headránaithe creidiúnaithe agus gur féidir muinín a chur iontu. Is féidir eadránaithe teaghlaigh a fháil go príobháideach nó tríd an tSeirbhís Idirghabhála Teaghlaigh. Níl aon táille le híoc i gcás eadránaithe a fhaigheann maoiniú poiblí ach d'fhéadfadh liostaí feithimh a bheith ann in áiteanna. Is féidir fáil amach faoi eadránaithe príobháideacha go héasca ar láithreán gréasáin na hInstitiúide (www.themii.ie) agus is féidir leis na páirtithe nó a gcomhairleoirí faisnéis phroifisiúnta a rochtain fúthu le cabhrú leo rogha a dhéanamh.

Níl aon fhaisnéis ar fáil faoi na táillí de bharr fhorálacha an dlí iomaíochta ach bíonn sé bunaithe ar ráta in aghaidh na huairde de ghnáth.

Is é nós na Seirbhíse Eadrána Teaghlaigh cúpla seisiún aon uaire a chaitheamh i mbun eadrána leis na páirtithe. Braithfidh sé seo ar an eadránaí, ar na páirtithe féin agus na ceisteanna atá le réiteach más eadráin phríobháideach atá i gceist.

Ba chóir maoiniú breise poiblí a chur ar fáil chun breis eadránaithe a fhóstu.

Rúndacht

Bunphrionsabal na headrána is ea an rúndacht, agus má tá muinín le bheith ag na páirtithe as an bpróiseas ní mór dóibh a bheith sásta go gcoinneoidh na headránaithe gach faisnéis faoi rún fiú má theipeann ar an eadráin agus má thagann an cas os comhair na cúirte.

Ba chóir go mbeadh cosaint reachtúil ann don rúndacht i gcás idirbhearta eadrána. Ní mór a thabhairt faoi ndeara go ndéantar eisceacht den rúndacht seo má thagann sé chun solais le linn an phróisis go bhfuil leanbh i mbaol.

Forfheidhmiú

Is minic a bhíonn infhorfheidhmitheacht na socrúithe a dhéantar le linn eadrána ina ábhar

imní ag aturnaetha agus ag a gcliaint.

Féadann comhaontú a dhéantar le linn eadrána a bheith ina cheangal ar na páirtithe faoi láthair ach braitheann sé sin ar an gcomhaontú a dhéantar.

Bíonn comhaontú idirscartha ag teastáil ó pháirtithe áirithe mar bhunús chun colscaradh a iarraidh. Níl ó lánúineacha eile ach pleananna tuismitheoireachta a scríobh síos chun go mbainfidh siad leas astu.

Is féidir aon socrú a dhéantar de bharr imeachtaí teaghlaigh a leasú ar rogha na gcúirteanna, agus ar an ábhar sin ba cheart go mbeadh foráil in aon chomhaontú a dhéantar de bharr eadrána teaghlaigh go mbeadh sé de cheangal ar na páirtithe dá mba mhian leo é sin. Níor mhór comhairle faoina gcearta a bheith faighte ag na páirtithe óna n-urnaetha chun an chúirt a shásamh nó bheadh orthu a dhearbhu go raibh an deis sin acu ach gur dhiúltaigh siad dó.

Chuirfí dlús le an bpróiseas forfheidhmithe dá mbeadh foráil reachtúil ann a thabharfadh aitheantas d'infhorfheidhmitheacht comhaontaithe eadrána. Ní mór do na páirtithe faoi láthair dul i muinín caingne i leith sárú conartha.

Conclúid

Is í bealach na headrána an bealach is fearr chun díospóidí teaghlaigh a réiteach toisc nach bhfuil cur chuige sáraíochta i gceist agus go ndíríonn sé ar an am atá le teacht agus ar leas gach baill den teaghlach, agus toisc go mbíonn smacht ag na páirtithe ar an díospóid.

Tá na bearta seo a leanas riachtanach chun go mbainfear leas níos mó as seirbhísí eadrána:

- ní mór ardchaighdeán oiliúna a bheith ag na headránaithe agus iad rialaithe ag eagraíocht ghairmiúil mar Institiúid Eadránaithe na hÉireann;
- ba chóir feachtas spreagtha feasachta maidir le headráin a chur ar fáil d'urnaetha agus don phobal;
- ba chóir gur rud deonach é dul chun eadrána agus ba chóir é sin agus forálacha ag gealladh rúndachta a bheith scríofa sa reachtaíocht;
- ba chóir do na cúirteanna aitheantas a thabhairt do na socrúithe a dhéantar le linn eadrána teaghlaigh agus ba chóir go bhféadfaí iad a fhorfheidhmiú go díreach.

‘Roghnaíonn na páirtithe seirbhís eadrána toisc nach bhfuil sí chomh scanraitheach agus bíonn smacht acu ar an bpróiseas agus ar an toradh’



An tSeirbhís Chúirteanna
Teach an Fhionnuisce
15-24 Sráid an Fhionnuisce Thuaidh
Margadh na Feirme
Baile Átha Cliath 7
www.courts.ie